# Phlean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail Dhún na nGall 2016 - 2022

Aguisín 2

Rannpháirtíocht; Athbhreithniú ar Chomhthéacs an Bheartais; Príomhchláir Mhaoinithe

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# Clár na nÁbhar


**Caibidil 1: Réamhrá. 1**

**Caibidil 2: Torthaí an Phróisis Rannpháirtíochta. 2**

**Caibidil 3: Athbhreithniú ar an Straitéis agus ar Chomhthéacs an Bheartais 15**

**Caibidil 4: Próifíl Achoimre ar na Príomhbheartais & Chláir Mhaoinithe 65**


**Fíoracha:**


| | |
|---|---|
| Fíor 1: | Amlíne do Rannpháirtíocht. |
| Fíor 2: | Na Príomhláidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí de bharr aighneachtaí poiblí. |
| Fíor 3: | Dátaí chruinnithe an PÁEP, CFE agus CPS Beartais Pleanála, Fiontair agus Eacnamaíochta. |
| Fíor 4: | Aschur Fhóram Turasóireachta L.L.D.B. |
| Fíor 5: | Na Réimsí Tosaíochta atá ainmnithe ag na Gníomhaireachtaí Eacnamaíochta sa Chontae. |
| Fíor 6: | Torthaí Seisiúin Comhairliúcháin na hEarnála Gnó. |
| Fíor 7: | Scóip na Straitéisí agus Beartas Athbhreithnithe. |


**Aguisíní:**


| | |
|---|---|
| Aguisín 1: | Na hÚdaráis Phoiblí agus gníomhaireachtaí atá maoinithe go poiblí agus atá ag feidhmiú i gContae Dhún na nGall. |
| Aguisín 2: | Ionadaíocht an CFPÁ, an Choiste Forbartha Eacnamaíochta agus an CPS um Phleanáil Beartas Pleanála, Fiontair & Eacnamaíochta |
| Aguisín 3: | Ballraíocht an BUS Leathnaithe. |
| Aguisín 4: | Ionadaíocht an Nasc-Ghrúpa maidir le hUilechuimsitheacht Shóisialta. |
| Aguisín 5: | Ionadaíocht an Nasc-Ghrúpa maidir le hUilechuimsitheacht Shóisialta. |
| Aguisín 6: | An tOrdlathas Lonnaíochta Uirbí do Chontae Dhún na nGall. |
| Aguisín 7: | Na Toisí Spáis d'Ionaid Forbartha/Moil. |
| Aguisín 8: | Acmhainní Nádúrtha Eischósta na hÉireann – An Fíorléarscáil d'Éirinn. |
| Aguisín 9: | An Plean Náisiúnta Leathanbhanda – Léarscáil Ceantar Idirghabhála Stáit i gContae Dhún na nGall. |

# Caibidil 1 - Réamhrá

Tá an cháipéis seo, i gcomhar le hAguisín 1 den PÁEP (Phlean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail) ('Próifíl an Chontae') ina chuid den bhonn fianaise a cuireadh in iúl agus a mhúnlaigh an fhorbairt a rinneadh ar Phlean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail Dhún na nGall. Is iad na gnéithe faisnéise ar leith seo a leanas atá bailithe agus taifeadta sa cháipéis 'Aguisín 2':

1. Torthaí rannpháirtíochta a chuireann an cur chuige áitiúil ón 'mbonn aníos' ar fáil i dtaobh taithí i measc an phobail;
2. Athbhreithniú ar na beartais agus ar na straitéisí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla trína ndéanfar an plean a chur i bhfeidhm agus;
3. Próifíl na bpríomhchlár maoinithe agus beartais

Is iad feidhmeanna na faisnéise a fhaightear thíos i gcomhar le 'Próifíl an Chontae' a fhaightear in Aguisín 1 den Phlean, an bonn fianaise ónarbh as a ceapadh 7 bPríomhsprioc PÁEP Dhún na nGall, i gcomhar leis na Cuspóirí agus leis na Gníomhartha. Beidh tábhacht leis an mbonn fianaise i dtaca le cur i bhfeidhm, monatóireacht, measúnacht agus athbhreithniú creata a fhorbairt a thuilleadh.

Tá 'Ráiteas Socheacnamaíoch' ar fáil in Imleabhar 1 den PÁEP, ráiteas maidir leis na príomhtheachtaireachtaí a eascraíonn as an mbonn fianaise atá leagtha síos sa cháipéis seo agus in Aguisín 1.

## Spriocanna Tosaíochta PÁEP Dhún na nGall

1. Dún na nGall a fhorbairt mar **Áit Nasctha.**
2. Leas a bhaint as **Caipiteal Nádúrtha agus Daonna** Dhún na nGall.
3. Ár n-acmhainn **Chultúir agus Chruthaitheachta** a Chothú, a Fhorbairt agus Tairbhe a bhaint as.
4. **Pobail atá** Inbhuanaithe, Uilechuimsitheach agus Folláin **a Chur Chun Cinn**.
5. **Dún na nGall a Fhorbairt mar** Réigiún Ceannasach i réimsí na Foghlama, an Taighde agus na Nuálaíochta**.**
6. **Branda Dhún na nGall** a fhorbairt.
7. **Fiontraíocht, Infheistíocht agus Fiontar** a chur chun cinn.

# Caibidil 2 - Torthaí an Phróisis Rannpháirtíochta


**2.1 Cúlra**

Agus an plean seo á chur i dtoll a chéile, tá an tús áite a tugadh do rannpháirtíocht agus do ghníomhaíocht ar cheann de na príomhluachanna a chuireann taca faoi ullmhú an Phlean Pobail Áitiúil agus Eacnamaíochta. Mar thoradh, glacadh le próiseas rannpháirtíochta forleathan inar cruthaíodh na bunchlocha a chumasaigh na páirtithe leasmhara ar fad sa Chontae plean comhpháirtíochta a ullmhú. Forbraíodh trí phríomhbhealach rannpháirtíochta trí (i) Chomhairliúchán leis an bpobal i gcoitinne agus le comhairleoirí reachtúla; (ii) Ionchur ón gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil, ón gCoiste Forbartha Eacnamaíochta agus ón gCoiste Pleanála Straitéiseach um Phleanáil Forbartha, Cultúir agus Pobail agus; (iii) Ionchur ó shraith Ghrúpaí Fócais Earnála. Leagtar síos an amlíne rannpháirtíochta i bhFíor 1.

Leagtar amach ar na leathanaigh a leanas taifead ar gach saghas rannpháirtíochta agus na torthaí a bhain leo. Go ginearálta, rinneadh rannpháirtíocht a éascú trí anailís a dhéanamh ar na treochtaí, trí fhaisnéis a roinnt, na príomhshaincheisteanna agus riachtanais a phlé agus trí na deiseanna a ainmniú. De thoradh na gcainteanna sin, cuireadh eolas ar fáil i dtaca le gníomhartha, cuspóirí agus spriocanna an PÁEP a bhí fós le sárú, scaipeadh an t-eolas ar na páirtithe leasmhara ar fad ag deireadh mhí an Mhárta 2015, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar. Tar éis an t-aiseolas a bhreithniú i dtaobh na ngníomhartha, cuspóirí agus na spriocanna a bhí fós le sárú, rinne an CFPÁ agus an CFE Spriocanna agus Cuspóirí Ardleibhéil an Phlean a chomhaontú faoi réir mionleasú breise ar ghníomhartha an phlean.

**Fíor 1: Amlíne le haghaidh Rannpháirtíochta**

**2.2 Comhairliúchán leis an bPobal agus le hÚdaráis Reachtúla**



Tionscnaíodh 'próiseas comhairliúcháin phoiblí' an 11 Lúnasa 2014, trí fhógra sna nuachtáin áitiúla agus ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Dhún na nGall, ag tabhairt cuireadh don phobal a gcuid tuairimí nó aighneachtaí i leith ullmhú an phlean a chur in iúl i scríbhinn. Fuarthas 100 aighneacht ina iomláine, ina raibh teaglaim d'aighneachtaí aonair scríofa agus roinnt eile aighneachtaí a bhí comhlánaithe trí cheistneoir ar líne. Rinneadh tuarascáil i dtaobh an phróisis comhairliúcháin a ullmhú ag an tráth sin, agus tá fáil ar an tuarascáil sin ag www.donegal.ie.

I bhFíor 2 tarraingítear aníos na Príomhláidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí a eascraíonn as na haighneachtaí poiblí. Bhí na haighneachtaí dírithe ar dheiseanna agus ar réitigh agus tháinig roinnt earnálacha agus réimsí ar leith a bhí ainmnithe mar réimsí fáis agus acmhainne chun cinn mar a leanas:

- Turasóireacht agus Slí an Atlantaigh Fhiáin.
- An Acmhainn Mhara.
- Talmhaíocht.
- An Geilleagar Glas.
- An Geilleagar Cruthaitheach.
- Oideachas, foghlaim agus oiliúint.
- Acmhainn an phobail agus na hearnála deonaí a fhorbairt.
- Sláinte agus folláine.
- Cuir chuige comhoibríocha agus comhpháirtíochta.

**Fíor 2 Na Príomhláidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí a eascraíonn as na hAighneachtaí Poiblí.**

| **LÁIDREACHTAÍ** | **LAIGÍ** |
|---|---|
| - Saibhreas sócmhainní an chontae ó thaobh cúrsaí turasóireachta go mór mhór, amhail tírdhreach, timpeallacht nádúrtha, oidhreacht, cultúr, geolaíocht, seandálaíocht, oidhreacht tógtha, fiadhúlra, bithéagsúlacht, suáilceas mhuintir Dhún na nGall, canúint Dhún na nGall, traidisiún iascaireachta, réimse na saoráidí cultúrtha reatha.<br>- An caighdeán saoil a thairgtear.<br>- An bonn geilleagrach reatha.<br>- Gaeltacht Dhún na nGall.<br>- Cóngaracht go Doire.<br>- Láidreachtaí roinnt de na bailte dá dtagraítear lena n-áirítear Bealach Féich, Srath an Urláir, Bun Dobhráin, Na Cealla Beaga, Baile Dhún na nGall, Ard an Rátha.<br>- Scóip na hearnála pobail agus deonaí.<br>- Bunaithe.<br>- Acmhainn phobail agus taithí shuntasach bunaithe.<br>- Nádúr ilchultúir an chontae.<br>- 'Éire Shláintiúil' atá cumhdaithe cheana féin trí bheartas náisiúnta.<br>- Straitéis Slí an Atlantaigh Fhiáin. | - Easpa fostaíochta & ráta ard dífhostaíochta i measc na n-óg.<br>- Easpa gréasáin raoin rothair ardchaighdeáin.<br>- Easpa córais iompair tuaithe chuí.<br>- Easpa rochtana poiblí chuig áiteanna díol spéise.<br>- Easpa bonneagair mara.<br>- Easpa bonneagair turasóireachta amhail boird faisnéise, comharthaíocht, ceantair phicnice, leataobhanna.<br>- Easpa tacaíochta airgeadais d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SME).<br>- Acmhainn laghdaithe in eagraíochtaí pobail.<br>- Easpa oiliúna i bhfiontair shóisialta.<br>- Easpa foinse maoinithe leanúnaí i leith na hearnála deonaí agus pobail.<br>- Easpa spásanna fisiciúla cuí do sheirbhísí agus do ghníomhaíochtaí ar fud na n-earnálacha.<br>- Suíomh tíreolaíoch san Iarthuaisceart.<br>- Easpa branda chuí.<br>- Córais uisce agus dramhuisce uireasacha.<br>- Easpa smachta ar roinnt cinntitheach seachtrach. |
| **DEISEANNA** | **BAGAIRTÍ** |
| - Tá na hearnálacha turasóireachta, mara agus talmhaíochta ina n-earnálacha tábhachta a | - Ag brath ar an earnáil dheonach agus phobail, ar oibrithe deonacha go mór mhór chun teagmháil a |

| | |
|---|---|
| sholáthraíonn deiseanna maithe.<br>- Geilleagar glas an Chontae a fhorbairt a thuilleadh.<br>- Geilleagar cruthaitheach an Chontae a fhorbairt a thuilleadh.<br>- An turasóireacht a fhás a thuilleadh sa Chontae, go háirithe sna réimsí a leanas: Oidhreacht, cultúr, siúl, rothaíocht, an Ghaeilge, slatiascaireacht, iascach, mara, athfhorás na mbailte.<br>- Dún na nGall a chur chun cinn mar 'Dhún na nGall Sláintiúil'.<br>- An tsláinte a fheabhsú trí shiúl agus rothaíocht.<br>- Go mbeidh Dún na nGall ina eiseamláir don timpeallacht nádúrtha.<br>- Deiseanna chun forbairt bhreise a dhéanamh ar chumas roinnt láithreacha ar leith lena n-áirítear na Cealla Beaga agus Cionn Mhálanna.<br>- Tuilleadh deiseanna chun oibriú i gcomhpháirtíochtaí agus comhoibriú ar fud na n-earnálacha.<br>- Réitigh chruthaitheacha i leith cúrsaí dramhaíola a chur ar fáil.<br>- Daoine a chumasú trí oiliúint agus deiseanna foghlamtha breise.<br>- Úsáid dhearfach a bhaint as foirgnimh fholmha.<br>- Gníomhaireacht Fuinnimh Dhún na nGall a bhunú.<br>- Tobhach forbartha pobail a ghearradh ar thograí feirme gaoithe.<br>- Cultúr agus oidhreacht nua dhaonra ilchultúir an Chontae a fhoghlaim. | dhéanamh le grúpaí ar an imeall.<br>- Easpa rogha malairte do chultúr an óil atá ag baint an bonn de chuspóirí an PÁEP, e.g. Branda agus Turasóireacht Dhún na nGall.<br>- Inbhuanaitheacht na n-eagraíochtaí pobail.<br>- Ní bhaintear leas as an oidhreacht ar bhealach cuí.<br>- Seirbhísí agus saoráidí atá beartaithe a dhúnadh, amhail Stáisiúin an Gharda Síochána.<br>- An bhagairt a dhéanann feirmeacha gaoithe ar chúrsaí sláinte, tírdhreacha agus timpeallachta nádúrtha.<br>- An iomarca forbartha ar an tírdhreach.<br>- Líon teoranta fostóirí sa gceantar agus na leibhéil fhostaíochta leochaileach dá bhrí sin.<br>- Tionchar an eisimirce/an óige ag tréigean an cheantair.<br>- Tionchar Uisce Éireann ar bhonneagar dramhaíola, uisce agus ar chláir bheartaithe an Chontae.<br>- Tionchar cánach agus táillí ar na SME. |

In Aguisín 1 den cháipéis seo, ainmnítear na húdaráis phoiblí agus na gníomhaireachtaí a mhaoinítear go poiblí agus atá ag feidhmiú i ndáil le forbairt eacnamaíochta agus phobail i gContae Dhún na nGall. Tugadh fógra do gach gníomhaireacht a ainmnítear, chun próiseas a leagan síos i dtaca le plean a ullmhú agus ag lorg a rannpháirtíochta sa phróiseas. Tar éis an fógra seo a eisiúint, fuarthas ionchur na gcomhairleoirí reachtúla ó na ceardlanna grúpaí fócais go príomha agus tá an t-ionchur sin comhtháite i dtaifead na gceardlanna sin.

**2.3 Cruinnithe agus Ionchur an CFPÁ, CFE agus an CPS**

Bhí Coiste Forbartha Eacnamaíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall agus an CFPÁ i gceannas ar ullmhú an PÁEP. Rinne Comhairle Contae Dhún na nGall cinneadh glacadh leis an bplean críochnaitheach ag a gcruinniú an 25 Eanáir 2016. Rinne na Coistí éagsúla, trína n-ionadaíocht ar fud na n-earnálacha, teagmháil ag céim thosaigh na rannpháirtíochta leis na grúpaí pobail agus leis na heagraíochtaí atá ríthábhachtach do chúrsaí eacnamaíochta agus pobail an Chontae. Ag tógáil san áireamh nádúr comhtháite an Phlean, reáchtáil an CFPÁ agus an CFE cruinnithe chun an PÁEP a phlé agus a bhreithniú. Rinne an CPS um Beartas Pleanála, Fiontair & Eacnamaíochta breithniú leanúnach ar ullmhú an PÁEP agus thacaigh le moltaí an CFE agus an CFPÁ i dtaobh na gcuspóirí ardleibhéil a dhearbhú. Tá na dátaí inar reáchtáladh cruinnithe an CFE agus an CFPÁ, chomh maith le nóta i dtaca le staid an phróisis ina ndearnadh breithniú ina leith ag gach cruinniú leagtha síos i bhFíor 3. In Aguisín 2 den cháipéis seo, leagtar síos ionadaíocht an CFPÁ, an Coiste Forbartha Eacnamaíochta agus an CPS um Beartas Pleanála, Fiontair & Eacnamaíochta .

**FÍOR 3: Dátaí agus Nótaí chruinnithe an CFPÁ, an CFE agus an CPS um Beartas Pleanála, Fiontair & Eacnamaíochta**

| Cruinnithe an CFPÁ agus an CFE | |
|---|---|
| 1 Deireadh Fómhair 2014 | Léargas ar an reachtaíocht, cuspóir, próiseas agus comhthéacs. |
| 11 Samhain 2014 | Cur síos ar an bpróifíl shocheacnamaíoch (Dáta & comhthéacs an bheartais).<br>Nuashonrú ar an bpróiseas rannpháirtíochta.<br>Léargas ar na spriocanna atá ag teacht chun cinn agus samplaí de na cuspóirí ardleibhéil a eascraíonn as na spriocanna. |
| 2 Feabhra 2015 | Nuashonrú ar an bpróiseas rannpháirtíochta a glacadh ar láimh.<br>Léargas ar na spriocanna atá ag teacht chun cinn.<br>Léargas ar an modheolaíocht chun na cuspóirí agus na gníomhartha a fhorbairt as an eolas a bailíodh. |
| 31 Márta 2015 | Scaipeadh agus cur i láthair dhréacht oibre cuimsitheach i dtaobh spriocanna atá ag teacht chun cinn, cuspóirí, gníomhartha agus aiseolas a iarradh thar roinnt seachtainí. |
| 27 Bealtaine 2015 | Scaipeadh agus cur i láthair chomhtháthú aiseolais agus rannpháirtíochta i ndáil le dréacht oibre na gcuspóirí, gníomhartha agus na spriocanna atá ag teacht chun cinn. Rinneadh na spriocanna agus na cuspóirí ardleibhéil a dhearbhú. |
| 9 Iúil 2015 | Léargas ar na cumarsáidí idirghabhála agus ar an bpróiseas leanúnach rannpháirtíochta.<br>Léargas ar an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (RCPRÁ). Nóta treoirlínte.<br>Treoir tháscach i dtreo dréacht PÁEP. |
| 30 Meán Fómhair 2015 | Dréacht PÁEP Dhún an nGall a scaipeadh ar an CFPÁ agus ar an CFE agus comhaontú i leith comhairliúcháin le Stiúrthóirí Bainistíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall agus le Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (TRTI). |
| 22 Nollaig 2015 | Breithniú ar na haschuir chomhairliúcháin leis na Stiúrthóirí Bainistíochta agus leis an TRTI agus comhaontú i leith an Phlean a chur ar aghaidh chuig cruinniú Comhairle Contae Dhún na nGall (an 25 Eanáir 2016) le haghaidh glacadh críochnaitheach. |
| **CPS um Phleanáil Forbartha, Cultúir agus Pobail** | |
| 22 Eanáir 2015 | Nuashonrú ar an bpróiseas rannpháirtíochta a glacadh ar láimh.<br>Léargas ar na spriocanna atá ag teacht chun cinn.<br>Léargas ar an modheolaíocht chun na cuspóirí agus na gníomhartha a fhorbairt as an eolas a bailíodh. |
| 24 Márta 2015 | Nuashonrú ó bhéal go rabhamar ag teannadh i dtreo cuspóirí, gníomhartha agus na spriocanna a bhí ag teacht chun cinn le haghaidh an 31 Márta. |
| 30 Meitheamh 2015 | Thacaigh an CPS leis na spriocanna agus leis na cuspóirí a bhí comhaontaithe ag an CFPÁ agus an CFE. |
| 11 Eanáir 2016 | Thacaigh an CPS leis an bPlean a chur ar aghaidh chuig cruinniú Chomhairle Contae Dhún na nGall (25 Eanáir 2016) le haghaidh glacadh críochnaitheach. |

**2.4 Grúpaí Fócais Earnála**

Rinneadh roinnt grúpaí fócais a ainmniú mar ghrúpaí tábhachtacha óna ndéantar rannpháirtíocht earnáil-shonrach a lorg. Chuir na grúpaí fócais tús lena gcuid faisnéise a roinnt eatarthu ar bhonn leanúnach, rinneadh an bonn fianaise a bhreithniú, rinneadh saincheisteanna agus riachtanais a ainmniú trí anailís LLDB, comhoibriú agus ionchur i dtaca leis an bplean ó mhí Lúnasa 2014, go tráth fhoilsithe an dréachtphlean PÁEP. Is iad na grúpaí fócais seo a leanas a thacaíonn leis an bPlean:

- ✓ An Grúpa Beart Cuimsithe Shóisialta.
- ✓ An Comhaontas Forbartha Pobail.
- ✓ An Nasc-Ghrúpa maidir le hUilechuimsitheacht Shóisialta.
- ✓ An Rúnaíocht Líonraí Rannpháirtíochta Pobail.
- ✓ Grúpa Oibre an Phlean Gníomhaíochta Digití.
- ✓ An Fóram Turasóireachta.
- ✓ Na Gníomhaireachtaí Eacnamaíochta.
- ✓ An Pobal Gnó.
- ✓ An Bord Oiliúna & Oideachais.
- ✓ Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
- ✓ Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
- ✓ Na hIonadaithe Feirmeoireachta.
- ✓ Na Tionscail Chruthaitheacha.

**2.5 An Grúpa maidir le Bearta Uilechuimsitheachta Sóisialta (BUS)**

Is struchtúr ilghníomhaireachta é an Grúpa BUS agus an Grúpa BUS sínte a oibríonn sa réimse cuimsithe shóisialta agus i réimse na bochtaineachta . Tá mar aidhm ag an BUS an fháil atá ar sheirbhísí do dhaoine leochaileacha agus do ghrúpaí fócais a fheabhsú, ról comhordaithe i measc na ngníomhaireachtaí iomchuí a chur ar fáil, tacú le pleananna agus le tionscadail amhail an PÁEP, agus gníomhartha a chur chun cinn d'fhonn díriú ar uilechuimsitheacht shóisialta agus ar bhochtanas. (NB: In Aguisín 3 ainmnítear an BUS Sínte, a léiríonn raon na hionadaíochta le grúpaí eile lena n-áirítear an Rúnaíocht Líonraí Rannpháirtíochta Pobail, An Nasc-Ghrúpa maidir le hUilechuimsitheacht Shóisialta agus an Comhaontas Forbartha Pobail).

Tháinig an grúpa BUS le chéile den chéad uair an 3 Samhain 2014, chun ullmhú an PÁEP a phlé, rinneadh sonraí staitistiúla tábhachtacha a chur i láthair i bhfoirm anailís L.L.D.B. ag an tráth sin. Rinne an grúpa na cineálacha saincheisteanna agus riachtanais iomchuí an PÁEP a phlé chomh maith le gníomhartha, cuspóirí agus spriocanna i gcomhthéacs cuimsithe shóisialta agus bochtaineachta. Ba iad na príomhréimsí a pléadh ag an gceardlann:

- Go bhfuil bagairt mhór ann de bharr an tábhacht a bhaineann le grúpaí pobail agus mar a bhraitear ar na grúpaí sin agus ar oibrithe deonacha chun seirbhísí agus cláir a sheachadadh.
- Go bhfuil gá aitheanta ann anois chun an fháil atá ar sheirbhísí a fheabhsú agus an fháil atá ar sheirbhísí a chur in oiriúint do riachtanais an duine aonair.
- Go bhfuil deis ann chun úsáid níos fearr a bhaint as saoráidí reatha, ar bhonn for-rochtana go mór mhór trí chur chuige comhoibríoch.

- Go bhfuil na bacainní ar an bhfáil atá ar sheirbhísí mar thoradh ar theorannú i gcúrsaí iompair, an teorannú atá ar an soláthar leathanbhanda agus an tionchar atá ag eisiamh digiteach ar chúrsaí chomh maith le bacainní teanga.
- Go bhfuil an deis ann chun na seirbhísí agus na sócmhainní atá ar fáil faoi láthair a mhapáil chun go bhféadtar deiseanna a ainmniú chun seirbhís chomhoibríoch a sheachadadh.
- Go bhfuil deis ann chun eisiamh digiteach a laghdú trí thacú leis an bhfáil ar TF ag leibhéil áitiúil ag úsáid bonneagar cultúrtha agus pobail.
- Go bhfuil an deis ann chun inbhuanaitheacht na n-eagraíochtaí pobail a fheabhsú trí oibriú leis an OFÁ chun oiliúint a chur ar fáil.

Tháinig grúpa BUS le chéile an 22 Aibreán 2015. Rinneadh dréacht de na spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha a scaipeadh ar an ngrúpa agus thug gníomhaireachtaí agus daoine aonair aiseolas díreach ar ais i leith an ábhair i scríbhinn. Rinneadh ceardlann éascaithe bhreise de chuid grúpaí an BUS agus an BUS Sínte a thionóil an 3 Meán Fómhair 2015. Bhí an cheardlann dírithe ar ghníomhartha sonraithe Sprioc 4 agus ar na gníomhartha sin amháin agus dá thoradh sin, rinneadh mionleasú breise agus athchóiriú a chomhtháthú i gcomhthéacs a bheith dírithe ar fhorbairt phobail, cuimsiú sóisialta a fheabhsú agus dul i ngleic le bochtaineacht .

**2.6 An Comhaontas Forbartha Pobail**

Tar éis dóibh páirt a ghlacadh ar bhonn aonair tríd an BUS agus/nó tríd an Rúnaíocht Líonraí Rannpháirtíochta Pobail, tháinig ionadaithe an Chomhaontais Forbartha Pobail le chéile an 16 Meitheamh 2015, mar fhreagra ar an ngá a bhí le gníomhartha an phlean a leasú a thuilleadh, le béim ar leith ar fhorbairt phobail, cuimsiú sóisialta agus ar bhochtanas. Mar thoradh, tionóladh ceardlann éascaithe de chuid grúpaí an BUS agus an BUS Sínte an 3 Meán Fómhair 2015, a dhírigh ar ghníomhartha sonracha Sprioc 4 agus ar na gníomhartha sin amháin agus dá thoradh sin, rinneadh mionleasú breise agus athchóiriú a chomhtháthú i gcomhthéacs a bheith dírithe ar fhorbairt phobail, ar uilechuimsitheacht shóisialta a fheabhsú agus ar dhul i ngleic le bochtaineacht .

**2.7 An Nasc-Ghrúpa maidir le hUilechuimsitheacht Shóisialta (Nasc-ghrúpa LRP)**

I gcosúlacht leis an gComhaontas Forbartha Pobail agus leis an nGrúpa BUS, tháinig An Nasc-Ghrúpa maidir le hUilechuimsitheacht Shóisialta LRP le chéile an 20 Meitheamh 2015, inar díríodh ar roinnt grúpaí agus eagraíochtaí breise a bhí i mbun oibre sa Chontae. Tugadh treoracha don Ghrúpa i dtaca leis an bpróiseas ar glacadh leis chun na spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha a fhorbairt agus rinneadh plé i leith roinnt réimsí inar beartaíodh obair bhreise agus mionleasú a bheith cuí. Ghlac comhaltaí an Nasc-Ghrúpa maidir le hUilechuimsitheacht Shóisialta leis an gcinneadh a bheith páirteach i gceardlann an BUS Sínte an 3 Meán Fómhair 2015, inar díríodh ar fhorbairt phobail, ar uilechuimsitheacht shóisialta agus ar ghnéithe bochtaineachta Sprioc 4. Tá ionadaíocht An Nasc-Ghrúpa maidir le hUilechuimsitheacht Shóisialta ar fáil in Aguisín 4.

### 2.8 An Rúnaíocht Líonraí Rannpháirtíochta Pobail

Reáchtáladh ceardlann na Rúnaíochta LRP an 23 Aibreán 2015, agus rinneadh na spriocanna, cuspóirí agus gníomhartha a scaipeadh agus a phlé ag an tráth sin. Rinne na comhaltaí aonair agus na gníomhaireachtaí aiseolas díreach a sholáthar i scríbhinn i leith na ngníomhartha, cuspóirí agus na spriocanna a bhí ag teacht chun cinn. Ghlac ionadaíocht ón Rúnaíocht LRP páirt i gceardlann an BUS Sínte an 3 Meán Fómhair 2015, inar díríodh ar ghníomhartha Sprioc 4. Tá ionadaíocht na Rúnaíochta LRP ar fáil in Aguisín 5.

### 2.9 Grúpa Oibre an Phlean Gníomhaíochta Digití

Tionóladh Grúpa Oibre i mí an Mhárta 2014, chun Plean Gníomhaíochta Digití Chontae Dhún na nGall a ullmhú agus glacadh lena chinntiú go ndearnadh ailíniú leanúnach ar na próisis chun an Plean Gníomhaíochta Digití agus an PÁEP a ullmhú. Freagraíonn an t-ailíniú seo do theicneolaíocht dhigiteach a shainaithnítear go luath lena n-áirítear fáil agus caighdeán na seirbhíse leathanbhanda agus do scileanna digiteacha atá mar mhórthéama tosaíochta sa PÁEP agus mar chumasóir ríthábhachtach i dtaca le forbairt phobail agus eacnamaíochta. Faightear achoimre ar an bPlean Gníomhaíochta Digití i gCaibidil 3 den cháipéis seo, chomh maith le léargas ar chomhsheasmhacht agus ar chomhtháthú leis an PÁEP, ina ndéantar cuspóirí an PÁEP a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo a ainmniú. Glacadh leis an bPlean Gníomhaíochta Digití i Meán Fómhair 2015.

### 2.10 An Fóram Turasóireachta

Tháinig an Fóram Turasóireachta le chéile an 5 Nollaig 2014, chun na riachtanais agus na deiseanna a phlé ó thaobh na turasóireachta di. Léirítear na haschuir mar L.L.D.B. i bhFíor 4.

**Fíor 4: Aschur L.L.D.B. an Fhóraim Turasóireachta**

| **LÁIDREACHTAÍ** | **LAIGÍ** |
|---|---|
| - Straitéis Slí an Atlantaigh Fhiáin.<br>- Oidhreacht thógtha an Chontae.<br>- Acmhainní Nádúrtha.<br>- Cumas reatha na dtionscal cruthaitheach agus ceirde.<br>- An líon mór daoine iomráiteacha as Dún na nGall le cuntas teiste cruthaithe.<br>- Iargúltacht.<br>- Obair mhargaíochta agus cur chun cinn trí na bealaí reatha amhail www.govisitdonegal.com. | - Fáil agus caighdeán na seirbhíse Leathanbhanda.<br>- Dul chun cinn ar uasghrádú ar bhóthar an A5.<br>- Cailliúint na seirbhíse aeir ó Dhoire go Baile Átha Cliath.<br>- An líon saoráidí caithimh aimsire.<br>- Leibhéal an chomhoibrithe i dtionscal na turasóireachta.<br>- An leibhéal ionadaíochta pobail san earnáil turasóireachta.<br>- An leibhéal eolais sna tionscadail turasóireachta a bhíonn faoi stiúradh an phobail.<br>- Soláthar i dtaobh seirbhísí agus táirgí i dtaca le turais mhara.<br>- An bhraistint go bhfuil an ceantar 'rófhada ó bhaile'.<br>- Acmhainn i ndáil le faisnéis dhigiteach.<br>- Comharthaíocht turasóireachta. |
| **DEISEANNA**<br>- **Forbairt ar an táirge:**<br>Leanúint ar aghaidh le táirge turasóireachta inbhuanaithe a fheabhsú lena n-áirítear Glasbhealach Dhún na nGall; Bealach Spioradálta; Páirc Dhealbhóireachta an Ardaidh; oidhreacht ailtireachta; bailte stairiúla; oidhreacht teanga; saoráidí caithimh | **BAGAIRTÍ**<br>- Leochaileacht iompair tuaithe.<br>- Creataí rialála atá mar bhacainní ar acmhainní nádúrtha a aimsiú.<br>- Caillteanas scileanna traidisiúnta.<br>- Deiseanna maoinithe agus an ceal cumais chun tionscadail a chur chun cinn. |

| | |
|---|---|
| aimsire do thurasóirí lae; an fháil ar WIFI sna ceantair thurasóireachta mór le rá; deiseanna turasóireachta mara; tionscail chruthaitheacha; togra turasóireachta cultúrtha a fhorbairt ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.<br><br>- **Comhoibriú agus margaíocht:**<br>Comhpháirtíochtaí agus comhoibriú a spreagadh trí chruinnithe fóraim turasóireachta. Trí úsáid a bhaint as an modh oibre seo is féidir leas a bhaint as na haschuir a leanas: roinnt faisnéise agus scéalta ratha, ambasadóirí Contae a ainmniú chun comhsheasmhacht idir straitéisí turasóireachta áitiúla agus straitéis Slí an Atlantaigh Fhiáin a chinntiú.<br><br>- **Oideachas, oiliúint & tacaíochtaí:**<br>Deiseanna atá dírithe ar scileanna traidisiúnta; éiceathurasóireacht; turasóireacht talmhaíochta; cúrsaí foghlamtha do phobail amhail margaíocht dhigiteach agus fáilteachas; clár oideachais turasóireachta; modúl fiontraíochta do scoileanna; staidéar taighde geilleagraigh ar thairbhí Shlí an Atlantaigh Fhiáin; Ionad Taighde Turasóireachta sna Cealla Beaga a fhorbairt. | |

## 2.11 Na Gníomhaireachtaí Eacnamaíochta

Tionóladh seisiún comhairliúcháin leis na Gníomhaireachtaí Eacnamaíochta a bhí ag feidhmiú sa Chontae an 3 Samhain 2014. Ag tógáil san áireamh staid luath an phróisis, pléadh spriocanna bunaidh na Straitéise 2012 mar théamaí tosaíochta a d'fhéadfaí cur leo agus tá aschuir an phlé sin leagtha síos i bhFíor 5.

**Fíor 5: Na réimsí tosaíochta a bhí ainmnithe ag na Gníomhaireachtaí Eacnamaíochta atá ag feidhmiú sa Chontae**

| | |
|---|---|
| **Téama:**<br>An Bonneagar Glas | **Na réimsí a ndearnadh plé ina leith:**<br>- Tá gá le dul i gcion ar na creataí rialála chun tacú le teicneolaíocht ghlan a fhorbairt.<br>- Tá an deis ann chun tionscadal píolótach áitiúil Eangaí Cliste a chuimsiú, a dhearadh agus a chur i bhfeidhm sna Cealla Beaga, chun foinsí fuinnimh éagsúla a chomhtháthú agus ceangal a dhéanamh leis an Eangach Náisiúnta. |
| **Téama:**<br>Fiontar agus scileanna forbartha. | **Na réimsí a ndearnadh plé ina leith:**<br>- Forbairt na feamainne a chur chun cinn.<br>- Cur chun cinn comhordaithe ar fhiontraíocht agus ar fhiontar a sheachadadh i nDún na nGall. Sprioc: ardú ar líon na ngnólachtaí nuathionscanta thar thréimhse trí bliana.<br>- Timpeallachtaí gnó, seirbhísí agus tacaíochtaí cuí do riachtanais na ngnóthaí i nDún na nGall a chur ar fáil. Sprioc: An múnla seirbhíse '*Ionad Ilfhreastail*' do ghnóthaí a fhorbairt a thuilleadh.<br>- Infheistíocht isteach a aimsiú agus a spreagadh ag baint úsáid as nascachtaí leis an Diaspóra. Sprioc: Plean infheistíochta isteach trí bliana a bheidh dírithe ar Massachusetts.<br>- Infheistíocht isteach a aimsiú agus a spreagadh trí chumarsáid éifeachtach |

| | |
|---|---|
| | leis an Údarás Forbartha Tionscail (ÚFT) a chinntiú.<br>- Seachadadh comhordaithe i dtaobh infheistíocht 'Nascacht' a chinntiú chun tacú le fiontar agus le fostaíocht lena n-áirítear uasghrádú ar bhóthar an A5 agus an t-aerbhealach ó Dhoire go Baile Átha Cliath a aischur.<br>- Moil dhigiteacha phobail a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ag láithreacha straitéiseacha sa chontae – athrú ar chumas pobal áitiúil agus an earnáil ghnó tairbhe a bhaint as gnóthaí, buntáiste pobail agus sochaíoch na timpeallachta digití. |
| **Téama:**<br>Oideachas | **Na réimsí a ndearnadh plé ina leith:**<br>- Naisc oideachasúil a fhorbairt chun cumas agus caipiteal daonna níos treise a fhorbairt agus taighde agus nuálaíocht a fhorbairt.<br>- Leanúint leis na naisc bhunaithe le M2D2.<br>- Naisc scileanna a fhorbairt idir BOO agus Pramerica chun díriú ar oiliúint bhreise atá ceangailte le riachtanais tionscail.<br>- Forbairt agus taighde a dhéanamh i ndáil leis an tionscal dobharshaothraithe.<br>- Ionad satailíte a bhunú le haghaidh dobharshaothrú mara ag ITLC.<br>- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár Foghlamtha *Lifelong.*<br>- Foghlaim sna Meáin Dhigiteacha a fhorbairt ag an leibhéal oideachais meán scoile.<br>- An glacadh leis na hábhair STEM ag leibhéal meánscoile a spreagadh. |
| **Téama:**<br>Branda 'Dhún na nGall' | **Na réimsí a ndearnadh plé ina leith:**<br>- Branda Dhún na nGall a chur chun cinn mar na 'Daoine' agus an 'Áit'.<br>- Straitéis shoiléir cumarsáide a fhorbairt i ndáil le branda Dhún na nGall.<br>- Clár Fiontraíochta uile-Éireann agus Cnuasaigh Fiontraíochta a bhunú. |
| **Téama:**<br>An fháil ar sheirbhísí | **Na réimsí a ndearnadh plé ina leith:**<br>- Seirbhís Leathanbhanda a sholáthar i gceantair tuaithe.<br>- An tairbhe is fearr a bhaint as Tionscadal *Klein.*<br>- Iniúchadh a dhéanamh ar chumas scéime leathanbhanda pobail i gceantar tuaithe an chontae.<br>- Fáil ar WiFi sna foirgnimh phoiblí ar fad. |
| **Téama:**<br>Acmhainní Nádúrtha agus Turasóireacht. | **Na réimsí a ndearnadh plé ina leith:**<br>- Cur chun cinn agus tacú le forbairt bhreise ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.<br>- Straitéisí bia agus turasóireachta a chomhtháthú.<br>- Deiseanna a fhorbairt d'éiceathurasóireacht.<br>- Tacú leis an bhforbairt ar straitéisí turasóireachta áitiúla chun naisc agus líonraí a chruthú i dtaca le Slí an Atlantaigh Fhiáin.<br>- Forbairt agus tacú le cnuasaigh ceirde, oidhreachta, ealaíon agus chultúir chuí san earnáil turasóireachta.<br>- Forbairt a dhéanamh ar Pháirc Dhealbhóireachta an Ardaidh.<br>- Pleananna teanga a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena n-áirítear acmhainn na Gaeilge a aimsiú, a mhéid a bhaineann le cúrsaí turasóireachta. |

## 2.12 An Pobal Gnó

Tionóladh seisiún comhairliúcháin éascaithe leis an earnáil ghnó an 3 Nollaig 2014, ina ndearnadh, i bhfoirm cheardlanna, na réimsí gníomhaíochta i dtaca leis na 7 sprioc atá ag teacht chun cinn a bhreithniú. Tá aschuir na seisiún i ndáil le gach sprioc leagtha síos i bhFíor 6.

**Fíor 6: Torthaí sheisiún comhairliúcháin na hearnála gnó**

| | |
|---|---|
| **Sprioc 1:**<br>Dún na nGall a fhorbairt mar Áit Nasctha. | **Na réimsí tosaíochta a ainmníodh:**<br>- Sprioc: An turas bóthair ó Bhaile Átha Cliath go Leitir Ceanainn a thaisteal taobh istigh de 2 uair a chloig faoi 2020.<br>- An bonneagar idir ionaid bheaga uirbeacha a fhorbairt a thuilleadh ar fud an chontae.<br>- Dún na nGall a dhíol mar aon áit nasctha amháin, ní mar shraith cheantair ar leithligh.<br>- Feachtas Caidrimh Phoiblí a chruthú ina leagtar béim ar chomh gar atá Dún na nGall go Bhaile Átha Cliath.<br>- Sprioc: Ceangal Leathanbhanda 100mb nó níos mó do 15 bhaile faoi 2020.<br>- Iniúchadh i dtaobh mar is féidir na foirgnimh fholmha ar fud an chontae a chur ar fáil do ghnóthaí. |
| **Sprioc 2:**<br>Caipiteal Daonna agus Nádúrtha Dhún na nGall a aimsiú | **Na réimsí tosaíochta a ainmníodh:**<br>- Éiceathurasóireacht a fhorbairt agus cur leis sin chun turasóireacht de réir gníomhaíochta a áireamh.<br>- Caighdeán an uisce a fheabhsú ar fud an chontae.<br>- An Cósta Bia a fhorbairt a thuilleadh<br>- Tacú leis an earnáil dobharshaothraithe agus iascaigh.<br>- Acmhainní nádúrtha a chur chun cinn mar shampla cumhacht na gaoithe.<br>- Cáipéis scóipe a fhorbairt chun luach geilleagrach chumhacht na gaoithe do Dhún na nGall a fháil amach.<br>- Feachtas bruscair comhaontaithe a fhorbairt.<br>- Léarscáiliú Shlí an Atlantaigh Fhiáin a fheabhsú.<br>- Naisc níos dlúithe idir tionscal agus oideachas, eolaíocht agus matamaitic a spreagadh.<br>- Scileanna céimithe atá ag dul i mbun innealtóireachta agus fostaíocht sna hearnálacha teicneolaíochta a fheabhsú trí intéirneachtaí. |
| **Sprioc 3:**<br><br>Ár nAcmhainn Chruthaitheach agus ár gCultúr a Fhorbairt agus a Chothabháil. | **Na réimsí tosaíochta a ainmníodh:**<br>- Forbairt agus tacú le cnuasaigh ceirde, oidhreachta, ealaíon agus chultúir chuí san earnáil turasóireachta.<br>- Tionscail chruthaitheacha a fhorbairt.<br>- Tiomantas a léiriú do chlár bliantúil imeachtaí don Ionad Réigiúnach Cultúrtha i Leitir Ceanainn.<br>- Féilte cultúrtha agus ealaíonta a chur chun cinn ar fud an Chontae.<br>- Forbairt agus tacú le tionscadail a chothaíonn naisc níos dlúithe idir cultúr, oidhreacht agus turasóireacht. |
| **Sprioc 4:**<br><br>Pobail Shláintiúla, Inbhuanaithe agus Chuimsitheacha a chur chun cinn. | **Na réimsí tosaíochta a ainmníodh:**<br>- Pobail áitiúla a spreagadh trí úsáid a bhaint as aonaid fhiontair fholmha atá faoi úinéireacht an stáit le haghaidh fiontar sóisialta agus pobail.<br>- Scéimeanna leathanbhanda pobail a chur in ord tosaíochta chun fostaíocht a chruthú agus tacú le pobail inbhuanaithe.<br>- Múnla píolótach tionscadal pobal a chruthóidh deiseanna do ghnóthaí áitiúla.<br>- Tacaíocht bhreise a thabhairt do thionscail tinteáin trí mhaoiniú, scileanna TF agus acmhainní daonna.<br>- Laochra pobail áitiúil a ainmniú agus aitheantas a thabhairt dá gcion tairbhe.<br>- Seachtain Athnuachana Contae bhliantúil a chur i láthair. |

| | |
|---|---|
| **Sprioc 5:**<br>Dún na nGall a fhorbairt mar Réigiún Ceannais le haghaidh Foghlaim, Taighde agus Nuálaíocht. | **Na réimsí tosaíochta a ainmníodh:**<br>- Ceangail oideachasúla trasteorann a chruthú.<br>- Malartú faisnéise oscailte a fhorbairt, leis an earnáil phoiblí go mór mhór.<br>- Nascadh AE a fhorbairt ar mhaithe le foghlaim bhreise d'fhorais oideachasúla agus gníomhaireachtaí stáit.<br>- Leanúint le tacaíochtaí a sholáthar do ghnóthaí beaga.<br>- STEM a leathnú chuig an dara leibhéal le cabhair ó chomhpháirtithe tionscail.<br>- Leathanbhanda a úsáid chun STEM a cheangal a thuilleadh leis an earnáil tionscail. |
| **Sprioc 6:**<br>Branda 'Dhún na nGall' a fhorbairt. | **Na réimsí tosaíochta a ainmníodh:**<br>- Gnéithe Gaeltachta Bhranda Dhún na nGall a láidriú.<br>- Branda 'Dhún na nGall' a fhorbairt faoi aon stíl agus chló amháin a bheidh comhaontaithe agus a úsáidfear ar fud na n-earnálacha ar fad le tacaíocht ó fheachtas PR tiomnaithe, a chuirfidh na hearnálacha stáit, turasóireachta agus bia i bhfeidhm ar dtús.<br>- An togra *'Cothromaíocht Oibre is Saoil'* a thairgtear i nDún na nGall a chur chun cinn agus feachtas a fhorbairt a bheidh bunaithe ar laochra áitiúla a leanann an cineál sin saoil. |
| **Sprioc 7:**<br>Infheistíocht, Fiontar agus Fiontraíocht a chur chun cinn. | **Na réimsí tosaíochta a ainmníodh:**<br>- Modúil fhiontair a chur chun cinn i scoileanna agus i gcoláistí.<br>- Iniúchadh i dtaobh mar is féidir fostaíocht a chruthú go díreach as deiseanna a chuireann Diaspóra Dhún na nGall i láthair.<br>- Glacadh lena chinntiú go bhfuil an t-eolas iomchuí i leith lonnú nó athlonnú go Dún na nGall ar fáil ar líne go héasca.<br>- Tairseach Dhún na nGall a chur chun cinn.<br>- Cur chuige comhchoiteann a fhorbairt ó Chomhairle Contae Dhún na nGall agus na Comhlachais Tráchtála i dtaca le comhoibriú le Gníomhaireachtaí Stáit ar cheisteanna a théann i gcion ar ghnóthaí áitiúla. |

**2.13 Bord Oiliúna &Oideachais Dhún na nGall (BOO) & Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (ITLC)**

Rinne an BOO agus ITLC teagmháil dhíreach lena chéile an 3 Nollaig 2014 agus an 16 Eanáir 2015 faoi seach, cuireadh aschuir i scríbhinn ar fáil ina dhiaidh sin i dtaca le hullmhú an phlean agus trí ionadaíocht ón dá údarás oideachasúla ar an CFPÁ agus an CFE. Leis na príomhréimsí a ainmníodh áirítear:

- Fóram Oideachais Pobail ar fud an Chontae a bhunú chun comhordú san earnáil a chur ar fáil, naisc a chruthú idir leibhéil na soláthraithe oideachais ar fad, agus fóram a chur ar fáil chun naisc shoiléire a bhunú leis an earnáil tionscail chun riachtanais an tionscail a ainmniú.
- Tá gá le comhordú i dtaca leis na deiseanna oideachais pobalbhunaithe a sheachadadh.
- Ba chóir béim a leagan ar phobail shláintiúla chomh maith le pobail uilechuimsitheacha, inbhuanaithe – trí oideachas, foghlaim, oiliúint, foghlaim ar feadh an tsaoil, breisoiliúint agus athoiliúint cuidítear le daoine sláintiúla a chothabháil.
- As na príomhréimsí a chuireann lenár gcaipiteal daonna áirítear gníomhaíocht oideachasúil a chomhordú, breisoiliúint, athoiliúint agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach; riachtanais tionscail a ainmniú; teicneolaíochtaí nua a chomhtháthú trí shaolré an oideachais i.e. oideachas Bunscoile, oideachas Iar-bhunscoile, Oideachas agus Oiliúint Bhreise agus Oideachas 3ú Leibhéal; bealaí éifeachtacha a sholáthar ó FET go hArdoideachas.

- Béim ar Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, na Dána agus Matamaitic mar phríomhscileanna an Gheilleagair Eolasbhunaithe.
- Is sna réimsí (i) Comhpháirtíochta (Réigiúnach/Náisiúnta/Trasteorann agus idirnáisiúnta) (ii) Bonneagar Straitéiseach Rochtana amhail bóithre agus calafoirt (iii) Leathanbhanda (iv) Diaspóra Dhún na nGall agus (v) Líonra Fuinnimh an Chontae na tosaíochtaí do Dhún na nGall mar Áit Nasctha.
- Is iad príomhshócmhainní nádúrtha an Chontae: acmhainní mara, fuinneamh, turasóireacht ghníomhaíochta/eachtraíochta, an tírdhreach, cultúr, an teanga, na healaíona agus ceol.
- Ba chóir Tionscail Chruthaitheacha a fhorbairt a thuilleadh.
- Is sna réimsí acmhainní mara, fuinnimh in-athnuaite agus bia atá na Speisialtóireachtaí Réigiúnacha Cliste atá ag teacht chun cinn.
- Ba chóir fiontraíocht a chomhtháthú i dteagasc sna scoileanna agus san ardoideachas.
- Tacaíochtaí d'fhiontraí baineanna, d'fhiontraí bunaithe agus d'fhiontraí inimirceacha.
- Áirítear innealtóireacht mhara sna Cealla Beaga agus tábhacht réigiúnach Pháirc Eolaíochta an Iarthuaiscirt/CoLab sna príomhréimsí agus nó/ sna tionscadail thábhachtacha d'infheistíocht agus d'fhiontraíocht.

**2.14 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)**

Rinneadh teagmháil dhíreach leis an FSS an 29 Aibreán 2015, i gcomhthéacs aiseolas scríofa an FSS i leith na spriocanna a bhí ag teacht chun cinn, na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí agus ina theannta sin, trí ionadaíocht an FSS ar an CFPÁ agus an CFE. Leis na príomhréimsí a ainmníodh le haghaidh breithniú breise áiríodh:

- Béim ar phobail 'shláintiúla' chomh maith le pobail chuimsitheacha agus inbhuanaithe.
- An tábhacht a bhaineann le hoibriú comhpháirtíochta agus le deiseanna comhoibríocha.
- Béim ar chaipiteal daonna agus nádúrtha mar acmhainn don Chontae chomh maith le heacnamaíocht.
- Tá dhá réimse straitéise a éilíonn comhtháthú cuí sa phlean, eadhon; (i) 'Éire Shláintiúil' agus conas is féidir é sin a chur i bhfeidhm trí struchtúir áitiúla chun sláinte agus folláine a fheabhsú agus ; (ii) '*Connect Donegal Suicide Prevention Action Plan'*.
- Ainmnítear iompar tuaithe mar thoisc thábhachtach chumasúcháin i dtaca leis an bhfáil atá ar sheirbhísí. Ba chóir fóram comhoibríoch a bhunú chun réitigh nuálacha ar riachtanais iompair tuaithe a fhorbairt, a mhaoiniú agus a chur i bhfeidhm.
- Ba chóir iniúchadh a dhéanamh ar roghanna i dtaobh acmhainn na n-eagraíochtaí pobail áitiúla agus an cumas atá ann Oibrithe Forbartha Pobail a chur ar fáil d'eagraíochtaí áitiúla.

**2.15 Na hIonadaithe Feirmeoireachta**

Rinneadh teagmháil dhíreach le hionadaithe feirmeoireachta an 10 Nollaig 2014, agus ina theannta sin, trí ionadaíocht ar an CFPÁ. Leis na príomhshaincheisteanna a ainmnítear i ndáil leis an PÁEP áirítear:

1. **Nascacht:** Tá seirbhís leathanbhanda tuaithe agus raon clúdaigh d'fhóin phóca ríthábhachtach do Shláinte agus Sábháilteacht Feirmeora.
2. **Bia:** Tá deiseanna ann chun oibriú go comhoibríoch i ndáil le cúrsaí bia e.g. tá tuiscint ag Comharchumann *Creevy* ar dheiseanna turasóireachta chomh maith le deiseanna bia agus feirmeoireachta. Leis na comhoibrithe eile a chuirfidh deiseanna ar fáil, áirítear bunú margaí feirmeora a dhéanann earraí a tháirgtear go háitiúil a chur chun cinn; comhoibriú i dtaobh bunachair talún a ainmniú agus a úsáid trí na bunachair a ligean le feirmeoirí nua.
3. **Foghlaim:** Rinneadh roinnt réimsí riachtanais agus deise a ainmniú:
   - Foghlaim i ndáil le inrianaitheacht bhia – ón bhfoinse go dtí an pláta.
   - Oiliúint a chur ar fáil go comhoibríoch d'fheirmeoirí lena n-áirítear oiliúint dhigiteach.
   - An gá atá le hiniúchadh chun riachtanais oiliúna a ainmniú, i ndáil le scileanna amhail trialacha madra caorach agus tuíodóireacht go mór mhór.
4. **Eile:** Rinneadh roinnt réimsí deise eile a ainmniú:
   - Deiseanna chun an caighdeán uisce a chosaint le tairbhí don timpeallacht agus don iascach.
   - An cumas atá ann i leith forbairt a dhéanamh ar Ghlasbhealaí an chontae chun na deiseanna a bhaineann lenár dtírdhreach, uiscebhealaí, aibhneacha agus oidhreacht tógtha a aimsiú.
   - Moltaí na tuarascála CEDRA i ndáil le forbairt tuaithe.

**2.16 Na Tionscail Chruthaitheacha**

Rinne Oifig Fiontraíochta Áitiúil Chomhairle Contae Dhún na nGall teagmháil leis na hearnálacha cruthaitheacha agus le páirtithe leasmhara eile chun eolas a thabhairt i leith Plean Gníomhaíochta Straitéiseach le haghaidh Fiontraíocht Chruthaitheach do Dhún na nGall, trí fhormáidí ceardlanna ar cuireadh tús leo i mí Dheireadh Fómhair 2014. Glacadh lena chinntiú go ndearnadh ailíniú comhsheasmhach i leith na bpróiseas chun an Plean Gníomhaíochta Straitéiseach agus an PÁEP a ullmhú. Freagraíonn an t-ailíniú sin don aitheantas atá ag an earnáil chruthaitheach, mar earnáil eacnamaíochta thábhachtach sa chontae, a chuireann go mór leis an earnáil turasóireachta. Seoladh an Plean Gníomhaíochta Straitéiseach an 18 Bealtaine 2015, agus tá an Plean i gcomhréir leis an PÁEP agus tá gníomhaíochtaí an phlean tábhachtach i dtaca le cuspóirí ardleibhéil an PÁEP a sheachadadh.
Tá fáil ar achoimre an Phlean Gníomhaíochta Straitéisigh d'Fhiontraíocht Chruthaitheach do Dhún na nGall i gCaibidil 3 den cháipéis seo, chomh maith le léargas ar chomhsheasmhacht agus ar chomhtháthú leis an PÁEP, agus déantar cuspóirí an PÁEP a ainmniú a bhfuil baint ar leith acu leis an ábhar.

# Caibidil 3 - Athbhreithniú ar Chomhthéacs agus Straitéis an Bheartais

### 3.1 Cúlra

Déantar an t-athbhreithniú ar chomhthéacs agus straitéis an bheartais a bhreithniú i 4 príomhréimse:

- Na Straitéisí Forbartha agus Pleanáil Spásúlachta.
- Na Straitéisí Eacnamaíochta.
- Na Straitéisí Pobail.
- Na Straitéisí Earnála Áitiúla agus na hEagraíochtaí Earnála.

Déanann ailt 3.2 go 3.5 cur síos ar gach straitéis agus tugtar léargas ar thionchar na straitéise ar an PÁEP i dtéarmaí comhsheasmhachta agus comhtháthaithe. Déantar roinnt cuspóirí ar leith atá gaolmhar go soiléir le gach straitéis a ainmniú. Déanann Fíor 7 raon na straitéisí agus na beartais a ndearnadh athbhreithniú ina leith a liostáil.

**Fíor 7: Raon na Straitéisí agus na Beartais a ndearnadh Athbhreithniú ina leith**

**Na Straitéisí maidir le Pleanáil agus Forbairt Spásúlachta (alt 3.2)**

- An Straitéis Náisiúnta Spásúlachta 2002 – 2020.
- Na Treoirlínte Réigiúnacha Pleanála do Réigiún na Teorann, 2010.
- Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012 – 2018 (arna hathrú).
- An Straitéis – Straitéis Dhún na nGall maidir le Forbairt Shóisialta, Cultúir agus Eacnamaíochta 2012 – 2018.
- Pleananna Forbartha Baile do Leitir Ceanainn, Bun Cranncha agus Bun Dobhráin.
- Innéacs na nGeatabhealaí agus na Mol Forbartha (GHDI) 2012.
- Lárionaid Forbartha/Moil.

**Na Straitéisí Eacnamaíochta (alt 3.3)**

- Clár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach – Tús Áite do na Daoine, RCPRÁ, 2012
- Foirgníocht 2020
- Making it Happen- Growing Enterprise for Ireland, Forfás, 2010
- Tuarascáil an OECD (Forbairt Eacnamaíochta agus Fostaíochta - LEED) ar Fhorbairt Áitiúil a chur i bhfeidhm, 2014
- Borradh a chur faoi Gheilleagar Tuaithe na hÉireann – Tuarascáil ón gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA) 2014
- GFT Éireann, Infheistíocht Choigríche Dhíreach a Ghnóthú 2015-2019
- *Driving Enterprise, Delivering Jobs, Strategy to 2016*, Fiontraíocht Éireann
- Údarás na Gaeltachta, Plean Straitéiseach 2014-2017
- Plean Comhtháite Muirí (PCM), 'Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin', Iúil 2012
- An Plean Forbartha maidir le Fuinneamh In-Athnuaite Amach ón gCósta, 2014
- Straitéis Bhord Iascaigh Mhara 2013-2017
- Delivering on Green Potential – Ráiteas faoi Bheartas an Rialtais maidir le fás agus fostaíocht sa Gheilleagar Glas, 2012
- Developing a Green Enterprise, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, 2011
- EirGrid, Your Grid, Your Views, Your Tomorrow, Plé-Pháipéar faoi Straitéis na hÉireann maidir le Forbairt na hEangaí, 2015

- Fáilte Éireann
- Plean Gníomhaíochta do Phoist i Réigiún na Teorann
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha, 2012

## Na Straitéisí Pobail (alt 3.4)

- Ár dTodhchaí Inbhuanaithe: Creat le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe in Éirinn, 2012
- Tuarascáil an OECD (Forbairt Eacnamaíochta agus Fostaíochta - LEED) ar Fhorbairt Áitiúil a chur i bhfeidhm
- Borradh a chur faoi Gheilleagar Tuaithe na hÉireann – Tuarascáil ón gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA) (2014)
- Plean maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach, Go Maith don Ghnó, Go Maith don Phobal 2014-2016
- Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 (PGN – Cuimsiú)
- An Clár Uilechuimsitheachta Sóisialta agus Gníomhachtaithe Pobail (SICAP) 2015
- Tuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil ar Shaincheisteanna an Lucht Siúil 2006 agus an Straitéis Náisiúnta maidir le hImeascadh an Lucht Siúil/na Romach, 2011
- An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí & Daoine Óga 2014-2020
- Seirbhís Sláinte Ardchaighdeáin a Thógáil d'Éirinn Níos Folláine, Plean Corparáideach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 2015-2017
- Éire Shláintiúil – Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013-2025
- Straitéis Breisoideachais & Oiliúna 2014-2019, SOLAS agus an Roinn Oideachais & Scileanna
- Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána 2013-2018
- An Plean Náisiúnta Leathanbhanda, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha, 2012
- Plean Forfheidhmiúcháin na Straitéise Náisiúnta Míchumais, 2013

## Na Straitéisí Earnála Áitiúla agus na hEagraíochtaí Earnála (alt 3.5)

- Plean Corparáideach Chomhairle Contae Dhún na nGall 2015-2019
- The One Plan for Derry- Londonderry
- Bord Comhpháirtíochta an Iarthuaiscirt
- Grúpa Trasteorann Réigiún an Iarthuaiscirt (NWRCBG)
- Irish Central Border Area Network (ICBAN)
- Dún na nGall Gníomhach – Plean Straitéiseach 2011-2014
- Plean Éagsúlachta Dhún na nGall, 2011-2013
- Ardán Idirchultúir Dhún na nGall
- Grúpa Idirghníomhaireachta Dhún na nGall don Lucht Siúil
- Seirbhís Óige Dhún na nGall
- Líonra Ban Dhún na nGall
- Ag Teacht le chéile ar son na Beatha i nDún na nGall, Féinmharú a Chosc le chéile, Plean Gníomhaíochta 2015-2012
- Plean Réigiúnach Thascfhórsa an Iarthuaiscirt ar Dhrugaí & Alcól 2011-2014
- Cuideachtaí Forbartha Áitiúla
- Ag Forbairt na Fiontraíochta ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair, 2015, Údarás na Gaeltachta
- Plean Straitéiseach Aonad Limistéar Gnó Choillte san Iarthuaisceart 2011-2015
- Plean Sábháilteachta Bóthair Dhún na nGall 2010-2015, Comhairle Contae Dhún na nGall
- Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall 2014-2019, Fóram Oidhreachta Chontae Dhún n nGall
- Plean Straitéiseach ITLC, Ár dTiomantas do Réigiún Foghlama Gheatabhealach an Iarthuaiscirt, 2014-2017
- Plean Oideachais Bhord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall 2011-2015
- Plean Gníomhaíochta Digití Dhún na nGall, 2015
- Plean Gníomhaíochta Straitéisí don Fhiontraíocht Chruthaitheach i nDún na nGall.

## 3.2. Na Straitéisí Pleanála Spásúlachta & Forbartha

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint ar leith acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| **An Straitéis Spáis Náisiúnta 2001-2020** | Is creat pleanála í an Straitéis Spáis Náisiúnta (NSS) 2002-2020, atá deartha chun cothromaíocht inbhuanaithe a bhaint amach i leith forbairt fhisiciúil, eacnamaíochta agus shóisialta chomh maith le fás an daonra ar fud an Chontae. Ainmnítear Leitir Ceanainn-Doire mar Thairseach nasctha chun feidhmiú mar ghníomhaí geilleagrach do réigiún an Iarthuaiscirt. Rinne' Tuarascáil Dearcaidh agus Nuashonraithe' an NSS 2010, réimsí a ainmniú a bheidh mar réimsí gníomhaíochta tosaíochta amach anseo, lena n-áirítear Cuspóirí Bheartas Gheilleagar Cliste an Rialtais a chur i bhfeidhm, straitéisí geilleagracha a fhorbairt, deiseanna forbartha geilleagracha tuaithe a aimsiú, cosaint an chomhshaoil, comhordú trasteorann, pleanáil straitéiseach agus beartú tosaíochta i leith infheistíochta, croístraitéisí do phleananna úsáid talún a ullmhú agus an cleithiúnas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. | Déanann an PÁEP macasamhlú ar an NSS, a mhéid a bhaineann le hainmniú Leitir Ceanainn-Doire mar an gníomhaí réigiúnach fáis agus deiseanna agus ina theannta sin, déantar an tábhacht a bhaineann le fás cothromaithe sa réigiún a threisiú trína chuspóirí i dtaca leis na hIonaid Fhorbartha agus leis na bailte Leibhéal 2 a láidriú agus trína chuspóirí chun an úsáid is fearr a bhaint as na deiseanna geilleagracha tuaithe agus as láidreachtaí an Chontae. | **SPRIOC 1** – **CUS:** 1.6; 1.7<br>**SPRIOC 2** – **CUS:** 2.4; 2.5; 2.8; 2.10<br>**SPRIOC 3** – **CUS:** 3.5; 3.6; 3.11; 3.12; 3.13<br>**SPRIOC 4** – **CUS:** 4.8; 4.9; 4.10; 4.16; 4.21<br>**SPRIOC 5** – **CUS:** 5.2; 5.3; 5.4; 5.5; 5.6; 5.7; 5.8; 5.9; 5.11; 5.17; 5.18<br>**SPRIOC 6** – **CUS:** 6.1; 6.2; 6.3<br>**SPRIOC 7** – **CUS:** 7.1; 7.2; 7.3; 7.4; 7.6; 7.7; 7.8; 7.18 |
| **Na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí don Réigiún Trasteorann, 2010** | Tugann na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí (RPG) aitheantas do na daoine mar an shócmhainn is tábhachtaí de chuid an réigiúin agus dá bhrí sin, leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gcaighdeán saoil a fheabhsú. Tá baint ag na príomhspriocanna straitéiseacha leis an bhforbairt ar Leitir Ceanainn mar ghníomhaí straitéiseach fáis don Chontae; chun forbairt inbhuanaithe chomhtháite a éascú idir cheantair | Baineann an PÁEP leas mór as straitéis na RPG, ina n-ainmnítear an tábhacht eacnamaíochta atá le fás na Tairsí agus leis na hIonaid Fhorbartha/bailte Leibhéal 2 a láidriú, trí dhíriú ar réimsí amhail taighde, nuálaíocht agus an geilleagar digiteach go mór mhór. Trí oibriú i gcomhar lena chéile, agus chun tógáil ar láidreachtaí agus ar dheiseanna | **SPRIOC 1** – **CUS:** 1.1; 1.3; 1.6; 1.7; 1.8<br>**SPRIOC 2** – **CUS:** 2.2; 2.4; 2.5; 2.6; 2.8<br>**SPRIOC 3** – **CUS:** 3.1; 3.4; 3.5; 3.6; 3.9; 3.10; 3.11<br>**SPRIOC 4** – **CUS:** 4.2; 4.7; 4.8; 4.9; 4.10; 4.21<br>**SPRIOC** – **CUS:** 5.2; 5.4; 5.5; 5.6; 5.7; |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint ar leith acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| | uirbeacha agus tuaithe; naisc cheangail agus luaineachta a fheabhsú; iomaíochas, fás geilleagrach agus nuálaíocht a chur chun cinn; na hearnálacha atá ag teacht chun cinn a éascú chun go ndéanfar poist inbhuanaithe a chur ar fáil agus; caighdeán na timpeallachta nádúrtha agus oidhreachta tógtha a chosaint agus a fheabhsú. Déanann na Treoirlínte Croístraitéis a ainmniú don Réigiún ina mbunaítear go ndéanfar an creat fáis daonra do gach údarás áitiúil a chorprú leis an bPlean Forbartha iomchuí. | an Chontae mar gheilleagar tuaithe go formhór, tá an PÁEP dírithe ar fhás geilleagrach amach anseo agus ar iomaíochas i bhForbairt Eacnamaíochta Tuaithe, ag díriú ar réimsí lena n-áirítear turasóireacht, cultúr, oidhreacht, acmhainní nádúrtha agus agraibhia. | **5** 5.8; 5.9; 5.11; 5.16; 5.18<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.2<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.3; 7.4; 7.3; 7.6; 7.7; 7.8; 7.9; 7.10; 7.11; 7.12; 7.13; 7.14; 7.19 |
| **Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012-2018 (arna hathrú)** | Déanann Plean Forbartha Chontae Dhún na n Gall (CDP) 2012-2018, Croístraitéis agus céimiúlacht lonnaíochta 5 leibhéal a chur ar fáil don Chontae (Aguisín 6 den cháipéis seo) ina ndírítear ar Thairseach Leitir Ceanainn-Dhoire, agus ar na bailte straitéiseacha (Bun Cranncha, Carn Domhnach, Ceann an Droichid, Bealach Féich/Sraith an Urláir, Baile Dhún na nGall, Béal Átha Seanaidh, Bun Dobhráin, Na Cealla Beaga agus An Clochán Liath).<br>Aithníonn an Chroístraitéis an tábhacht a bhaineann le limistéar tuaithe Dhún na nGall, agus an méid fáis ar chóir tarlú ansin amach anseo.<br>Leagann an CDP béim ar an ngá atá le cur chuige comhordaithe, pleanáilte agus comhaontaithe i leith infheistíochta agus forbairt nua chun cuidiú le téarnamh an gheilleagair náisiúnta agus réigiúnaigh agus chun na táscairí caighdeáin maireachtála a fheabhsú, amhail an fháil atá ar sheirbhísí. Ainmnítear na réimsí a leanas go mór | I gcosúlacht le creataí na Straitéise Spáis Náisiúnta agus na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí, tá an PÁEP i gcomhréir leis an gcreat pleanála spásúlachta atá leagtha síos i gCroístraitéis an CDP 2012-2018, a mhéid a bhaineann le céimiúlacht lonnaíochta, bunaithe ar ainmniú na Tairsí nasctha agus le tacaíocht ó na hIonaid Fhorbartha agus trí na bailte Leibhéal 2.<br>Tugann cuspóirí móra an PÁEP agus a ghníomhaíochtaí gaolmhara tacaíocht do chur i bhfeidhm na céimiúlachta.<br>Aithníonn an PÁEP an cumas atá ag ceantair tuaithe an chontae cuidiú leis an gcultúr, leis an bpobal agus leis an ngeilleagar agus dá bhrí sin, dírítear sa phlean ar na ceantair tuaithe agus iargúlta. Luaitear cumhacht na seirbhíse leathanbhanda agus na hacmhainní tuaithe sonracha a bhfuil ar a gcumas fás | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.1; 1.3; 1.6; 1.7; 1.11<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.1; 2.4; 2.7; 2.8; 2.11<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.1; 3.3; 3.4; 3.5; 3.11<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.1; 4.2; 4.5; 4.8; 4.9; 4.10; 4.21<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.5; 5.6; 5.11; 5.12; 5.16; 5.17; 5.18;<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.1; 6.2<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.1; 7.3; 7.6; 7.8; 7.9; 7.12; 7.14; 7.15; 7.16; 7.21; 7.22 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint ar leith acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| | mhór mar réimsí beartais thábhachtaigh le haghaidh forbartha:<br>▪ Infheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht i bhforbairt fuinnimh in-athnuaite, seirbhísí eolasbhunaithe, earnáil agraibhia agus táirgí comhshaoil.<br>▪ Modúil eacnamaíochtaa inbhuanaithe a fhorbairt.<br>▪ Comhoibriú trasteorann a láidriú.<br>▪ An tairbhe is fearr a bhaint as acmhainní teicneolaíochta agus digiteacha.<br>▪ Na Cealla Beaga a fhorbairt mar Ionad Sármhaitheasa le haghaidh Fuinneamh In-athnuaite.<br>▪ Comhoibriú oideachasúil a fhorbairt.<br>▪ Pobail inbhuanaithe, fhuinniúla a fhorbairt, ina gcinntítear cuimsiú sóisialta agus comhionannas.<br>▪ Cur chuige comhordaithe a éascú i dtaobh bonneagar sóisialta, pobail agus cultúrtha agus seirbhísí a chur ar fáil.<br>▪ Cumas an gheilleagair tuaithe a fhorbairt.<br>▪ Breithnithe comhshaoil a chomhtháthú sa phróiseas cinnteoireachta.<br>▪ Deiseanna turasóireachta inbhuanaithe a fhorbairt.<br>▪ An fhorbairt ar rochtain straitéiseach chuig an gContae a chinntiú. | eacnamaíochta inbhuanaithe agus suntasach a léiriú ach leas mar is cuí a bhaint astu. | |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint ar leith acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| **An Straitéis – Straitéis Dhún na nGall d'Fhorbairt Shóisialta, Chultúir agus Eacnamaíochta 2012-2018** | Tá Straitéis Dhún na nGall d'Fhorbairt Shóisialta, Chultúir agus Eacnamaíochta 2012-2018, a d'ullmhaigh Bord Forbartha Dhún na nGall ag feidhmiú go dtí seo mar straitéis chomhtháite, ag leagan síos fís roinnte trí aidhmeanna agus cuspóirí a chur i gcrích i leith forbairt shóisialta, chultúir agus eacnamaíochta Chontae Dhún na nGall. Déanann an straitéis spreagadh agus comhthéacs a chur ar fáil do réimse tionscadal nuálach agus chun maoiniú breise don réigiún a ainmniú agus a aimsiú. Déanann an straitéis bonn dea-fhorbartha a chur ar fáil ónar as a d'fhabhraigh an PÁEP. Is iad 6 Sprioc na Straitéise:<br>**Sprioc 1:** Chun an Fháil is fearr ar Sheirbhísí agus ar Thacaíochtaí do Chách i nDún na nGall a chinntiú.<br>**Sprioc 2:** Forbairt leanúnach agus Inbhuanaitheacht Acmhainní Cultúrtha an Chontae a chinntiú.<br>**Sprioc 3:** Forbairt Fiontraíochta agus Scileanna a chur chun cinn sa Réigiún.<br>**Sprioc 4:** Branda Dhún na nGall a fhorbairt ar fud na n-earnálacha ar fad.<br>**Sprioc 5:** Ceann Scríbe Turasóireachta a fhorbairt do Dhún na nGall.<br>**Sprioc 6:** Dún na nGall a fhorbairt mar réigiún ceannais don Gheilleagar Glas. | Tá bonn láidir na gclár agus na ngníomhaíochtaí a rinneadh a sheachadadh trí chur i bhfeidhm na Straitéise léirithe i leanúntas straitéis phobail agus eacnamaíochta an Chontae, a bhfuil fáil air anois sa Phlean Áitiúil Pobail agus Eacnamaíochta. Cuireann an PÁEP le rathúlacht na Straitéise, i ndáil leis an méid a baineadh amach agus atá le feiceáil go soiléir agus i ndáil leis an timpeallacht chomhpháirtíochta agus chomhoibríoch atá bunaithe go láidir sa Chontae. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.2; 1.3; 1.4; 1.8; 1.12; 1.13<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.4; 2.5; 2.7; 2.8<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.1; 3.3; 3.4; 3.5; 3.8; 3.10; 3.11; 3.15<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.1; 4.2; 4.3; 4.4; 4.5; 4.6; 4.9; 4.10; 4.12; 4.13, 4.14; 4.15; 4.17; 4.19; 4.20<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.1; 5.2; 5.5; 5.6; 5.7; 5.8; 5.9; 5.12<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.1; 6.2; 6.3; 6.4; 6.5<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.3; 7.4; 7.6; 7.9; 7.11; 7.12; 7.13; 7.14; 7.15; 7.19; 7.22 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint ar leith acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| **Na Pleananna Forbartha Baile do Leitir Ceanainn, Bun Cranncha agus Bun Dobhráin** | Díríonn na Pleananna Forbartha do Leitir Ceanainn, Bun Cranncha agus Bun Dobhráin ar ról straitéiseach na n-ionad fáis daonra sin.<br><br>Aithníonn Plean Leitir Ceanainn go mór mhór, ról suntasach réigiúnach an bhaile mar an Tairseach atá nasctha le Doire, agus mar phríomhionad ar as a ndéanfar fás geilleagrach an Chontae a chur chun cinn. Tá Croístraitéis i ngach aon Phlean Forbartha atá i gcomhréir le Croístraitéis Phlean Forbartha an Chontae 2012-2018 (arna hathrú) Is iad na pleananna iomchuí:<br>▪ Plean Forbartha Leitir Ceanainn & Comharsanachtaí 2009-2015 (arna hathrú);<br>▪ Plean Forbartha Bhun Cranncha & Comharsanachtaí 2014-2020 agus;<br>▪ Plean Forbartha Bhun Dobhráin & Comharsanachtaí 2009-2015 (arna hathrú) | I gcosúlacht le comhsheasmhacht Phlean Forbartha an Chontae 2012-2018, léiríonn an PÁEP na straitéisí spáis dá bhforáiltear trí na pleananna forbartha reachtúla, a mhéid a bhaineann lena gcuspóirí go mór mhór agus lena ngníomhaíochtaí chun lár na mbailte a láidriú agus a athnuachan; chun athnuachan uirbeach a sholáthar; chun cumas na hoidhreachta cultúrtha agus tógtha a aimsiú agus chun pobail láidre a chur ar fáil atá gníomhach i gcomhfhorbairt áite. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.4; 1.6; 1.7; 1.11<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.1; 2.4; 2.6; 2.7<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.1; 3.3; 3.4; 3.5; 3.9<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.2; 4.3; 4.4; 4.5; 4.17; 4.19; 4.21<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.10; 5.11; 5.16; 5.18<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.1; 6.2; 6.3; 6.4; 6.5<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.1; 7.3; 7.5; 7.6; 7.8; 7.9; 7.10; 7.21; 7.22 |
| **Innéacs na Tairsí agus na Mol Forbartha (GHI) 2012** | Tugann Innéacs na Tairsí agus na Mol Forbartha 2012, cur i láthair agus forléargas ar fheidhmíocht agus ar dhul chun cinn phríomhionaid uirbeacha na hÉireann. I gcás Tairseach nasctha Leitir Ceanainn-Doire, tugann an tuarascáil aitheantas do thábhacht an chomhthéacs trasteorann, a fhianaítear tríd an méid comaitéireachta trasteorann a dhéantar chuig agus as an obair agus aithnítear go bhfuil tionchar mór ag Doire ar Leitir Ceanainn agus ar an ceantar máguaird in oirthear Dhún na nGall, ag neartú stádas | Díríonn an PÁEP go díreach ar dheiseanna agus ar dhúshláin atá fianaithe sa GHDI agus sa Ráiteas Socheacnamaíoch a chruthaíonn cuid den Phlean. Baineann tagairtí díreacha sa PÁEP le gníomhaíochtaí a thacaíonn le neartú agus le fás na Tairsí lena n-áirítear an t-athdhearbhú i leith ár nascachtaí tábhachtacha trasteorann, sna réimsí bonneagair straitéisigh, taighde agus nuálaíocht, foghlaim agus sláinte. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.1; 1.4; 1.6; 1.11; 1.13<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.7; 2.10<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.3; 3.8; 3.9; 3.12; 3.14; 3.15<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.1; 4.3; 4.4; 4.16; 4.19<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.3; 5.4; 5.5; 5.6; 5.7; 5.9; 5.11; 5.12; 5.13; 5.14; |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint ar leith acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| | Tairseach nasctha an dá lonnaíocht chóngaracha. Tuairiscíonn an t-innéacs fás agus gníomhaíocht dhearfach i dTairseach Leitir Ceanainn amhail fás 10.43% sa daonra Tairsí, atá chun cinn ar an meán Tairsí; ardú 7.51% sa líon lucht oibre tríú leibhéal agus ardú 47.30% i gceangal leathanbhanda sa Tairseach. Tuairiscítear gur éirigh go maith le Tairseach Leitir Ceanainn sa réimse Sláinte agus Folláine lena n-áirítear ionchas saoil níos airde ná an t-ionchas saoil Tairsí ar an meán. Ainmnítear dúshláin i réimsí amhail feidhmíocht an ráta foirmithe gnólachta nua atá níos ísle ná an ráta náisiúnta Tairsí ar an meán, agus ráta dífhostaíochta atá níos airde ná an ráta náisiúnta Tairsí ar an meán. Ina theannta sin, tuairiscíonn an t-innéacs go bhfuil ceann de na rátaí díothachta is airde ag Tairseach Leitir Ceanainn i gcomparáid le haon Tairseach eile sa tír. | Tá athshondas agus bonn sonrach ag tagairtí indíreacha sa Tairseach atá ábhartha do chur i bhfeidhm ar fud an Chontae, amhail na deiseanna chun cur lenár láidreachtaí a ainmnítear sa GHDI sa réimse Sláinte agus Folláine, trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar 'Leitir Ceanainn Shláintiúil' ag baint úsáid as creat 'Éireann Sláintiúla'. | 5.16; 5.17<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.5<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.1; 7.2; 7.3; 7.13; 7.18; 7.21; 7.22; |
| **Na Moil/Ionaid Fhorbartha** | Rinne Comhairle Contae Dhún na nGall 7 nIonad/Mol Forbartha a ainmniú sa Chontae, a bhfuil mar chuspóir leo réimsí acmhainne a ainmniú chun forbairt eacnamaíochta a chur ar aghaidh trí Phleananna Gníomhaíochta comhtháite, aon cheann amháin i leith gach Ionad Forbartha. Éilíonn an obair seo cur chuige comhordaithe, comhtháite ina n-áireofar páirtithe leasmhara ar fad ar fud na n-earnálacha pobail, príobháideacha, poiblí agus gníomhaireachta. Tá úinéireacht roinnte na hoibre seo ríthábhachtach lena n-áirítear céim fheidhmíochta na ngníomhaíochtaí a ainmníodh. Léiríonn na hIonaid Fhorbartha a ainmníodh (tá a réimsí | Léiríonn an PÁEP an cur chuige comhoibríoch i dtaca le pleananna gníomhaíochta a sheachadadh i leith gach Ionad Forbartha trí chuspóir 7.8. Is é cuspóir chur i bhfeidhm na nIonad Forbartha tríd an PÁEP:<br>▪ Cur chun cinn agus tacú le gníomhaíocht phobail, chomhoibríoch agus tógáil ar acmhainn.<br>▪ Ómós áite, muintearas agus mórtas ceantair a chruthú.<br>▪ Gníomhaíocht eacnamaíochta agus cruthú fostaíochta a chumasú agus | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.4; 1.7<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.4; 2.6; 2.7<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.3; 3.5; 3.8; 3.9<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.3; 4.4; 4.5; 4.6; 4.7; 4.12; 4.13, 4.14; 4.15; 4.19; 4.20; 4.21<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.10; 5.17; 5.18<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.1; 6.2; 6.3; 6.4; 6.5 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint ar leith acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| | fócais liostaithe thíos) na 'Bailte Tacaíochta Straitéiseacha' Leibhéal 2 a ainmníodh sa CDP 2012-2018 (arna hathrú):<br>▪ Bun Dobhráin – Turasóireacht Mhara.<br>▪ Béal Átha Seanaidh – Oidhreacht Chultúir & Fiontraíocht.<br>▪ Baile Dhún na nGall – Díriú ar Thurasóireacht.<br>▪ Bealach Féich/Sraith an Urláir – Téama Spóirt.<br>▪ Bun Cranncha/Carn Domhnach – Turasóireacht.<br>▪ Gaoth Dobhair – Forbairt Ghnó.<br>Léiríonn Aguisín 7 den cháipéis seo, gné spásúil na nIonad Forbartha. Tá mar aidhm le hobair na Comhairle i ndáil leis na hIonaid Fhorbartha, na sócmhainní agus na hacmhainní reatha a fhorbairt. | díothacht a laghdú.<br>▪ Obair na n-earnálacha pobail, gnó, deonacha agus poiblí a chomhordú agus a úsáid go héifeachtach chun forbairt straitéiseach a chur ar an eolas.<br>▪ Tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí a ainmniú agus a chur i bhfeidhm i ngach ionad ar mhaithe le fás geilleagrach agus pobail.<br>▪ Forbairt inbhuanaithe a spreagadh.<br>▪ Geilleagar oíche agus tráthnóna na nIonad Forbartha ainmnithe a fheabhsú lena n-áirítear an cumas i leith Stádas Bratach Corcra a bhaint amach.<br>▪ Iniúchadh i leith roghanna chun folúntas a laghdú i lár na mbailte. | **SPRIOC 7** **CUS:** 7.1; 7.4; 7.5; 7.6; 7.8; 7.9; 7.15; 7.21; 7.22 |

### 3.3. Na Straitéisí Eacnamaíochta

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| **An Clár Gníomhaíochta do Rialtais Áitiúil Éifeachtach – *Tús Áite do na Daoine,* RCPRÁ, 2012** | Tugann *Tús Áite do na Daoine* léargas i leith beartas Rialtais i dtaca le leasú agus forbairt a dhéanamh ar fud an chórais rialtais áitiúil chun ról níos soiléire agus níos láidre a chur ar fáil do rialtas áitiúil i bhforbairt phobail agus eacnamaíochta. Léiríonn an beartas gurb é an chríoch dheiridh a bhíonn ag rialtas áitiúil, chun folláine agus caighdeán saoil a chuid saoránach agus pobal a chur chun cinn trí ionadaíocht dhaonlathach, fhreagrach agus éifeachtach a dhéanamh ar a son agus trí fheidhmíocht éifeachtach i gcás feidhmeanna agus seirbhísí a sheachadadh ag an leibhéal áitiúil. | Cuirtear an PÁEP ar an eolas trí fhís uileghabhálach Tús Áite do na Daoine chun folláine agus caighdeán saoil a chuid saoránach agus pobal a chur chun cinn.<br>Tá an téama sin le sonrú i spriocanna agus i gcuspóirí an PÁEP ar fad, de bhrí gurb é sin nádúr an phlean, a chuspóirí agus a spriocanna. | **SPRIOC 1** — **Gach ceann**<br>**SPRIOC 2** — **Gach ceann**<br>**SPRIOC 3** — **Gach ceann**<br>**SPRIOC 4** — **Gach ceann**<br>**SPRIOC 5** — **Gach ceann**<br>**SPRIOC 6** — **Gach ceann**<br>**SPRIOC 7** — **Gach ceann** |
| **Tógáil 2020** | Is straitéis í Tógáil 2020, chun tionscal tógála fuinniúil agus athnuaite a chruthú a bheidh oiriúnach don todhchaí agus a bheidh mar ghné lárnach i gcruthú post. Áirítear an méid seo a leanas leis na réimsí tosaíochta a ainmnítear sa straitéis:<br>▪ Cur chuige straitéiseach i leith an tsoláthair tithíochta.<br>▪ Feabhas leanúnach ar an bpróiseas pleanála.<br>▪ An fháil atá ar mhaoiniú do thionscadail inmharthana, fiúntacha.<br>▪ Fáil ar mhaoiniú morgáiste ar théarmaí inbhuanaithe, réasúnacha. | Déanann an PÁEP comhtháthú le réimsí tosaíochta na straitéise náisiúnta trí na gníomhaíochtaí a díríodh orthu i ndáil le hoideachas, oiliúint agus breisoiliúint. Ainmnítear deiseanna ar leith i nDún na nGall i ndáil le scileanna traidisiúnta tógála a chaomhnú agus a fhorbairt. | **SPRIOC 1** — **N/A**<br>**SPRIOC 2** — **CUS:** 2.6; 2.9; 2.10<br>**SPRIOC 3** — **CUS:** 3.9; 3.12<br>**SPRIOC 4** — **CUS:** 4.7; 4.16<br>**SPRIOC 5** — **CUS:** 5.4; 5.7; 5.9; 5.12; 5.13;5.14<br>**SPRIOC 6** — **N/A**<br>**SPRIOC** — **CUS:** 7.9 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar | |
|---|---|---|---|---|
| | ▪ Monatóireacht agus rialú na hearnála.<br>▪ Ensuring a fit for purpose sector supported by a highly skilled workforce<br>▪ Earnáil atá oiriúnach don chuspóir a chinntiú le tacaíocht ó lucht oibre ardoilte.<br>▪ Glacadh lena chinntiú go gcuirfear deiseanna ar fáil d'oibrithe tógála dífhostaithe chun cuidiú le téarnamh na hearnála. | | **7** | |
| ***Making it Happen*- Growing Enterprise for Ireland, Forfás, 2010** | Tuairiscíonn *Making it Happen – Growing Enterprise for Ireland* gurb iad na gnóthaí a chruthaíonn fostaíocht agus a chuireann fás geilleagrach chun cinn agus a léiríonn dá bhrí sin, go bhfuil géarghá le timpeallacht ghnó bharrmhaitheasa a bheith i bhfeidhm chun é sin a chur i gcrích. Treisítear sa tuarascáil go n-éilítear gníomhaíocht chomhordaithe ar fud an rialtais ar fad chun an timpeallacht bharrmhaitheasa sin a chruthú. Leagtar síos ceithre thoisc rathúlachta, chomhlántacha ríthábhachtacha: nuálaíocht, táirgiúlacht, iomaíochas costais agus meascán láidir fiontraíochta. Díríonn moltaí na tuarascála i dtaobh na gceithre thoisc rathúil ar réimsí riachtanacha an oideachais agus ar fhorbairt scileanna, R&D agus nuálaíocht, forbairt bainistíochta, tógáil i seilbh phoiblí, fáil ar mhaoiniú, tosaíochtaí bonneagair, an timpeallacht rialála agus beartais chomórtais. | Tá cruthú na timpeallachta ar bhonn níos leithne mar théama lárnach an PÁEP, inar féidir le gníomhaíocht eacnamaíochta agus gnóthaí feidhmiú go rathúil i nDún na nGall, a chuirtear ar fáil trí roinnt gníomhaíochtaí beartaithe, lena n-áirítear tacaíochtaí gnó, infheistíocht i mbonneagar bóithre, infheistíocht i naisc bhonneagair idirnáisiúnta, ceangal leathanbhanda, bunú cnuasach, margaíocht ghnó, margaíocht chontae, oiliúint sna hearnála fáis sonraithe, naisc bunaithe idir tionscail agus forais oideachais mar shamplaí. | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.1; 1.3; 1.4; 1.5; 1.6; 1.7; 1.8; 1.11 |
| | | | **SPRIOC 2** | **CUS:** 2.4; 2.8; 2.9; 2.10 |
| | | | **SPRIOC 3** | **CUS:** 3.5; 3.11; 3.12 |
| | | | **SPRIOC 4** | **CUS:** 4.7; 4.16 |
| | | | **SPRIOC 5** | **CUS:** 5.1; 5.3; 5.4; 5.5; 5.6; 5.7; 5.9; 5.11; 5.12; 5.13; 5.14; 5.16; 5.17; 5.18; 5.19 |
| | | | **SPRIOC 6** | **CUS:** 6.1; 6.2; 6.3; 6.4; 6.5 |
| | | | **SPRIOC 7** | **CUS:** 7.1; 7.2; 7.3; 7.4; 7.5; 7.8; 7.13; 7.15; 7.18; 7.19; 7.21; 7.22 |
| **OECD LEED (Forbairt Fostaíochta agus Eacnamaíochta Áitiúil)** | Trí Fhorbairt Áitiúil a sheachadadh déantar iniúchadh ar na coinníollacha agus ar na huirlisí áitiúla d'ionchuir bheartais d'fhonn forbairt eacnamaíochta, rathúil agus áitiúil a bhaint | Tacaíonn an PÁEP leis na cuir chuige i leith Forbairt Áitiúil a Sheachadadh agus tá an PÁEP mar dhlúthchuid de na sásanna feidhmithe atá á bhforbairt trí Leasú | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.1; 1.4; 1.6; 1.11; 1.13 |
| | | | **SPRIOC 2** | **N/A** |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| **An Tuarascáil ar Sheachadadh Forbartha Áitiúla** | amach i dtíortha rannpháirteacha. In Éirinn, is é cuspóir na tuarascála, cuidiú leis an gcóras nua Rialtais Áitiúil a mhúnlú, chun a chinntiú go ndéanfar timpeallacht forbartha, áitiúil, inbhuanaithe agus láidir a chruthú. Tá roinnt moltaí sa tuarascáil atá bunaithe ar thacaíocht a sholáthar do chur i bhfeidhm na leasuithe agus na príomhghníomhaíochtaí do rialtas náisiúnta, rialtas áitiúil, an earnáil forbartha áitiúil, gnó agus ceardchumainn a chuimsiú. Ag Leibhéal Náisiúnta áirítear leis na moltaí nach mór fís shoiléir, alta agus céimeanna díláraithe a chur i gcrích amach anseo. Go mba chóir díriú ar an gcás geilleagrach agus ar an bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Post, go mba chóir laochra trasearnála a ainmniú agus leanúint leis an maoiniú forbartha áitiúil. Ag leibhéal áitiúil áirítear sna moltaí go mba chóir go mbeadh comhoibriú éifeachtach trasteorann á chleachtadh agus go nglacfadh na gníomhaireachtaí forbartha áitiúla le róil shoiléire, shonraithe. | Rialtais Áitiúil. Ag leibhéal áitiúil, déanann fís agus spriocanna ardleibhéil an PÁEP creat a chur ar fáil i leith timpeallacht forbartha, inbhuanaithe, áitiúil agus láidir i nDún na nGall. Go háirithe, aithnítear an tábhacht agus an tairbhe a d'fhéadfaí a bhaint as comhoibrithe trasteorann agus léirítear é sin tríd an obair ullmhúcháin ata á déanamh i dtreo Plean Gníomhaíochta le haghaidh Post don Réigiún Trasteorann a sheachadadh, sa chás go bhfuil gné thrasteorann mar chuid dhílis den togra. Aithníonn an PÁEP an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Post mar shásra feidhmithe tábhachtach chun spriocanna agus cuspóirí an PÁEP a bhaint amach agus chun na críche sin, tá an chumarsáid i dtaca leis na próisis chun an PÁEP agus an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Post a ullmhú dea-bhunaithe. | **SPRIOC 3** — **CUS:** 3.12<br>**SPRIOC 4** — **N/A**<br>**SPRIOC 5** — **CUS:** 5.1; 5.11; 5.12; 5.16; 4.17<br>**SPRIOC 6** — **N/A**<br>**SPRIOC 7** — **CUS:** 7.1; 7.3; 721; 7.22; |
| **Ag Fuinnmhiú Gheilleagar Tuaithe na hÉireann- Tuarascáil an Choimisiúin d'Fhorbairt Eacnamaíochta ar Cheantair Tuaithe (CEDRA) 2014** | Déanann Tuarascáil CEDRA, lena n-áirítear 34 mholadh, an fhís i leith an gheilleagair tuaithe a ainmniú mar gheilleagar ilearnála, seachtrach, inoiriúnaithe agus fuinniúil. Sa tuarascáil leagtar béim ar an ngá atá le cur chuige comhtháite, ina moltar don Rialtas, Ráiteas Beartais Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe a ullmhú a bheidh soiléir agus tiomanta, feidhm taighde straitéiseach a bhunú agus sás le haghaidh beartas a chomhordú agus a sheachadadh. Moltar sa Phlean chomh | Tá torthaí agus moltaí 'Ag Fuinnmhiú Gheilleagar Tuaithe na hÉireann' infheidhme go mór mhór i gcás Chontae Dhún na nGall agus i gcuspóirí an PÁEP chun pobail tuaithe a neartú, a gcumas a láidriú agus forbairt eacnamaíochta tuaithe a éascú. Tá ainmniú na Saincheantar Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe aitheanta mar réimse tábhachtach gníomhaíochta sa phlean forbartha. Tá ar | **SPRIOC 1** — **CUS:** 1.1; 1.2; 1.3; 1.4; 1.7; 1.13<br>**SPRIOC 2** — **CUS:** 2.4; 2.7; 2.9; 2.10<br>**SPRIOC 3** — **CUS:** 3.3; 3.4; 3.5; 3.9; 3.12<br>**SPRIOC 4** — **CUS:** 4.1; 4.2; 4.3; 4.7; 4.9; 4.10; 4.16; 4.19; 4.20; 4.21<br>**SPRIOC** — **CUS:** 5.7; 5.9; 5.12; 5.13; |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar | |
|---|---|---|---|---|
| | maith, Saincheantair Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe (REDZ) a bhunú chun an cumas a fheabhsú do phobail áitiúla a gcion a dhéanamh agus úinéireacht a ghlacadh ar fhorbairt eacnamaíochta áitiúil trí phleananna forbartha geilleagraí straitéiseacha áitiúla a chruthú. Dírítear sa tuarascáil ar na socruithe airgeadais chun tacú le forbairt eacnamaíochta tuaithe, ina moltar Ciste Forbartha agus Nuálaíochta Tuaithe a bhunú chomh maith le Clár Spreagtha Baile Tuaithe agus tacaíocht do thionscnaimh phíolótacha nuálacha ar scála beag a chur ar fáil. Ainmnítear na deiseanna sa réimse seirbhísí tacaíochta fiontair áitiúil trí na hOifigí Fiontair Áitiúla (OFÁ), cumas na bpobal tuaithe a neartú, an earnáil fhiontair shóisialta a fhorbairt, an luas íosta leathanbhanda a éilíonn ceantair agus bailte tuaithe, comhtháthú an chláir iompair tuaithe le straitéisí iompair phoiblí agus plean náisiúnta a ullmhú d'fhorbairt turasóireachta i gceantair tuaithe. | chumas na hoibre seo an geilleagar tuaithe a neartú, ag cur leis an teacht aniar sa phobal tuaithe agus cuidiú le struchtúr ár bpobal tuaithe i nDún na nGall a choimeád. | **5** | 5.14; 5.17; 5.18 |
| | | | **SPRIOC 6** | **CUS:** 6.1; 6.2 |
| | | | **SPRIOC 7** | **CUS:** 7.1; 7.4; 7.5; 7.6; 7.8; 7.9; 7.12; 7.14; 7.16; 7.17; 7.19; 7.20; 7.21; 7.22 |
| **Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann, (ÚFT), Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a Ghnóthú 2015-2019** | Is é an Misean ata ag 'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a Ghnóthú' go gcruthóidh ÚFT Éireann, comhpháirtíochtaí le cuideachtaí ilnáisiúnta chun infheistíocht dhíreach, eachtrach a ghnóthú agus a fhorbairt ar mhaithe le tairbhe shóisialta agus eacnamaíochta na hÉireann. Tuairiscíonn an straitéis go bhfostaíonn na cliant-chuideachtaí atá lonnaithe i réigiún na teorann 9,734 duine anois, lena n-áirítear cuideachtaí ceannródaíochta sna hEarnálacha Innealtóireachta, Eolaíochtaí Beatha agus san | Táthar ag súil le foilsiú an Phlean Gníomhaíochta, Réigiúnaigh Teorann le linn Mheán Fómhair 2015, agus rinneadh ailíniú idir an PÁEP agus an Plean Gníomhaíochta Réigiúnach. Tá na príomhthéamaí bonneagair, scileanna forbartha agus éiceachóras geilleagrach, láidir, leabaithe sa PÁEP, atá i gcomhréir le agus a thacaíonn le straitéis an ÚFT d'fhonn fás geilleagrach i nDún na nGall agus i réigiún an Iarthuaiscirt a éascú. | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.1; 1.4; 1.5; 1.6; 1.7; 1.8; 1.11 |
| | | | **SPRIOC 2** | **CUS:** 2.4; 2.8; 2.10 |
| | | | **SPRIOC 3** | **CUS:** 3.5; 3.11 |
| | | | **SPRIOC 4** | **CUS:** 4.9; 4.10; 4.16 |
| | | | **SPRIOC** | **CUS:** 5.1; 5.2; 5.4; 5.5; 5.6; |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| | Earnáil Seirbhísí agus Airgeadais. Léirítear sa Straitéis go bhfuil an ÚFT dírithe ar líon na n-infheistíochtaí a ardú 30% go 40% ar a laghad do gach réigiún taobh amuigh de limistéar Bhaile Átha Cliath, ina léirítear go mbeadh 61 go 66 thionscadal i réigiún na teorann mar thoradh ar an ardú 30% go 40% i líon na n-infheistíochtaí tionscadail. Tagraítear sa Straitéis do Phleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha a ullmhú chun struchtúr a chur ar fáil do na páirtithe leasmhara ar fad i ngach réigiún chun comhoibriú lena chéile d'fhonn an tairbhe is fearr a bhaint as infheistíocht FDI, i gcomhar le cuspóirí forbartha geilleagracha eile amhail turasóireacht agus an tionscal dúchasach. | | **5** 5.8; 5.9; 5.10; 5.11; 5.12; 5.13; 5.14;5.16; 5.17;5.18<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.1; 6.2; 6.3; 6.4; 6.5<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.1; 7.2; 7.3; 7.4; 7.5; 7.6; 7.7; 7.11; 7.13; 7.14; 7.15; 7.16; 7.18; 7.19; 7.21; 7.22 |
| **An Straitéis maidir le Fiontar a chur chun cinn agus Poist a Sheachadadh 2016, Fiontraíocht Éireann** | Tá Straitéis Fhiontraíocht Éireann dírithe ar fhás agus ar chruthú fostaíochta a uasmhéadú i nGnóthaí Éireannacha. Ainmnítear na hEarnálacha a bheidh faoi fhás amach anseo amhail an earnáil bhia, déantúsaíochta, bogearra, seirbhísí a trádáiltear go hidirnáisiúnta agus earnáil na tógála. Cuirtear taca faoi fhís na Straitéise le 4 cholún:<br>▪ Tosú: Ina n-áirítear Éire a bhunú mar an tír bheag is fearr ó thaobh cúrsaí gnó de; líon na dtionscal nuathionscanta a ardú; tacaíochtaí a chur ar fáil do mhicreathionscadal.<br>▪ Nuáil: Ina n-áirítear cuidiú le cuideachtaí na hÉireann a n-iomaíochas a fhorbairt; tairbhe a bhaint as ROI (toradh ar infheistíocht) i leith Infheistíocht Stáit i gcúrsaí taighde. | Léirítear an t-éiteas i dtaobh 'Fiontar a chur chun cinn, Poist a Sheachadadh' sa PÁEP, go háirithe i ndáil le tacaíochtaí do ghnóthaí a sholáthar agus i ndáil leis an timpeallacht riachtanach a chruthú agus a chumasú inar féidir gnó a dhéanamh i nDún na nGall laistigh di. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.1; 1.4; 1.6; 1.7; 1.11<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.4; 2.4; 2.10; 2.11<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.1; 3.5; 3.6<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.7; 4.10; 4.16<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.1; 5.2; 5.3; 5.4; 5.5; 5.6; 5.7; 5.8; 5.9; 5.10; 5.11; 5.12; 5.16; 5.18; 5.19<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.1; 6.3; 6.4; 6.5<br>**SPRIOC 7** **CUS:** Gach ceann |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| | ▪ Scála: Ina n-áirítear scála a chur chun cinn ag gach céim d'fhás cuideachta; onnmhairí a chur chun cinn; tionscnaimh iomaíochais a chur chun cinn; cumas na cuideachta i leith scála a neartú.<br>▪ Ionchasú: Ina n-áirítear cuidiú le cuideachtaí na hÉireann iomaíochas a bhunú sna hEarnálacha Ardteicneolaíochta agus sna hardmhargaí fáis. | | |
| **Údarás na Gaeltachta, Plean Straitéiseach 2014- 2017** | Luaitear i Ráiteas Misin Phlean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2014-2017, 'pobal agus geilleagar fuinniúil, rathúil agus inbhuanaithe Gaeltachta a fhorbairt agus ar an tslí sin, úsáid na Gaeilge a chothabháil, a chur chun cinn agus a neartú mar phríomhtheanga labhartha an phobail Gaeltachta'.<br><br>Leagtar síos cuspóirí an Phlean Straitéisigh faoi 2 théama mar a leanas:<br>▪ Téama 1: Tacaíocht agus forbairt i leith acmhainní cultúrtha, pobail agus teanga. Baineann na cuspóirí atá faoin téama sin le tacaíochtaí a chur ar fáil chun pobal Gaeilge a chothabháil; pobail Ghaeltachta a chumasú chun a n-acmhainní a fhorbairt agus a fheabhsú; scileanna agus infhostaitheacht a fhorbairt agus; na healaíona a chur chun cinn agus cur leis an méid fostaíochta sna healaíona agus sna hearnálacha cultúrbhunaithe.<br>▪ Téama 2: Nuálaíocht agus iomaíochas a fheabhsú trí fhiontraíocht agus acmhainní nádúrtha a fhorbairt. Baineann na cuspóirí | Déanann an PÁEP Gaeltacht Dhún na nGall agus oidhreacht teanga an chontae a ainmniú mar acmhainn thábhachtach phobail agus gheilleagair agus leagtar síos go díreach cuspóirí chun tacú le fostaíocht inbhuanaithe agus le gníomhaíocht ghnó a fhás mar bhealach chun daonra na Gaeltachta a choinneáil agus chun deiseanna fáis a chumasú. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.4; 1.8<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.3; 2.4; 2.5; 2.11<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.2; 3.3; 3.4; 3.5; 3.6; 3.10<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.7; 4.9; 4.10; 4.11<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.1; 5.2; 5.5; 5.6; 5.8; 5.10<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.1; 6.2; 6.3; 6.4<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.1; 7.2; 7.4; 7.5; 7.6; 7.7; 7.9; 7.10; 7.11; 7.12; 7.13; 7.14; 7.16; 7.17; 7.18; 7.19; 7.21; 7.22 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| | atá faoin téama sin le cultúr fiontraíochta, nuálach, láidir a spreagadh trí thacaíochtaí a chur ar fáil do ghnóthaí bunaithe; deiseanna nua a fhorbairt d'acmhainní cósta na Gaeltachta; forbairt na turasóireachta a spreagadh agus; soláthar an bhonneagair riachtanaigh a éascú d'fhonn na hacmhainne fiontraíochta a leathnú. | | |
| **An Plean Comhtháite Mara (IMP) *Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin,* Iúil 2012**<br><br>**An Plean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite, Eischósta 2014** | Déantar straitéis na hÉireann i dtaobh a hacmhainn in-athnuaite eischósta a aimsiú a chur ar fáil tríd an bPlean Comhtháite Mara (IMP), *Feidhm a Bhaint as Saibhreas Ár nAigéin* a foilsíodh i mí Iúil 2012, ina mbunaítear an fhís, na spriocanna ardleibhéil agus na gníomhaíochtaí comhtháite thar na réimsí beartais, rialachais agus gnó, chun go ndéanfar cumas ár n-acmhainní mara a fhíorú. Déantar an straitéis a neartú a thuilleadh tríd an 'bPlean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite Eischósta' 2014, ina gcuirtear creat ar fáil i leith forbairt inbhuanaithe ar acmhainní fuinnimh eischósta na hÉireann thar thrí phríomhréimse - inbhuanaitheacht chomhshaoil, indéantacht theicniúil agus inmharthanacht tráchtála. Aithnítear sa Phlean go bhfuil limistéar farraige na hÉireann tuairim is deich n-uaire níos mó na mórchríoch na tíre, agus go dtugann suíomh na hÉireann, atá ar imeall an Atlantaigh den AE, acmhainn fuinnimh eischósta dúinn atá nach mór dosháraithe, ina bhfuil coinníollacha oiriúnacha ar fáil do réimse leathan teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, easchósta, reatha a fhorbairt. In Aguisín 8, | Aithnítear cósta agus timpeallacht mhara Dhún na nGall sa PÁEP mar phríomhacmhainn phobail, eacnamaíochta agus chomhshaoil. Soláthraítear samplaí eisceachtúla bithéagsúlachta agus fiadhúlra; cumas geilleagrach in earnálacha amhail iascaireacht, dobharshaothrú, fuinneamh agus turasóireacht; agus soláthraítear tairbhí sóisialta agus pobail i dtéarmaí caithimh aimsire, spórt, sláinte agus folláine. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.3; 1.10<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.2; 2.4; 2.5; 2.11<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.6; 3.7; 3.10<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.4; 4.8; 4.9<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.2; 5.8<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.2<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.7; 7.12; 7.14; 7.15; 7.16; 7.22 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| | léirítear Acmhainní Náisiúnta Eischósta na hÉireann – Fíorléarscáil na hÉireann. Aithnítear sa Phlean go gcuideoidh an cumas i leith fuinneamh in-athnuaite, eischósta a aimsiú le fostaíocht agus le fás inbhuanaithe sa gheilleagar glas. | | |
| **Straitéis Bhord Iascaigh Mhara 2013- 2017** | Is plean gníomhaíochta í Straitéis BIM arb í is aidhm léi 1,200 post a chur ar fáil agus €1 billiún a shaothrú as díolachán bia mara tríd an scála a mhéadú agus trí iomaíochas in earnáil bia mara na hÉireann a fheabhsú. Tá an straitéis dírithe ar cúig réimse straitéiseacha, tosaíochta:<br>▪ An soláthar amhábhair a leathnú ó iascaigh agus ó dhobharshaothruithe chuig próiseálaí na hÉireann.<br>▪ An luach breise is fearr is féidir a bhaint as an mbonn amhábhair.<br>▪ Scála a chruthú laistigh de na struchtúir tionscail.<br>▪ Scileanna tionscail a fhorbairt a chuideoidh leis an earnáil a fhás.<br>▪ Inbhuanaitheacht chomhshaoil bhia mara na hÉireann a fheabhsú. | An tábhacht a bhaineann le hearnáil na hiascaireachta, ainmnítear na pobail chósta agus mara sa PÁEP mar limistéar atá oiriúnach d'fhorbairt agus d'fhás breise. Tá Contae Dhún na nGall ar cheann de na contaetha iascaireachta is tábhachtaí in Éirinn, Na Cealla Beaga agus An Caisleán Nua go háirithe. Leagtar béim sa PÁEP glacadh le gníomhaíocht a chumasóidh pobail chósta agus iascaireachta chun a bheith inbhuanaithe. | **SPRIOC 1** — **CUS:** 1.4; 1.7; 1.10<br>**SPRIOC 2** — **CUS:** 2.10<br>**SPRIOC 3** — **N/A**<br>**SPRIOC 4** — **CUS:** 4.9<br>**SPRIOC 5** — **CUS:** 5.1; 5.2; 5.10; 5.12; 5.16; 5.18<br>**SPRIOC 6** — **N/A**<br>**SPRIOC 7** — **CUS:** 7.1; 7.2; 7.4; 7.5;7.8; 7.12; 7.13; 7.16; 7.19; 7.22 |
| ***Delivering on Green Potential* – Ráiteas Beartais Rialtais ar Fhás agus ar Fhostaíocht sa Gheilleagar Glas, 2012** | Is Ráiteas Beartais Rialtais é *'Delivering on Green Potential',* ar Fhás agus ar Fhostaíocht sa Gheilleagar Glas. Ainmnítear na deiseanna suntasacha atá san earnáil d'Éirinn, amhail an raidhse acmhainní in-athnuaite agus an cumas atá ann i leith fuinneamh glan a easpórtáil, an bonn láidir R&D agus cumas na hÉireann mar | Ainmnítear cumas an Gheilleagair Ghlais i nDún na nGall sa PÁEP mar phríomhréimse gníomhaíochta ag réimniú ó bhearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm i dteaghlaigh go thograí ar leibhéal níos straitéisí amhail earnáil Gheilleagair Ghlais a fhorbairt sna Cealla | **SPRIOC 1** — **CUS:** N/A<br>**SPRIOC 2** — **CUS:** 2.1; 2.2; 2.4; 2.11<br>**SPRIOC 3** — **CUS:** 3.7; 3.10<br>**SPRIOC** — **CUS:** 4.8; 4.9 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar | |
|---|---|---|---|---|
| | láthair chun teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus a thástáil, acmhainní nádúrtha iontacha, sárthimpeallacht nádúrtha chun tacú le gníomhaíochtaí turasóireachta glasa, agus na láidreachtaí i dtaca le príomhtheicneolaíochtaí amhail innealtóireacht agus biteicneolaíocht. Ina theannta sin, áirítear an líon sárchuideachtaí agus an íomhá idirnáisiúnta bhunaithe mar Oileán Glas. | Beaga, trí Mhol Nuálaíochta a bhunú d'Acmhainní Mara, Bia agus Turasóireacht. Aithnítear sa PÁEP, go mbeidh cur i bhfeidhm gníomhaíochtaí i ndáil leis an nGeilleagar Glas tairbhiúil do phobail i dtéarmaí éifeachtúlachta fuinnimh, don timpeallacht i dtaca lenár sócmhainní nádúrtha agus bithéagsúlacht a chosaint agus a ghardáil, agus don gheilleagar i dtéarmaí fostaíochta. | 4 | |
| | | | **SPRIOC 5** | **CUS:** 5.2; 5.4; 5.6; 5.8; 5.12 |
| | | | **SPRIOC 6** | **CUS:** 6.1; 6.2; 6.5 |
| | | | **SPRIOC 7** | **CUS:** 7.4; 7.6; 7.13; 7.14; 7.15; 7.16; 7.22 |
| ***Developing a Green Enterprise,* an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, 2011** | Is treoir í *'Developing a Green Enterprise',* a thugann léargas ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí atá ar fáil do ghnóthaí ar mian leo glacadh le cur chuige ina ngnó atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de agus éifeachtach ó thaobh acmhainní de. Dírítear ar cheithre réimse: caomhnú uisce; dramhaíl a chosc; éifeachtúlacht fuinnimh agus teicneolaíocht ghlan. | Tacaítear sa PÁEP leis an gcomhtháthú ar chuir chuige atá inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta de agus éifeachtach ó thaobh acmhainní mar chuid de chruthú na sárthimpeallachta gnó ina ndéanann gnóthaí Dhún na nGall fás agus bláthú ann. Leathnaítear ar an téama sin sa PÁEP le gníomhaíochtaí cosúla i ndáil le héifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht na bhfoirgneamh pobail agus éifeachtúlacht agus timpeallacht inbhuanaithe tithíochta. | **SPRIOC 1** | **N/A** |
| | | | **SPRIOC 2** | **CUS:** 2.1; 2.2; 2.4 |
| | | | **SPRIOC 3** | **N/A** |
| | | | **SPRIOC 4** | **CUS:** 4.4; 4.8; 4.9; 4.10 4.19; 4.20 |
| | | | **SPRIOC 5** | **CUS:** 5.6; 5.8 |
| | | | **SPRIOC 6** | **N/A** |
| | | | **SPRIOC 7** | **CUS:** 7.1 |
| **EirGrid, *Your Grid, Your Views, Your Tomorrow,* Plépháipéar ar Straitéis Forbartha Eangaí na** | I Márta 2015, d'fhoilsigh EirGrid plépháipéar dar theideal 'EirGrid, *Your Grid, Your Views, Your Tomorrow',* chun cuidiú leis an gcomhairliúchán i leith an athbhreithnithe at '*Grid25',* straitéis forbartha eangaí na hÉireann. Tá sé beartaithe | Tá an fháil ar chórais fuinnimh éifeachtacha agus iontaofa ríthábhachtach d'fhás geilleagrach réigiún an Iarthuaiscirt agus dár gcumas chun infheistíocht a mhealladh. Aithnítear é sin as PÁEP mar | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.4; 1.11 |
| | | | **SPRIOC 2** | **N/A** |
| | | | **SPRIOC** | **N/A** |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar | |
|---|---|---|---|---|
| **hÉireann 2015** | go bhfoilseofar an straitéis deiridh níos deireanaí in 2015, agus tacófar sa straitéis le cuspóirí beartais na hÉireann ar bhonn níos leithne; cuspóirí geilleagracha, sóisialta agus timpeallachta, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta an Rialtais le haghaidh Post agus Straitéis Fhorbairt Réigiúnach an ÚFT Léirítear sa pháipéar gur féidir riachtanais traiseolta fuinnimh na hÉireann a chomhlíonadh trí bhonneagar tógtha nua laghdaithe, mar gheall ar fhorbairtí teicneolaíochta nua agus réamh-mheastacháin nuashonraithe i leith éileamh leictreachais amach anseo. Tá an tIdirnascaire Thuaidh Theas, Eangach an Iarthair agus an Nasc Eangaí ar cheann de phríomhthionscadail na tíre. Áirítear 'Tionscadal an Iarthuaiscirt' i measc na dtionscadal eile a ainmnítear sa phlépháipéar. Déantar cur síos sa phlépháipéar ar Thionscadal an Iarthuaiscirt mar chuid den ghá foriomlán atá leis an acmhainn i leith giniúint in-athnuaite a ardú ar fud oileán na hÉireann, tá gá leis an eangach san Iarthuaisceart a láidriú chomh maith. Léirítear sa pháipéar go mbeidh EirGrid i gcomhairliúchán leis an bpobal ar an ngá atá leis an tionscadal seo agus ar an réimse réiteach a d'fhéadfaí a chur i gcrích níos deireanaí in 2015. | chuid de chruthú an infheistíochta bonneagair straitéisigh atá riachtanach do Dhún na nGall agus don réigiún chun a lánacmhainneacht a bhaint amach agus nach mór glacadh le cur chuige comhpháirtíochta d'fhonn tacú le hinfheistíocht riachtanach chun slándáil fuinnimh a chinntiú don réigiún. | **3** | |
| | | | **SPRIOC 4** | **N/A** |
| | | | **SPRIOC 5** | **N/A** |
| | | | **SPRIOC 6** | **N/A** |
| | | | **SPRIOC 7** | **CUS:** 7.1; 7.2; 7.3; 7.14; 7.22 |
| **Fáilte Ireland** | Tá straitéis Fáilte Ireland i ndáil le turasóireacht san iarthuaisceart léirithe i dtionscadal Slí an Atlantaigh Fhiáin (WAW). Tá an WAW ar an gcéad chianslí turasóireachta in Éirinn, ag síneadh ar feadh Chósta an Atlantaigh ó Dhún na nGall go hIarthar Chorcaí. Is é sprioc foriomlán an tionscadail cianslí turasóireachta a fhorbairt ina | Ainmnítear turasóireacht sa PÁEP ar cheann de na príomhréimsí fócais d'fhorbairt eacnamaíochta ar fud an Chontae agus ainmnítear an WAW mar ghné ríthábhachtach sa chomhthéacs sin. Tá an PÁEP dírithe ar chur chuige comhtháite chun líon na gcuairteoirí a | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.4; 1.5; 1.11 |
| | | | **SPRIOC 2** | **CUS:** 2.4; 2.5 |
| | | | **SPRIOC 3** | **CUS:** 3.5; 3.6 |
| | | | **SPRIOC** | **N/A** |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| | mbeidh áit i lár an aonaigh ag iarthar na hÉireann sna margaí thar lear. Tá 6 chéim leis an tionscadal, tá na chéad trí chéim tugtha chun críche (tairiscint an Bhranda agus aitheantas, an tslí a ainmniú agus straitéis aimsithe a fhorbairt). Is iad céimeanna an tionscadail atá fós gan chríoch: 'Na Pointí Fionnachtana'; na taithí WAW a dhíol; cumarsáid agus margaíocht. | ardú, tairbhe a bhaint as an am a chaitear trí ghníomhaíochtaí atá bunaithe ar fhorbairt an táirge, margaíocht, an acmhainn chultúir a aimsiú, an bonneagar fisiciúil a éilítear a sheachadadh agus tacaíocht fiontraíochta agus gnó. | **4**<br>**SPRIOC 5** **N/A**<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.1; 6.2; 6.3; 6.4; 6.5<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.1; 7.5; 7.6; 7.7; 7.9; 7.11; 7.16; 7.19; 7.21; 7.22 |
| **Plean Gníomhaíochta an Réigiúin Trasteorann maidir le Poist** | Táthar ag súil lena fhoilsiú faoi Mheán Fómhair 2015. | Bealaí comhairliúcháin agus comhordaithe a bhunú chun comhlántachtaí idir an PÁEP agus Plean Gníomhaíochta an Réigiúin Trasteorann maidir le Poist a chinntiú. | N/A |
| **An Plean Náisiúnta Leathanbhanda, an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha, 2012** | Tá mar aidhm le Plean Náisiúnta Leathanbhanda an Rialtais, a chinntiú go bhfuil fáil ag gach saoránach agus ag gach gnó ar sheirbhís leathanbhanda ardluais beag beann ar an gceantar ina gcónaí orthu nó ina n-oibríonn siad. Léirítear sa Phlean go ndéanfar é sin a sheachadadh trí theaglaim infheistíochta Stáit agus Tráchtála. Déanfaidh an tIonchur Stáit *'Connecting Communities'* seirbhís leathanbhanda ardluais (30Mbp ar a laghad) a leathnú chuig gach áitreabh sa tír, sa chás nach bhfuil aon ghréasán leathanbhanda ardluais reatha nó beartaithe fós i bhfeidhm. In Aguisín 9 den cháipéis seo, léirítear léarscáil de Chontae Dhún na nGall, ina leagtar síos na ceantair a bheidh cumhdaithe ag oibrithe tráchtála agus na ceantair a ndíreofar orthu faoin togra *'Connecting Communities'.* | Léirítear an tábhacht a leagtar ar infheistíocht i mbonneagar Leathanbhanda faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, agus déantar an bhéim thosaíochta a ainmníodh sa PÁEP a léiriú chomh maith. Ainmnítear sa PÁEP, an gá atá le seirbhís leathanbhanda mar chumasóir d'fhorbairt eacnamaíochta agus phobail agus mar théama leathan a imríonn tionchar ar gach a bheartaímid a dhéanamh i nDún na nGall. Tacaíonn an PÁEP dá bhrí sin, leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda agus beartaítear go háirithe, feidhmiú céimneach tosaíochta a lorg i leith an Phlean i gContae Dhún na nGall. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.1; 1.2; 1.13<br>**SPRIOC 2** **CUS:** N/A<br>**SPRIOC 3** **CUS:** N/A<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.1; 4.2<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.3; 5.11<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.3<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.1; 7.2; 7.3; 7.11; 7.21 |

### 3.4. Na Straitéisí Pobail

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| **Ár dTodhchaí Inbhuanaithe: Creat d'Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éirinn, 2012** | Is í aidhm fhoriomlán cháipéis an Rialtais 'Ár dTodhchaí Inbhuanaithe' soláthar a dhéanamh i leith forbairt inbhuanaithe a chomhtháthú i bpríomhréimsí beartais. As measc na bpríomhdhúslán a ainmnítear sa straitéis áirítear athléimneacht eacnamaíochta, táirgiúlacht agus tomhaltas inbhuanaithe, athrú aeráide agus fuinneamh glan, iompar inbhuanaithe, pleanáil spáis, oideachas agus sláinte phoiblí. Pléitear tiomantais, spriocanna agus easnaimh atá fanta sa straitéis, i gcomhar le 70 beart a chuirfidh an Rialtas i bhfeidhm agus arb as a gcruthófar croílár na cáipéise 'Ár dTodhchaí Inbhuanaithe'. Is bearta leathana iad sin, agus áirítear gníomhaíochtaí amhail táscairí sóisialta agus timpeallachta a chomhtháthú i mbearta dul chun cinn geilleagracha, éifeachtúlacht acmhainne, cur chuige comhtháite i leith bonneagar glas a fhorbairt, Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha a fhorbairt, beartas náisiúnta aeráide, an Plean Náisiúnta Gníomhaíochta do Chuimsiú Sóisialta (2007-2016) a chur i bhfeidhm, Croístraitéisí i bpleanáil áitiúil a chur i bhfeidhm, ionchuir choisctheacha a chur i bhfeidhm i leith sláinte agus geilleagar glas na hÉireann a fhorbairt. | Tá prionsabal na forbartha inbhuanaithe macasamhlaithe trí chuspóirí agus trí ghníomhaíochtaí an PÁEP agus ar fud na n-earnálacha ar fad ag soláthar na tairbhí iomadúla a bheidh mar thoradh ar an ngníomh. As measc na samplaí áirítear limistéir siúil agus rothaíochta chun deiseanna caithimh aimsire a fheabhsú, sláinte agus folláine agus bonneagar glas tábhachtach a chur ar fáil chun freastal ar thionscal na turasóireachta. Déantar soláthar i leith éifeachtúlacht acmhainne agus an fhorbairt a dhéanfar ar an ngeilleagar glas trí chuspóirí an PÁEP, i gcomhar le cuspóirí an PÁEP a bhaineann le pleanáil spáis i gcomhsheasmhacht le Croístraitéis Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall. Ina theannta sin, rinneadh mionbhreithniú ar chomhtháthú forbartha inbhuanaithe thar Spriocanna agus Cuspóirí an PÁEP ina n-iomláine tríd an bpróiseas tástála i leith Measúnú Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnú Oiriúnachta. Ba é conclúid na dtástálacha nach mbeidh an PÁEP mar chúis le tionchair shuntasacha ar an timpeallacht (SEA) ná mar chúis le tionchair shuntasacha ar chuspóirí caomhnaithe d'aon suíomh Líonra Natura 2000 (AA). | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.3;1.6; 1.7; 1.9<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.1; 2.2; 2.4; 2.11<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.7; 3.9<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.3; 4.4; 4.5; 4.8; 4.10; 4.21<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.2; 5.8; 5.10; 5.17; 5.18<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.2<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.4; 7.6; 7.8; 7.12; 7.14; 7.15; 7.16; 7.20; |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| **OECD LEED (Forbairt Eacnamaíochta agus Fostaíocht Áitiúil) An Tuarascáil ar Fhorbairt Áitiúil a Sheachadadh** | Sa tuarascáil ar Fhorbairt Áitiúil a Sheachadadh, déantar iniúchadh ar na coinníollacha agus ar na huirlisí áitiúla chun go bhféadfaidh ionchuir bheartais, forbairt eacnamaíochta áitiúil a bhaint amach go rathúil i dtíortha rannpháirteacha. In Éirinn, tá mar chuspóir leis an tuarascáil cuidiú leis an gcóras nua Rialtais Áitiúil a mhúnlú chun a chinntiú go ndéanfar timpeallacht forbartha áitiúil a chruthú a bheidh láidir agus inbhuanaithe. Tá roinnt moltaí luaite sa tuarascáil atá bunaithe ar thacú leis na leasuithe a chur i bhfeidhm agus lena n-áirítear príomhghníomhaíochtaí le haghaidh rialtas náisiúnta, rialtas áitiúil, an earnáil forbartha áitiúil, gnó agus ceardchumainn. Ag leibhéal náisiúnta, áirítear leis na moltaí nach mór céimeanna díláraithe agus fís alta a chur i bhfeidhm amach anseo agus nach mór díriú ar an gcás geilleagrach agus ar Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Post, nach mór laochra trasearnála a ainmniú agus leanúint ar aghaidh le cistí forbartha áitiúil. Ag leibhéal áitiúil, áirítear leis na moltaí nach mór comhoibriú éifeachtach trasteorann agus go nglacfaidh gníomhaireachtaí forbartha áitiúla le róil shoiléire, shonraithe. | Tacaíonn an PÁEP leis na cuir chuige i leith Forbairt Áitiúil a Sheachadadh agus feidhmíonn an PÁEP mar chuid de na sásanna feidhmithe a fhorbraítear trí Leasú Rialtais Áitiúil. Ag leibhéal áitiúil, soláthraíonn an fhís agus spriocanna ardleibhéil an PÁEP creat i leith timpeallacht forbartha áitiúil a chruthú i nDún na nGall atá láidir agus inbhuanaithe. Go háirithe, aithnítear an tábhacht agus an tairbhe a d'fhéadfaí a bhaint amach trí chomhoibrithe trasteorann agus léirítear é sin tríd an obair ullmhúcháin i leith Plean Gníomhaíochta le haghaidh Post do Réigiún na Teorann a sheachadadh, sa chás go bhfuil gné thrasteorann mar chuid dhílis di. Aithnítear an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Post sa PÁEP mar ghné thábhachtach fheidhmithe chun spriocanna agus cuspóirí an PÁEP a bhaint amach, agus chun na críche sin, tá an caidreamh gníomhach idir an Plean Gníomhaíochta le haghaidh Post agus an PÁEP dea-bhunaithe. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.1; 1.4; 1.6; 1.11; 1.13<br>**SPRIOC 2** **N/A**<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.12<br>**SPRIOC 4** **N/A**<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.1; 5.11; 5.12; 5.16; 4.17<br>**SPRIOC 6** **N/A**<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.1; 7.3; 721; 7.22 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| **Ag Fuinnmhiú Gheilleagar Tuaithe na hÉireann- Tuarascáil an Choimisiúin d'Fhorbairt Eacnamaíochta ar Cheantair Tuaithe (CEDRA) (2014)** | I dTuarascáil CEDRA, ina bhfuil 34 mholadh ar leith, luaitear go mbeidh an geilleagar tuaithe mar gheilleagar ilearnála, seachtrach, inoiriúnaithe, fuinniúil amach anseo. Leagtar béim sa tuarascáil ar an ngá atá le cur chuige comhtháite ina moltar go n-ullmhóidh an Rialtas, Ráiteas Beartais Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe, go ndéanfar feidhm thaighde straitéiseach agus sás a bhunú i leith comhordaithe agus beartas a sheachadadh. Moltar sa tuarascáil chomh maith, go ndéanfar Limistéir Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe (REDZ) a fhorbairt agus a bhunú. Dírítear sa tuarascáil ar na socruithe airgeadais chun tacú le forbairt tuaithe, ina moltar Ciste Forbartha agus Nuálaíochta Tuaithe agus Clár Spreagtha Baile Tuaithe a bhunú agus tacú le tionscnaimh phíolótacha, nuálacha, bheaga, Déantar deiseanna a ainmniú sa réimse seirbhísí fiontraíochta áitiúil trí na hOifigí Fiontraíochta Áitiúil (OFÁ), tógáil ar acmhainn do phobail tuaithe, earnáil fiontraíochta shóisialta a fhorbairt, na luasanna íosta leathanbhanda a éilítear do cheantair agus do bhailte tuaithe, an clár iompair tuaithe a chomhtháthú le straitéisí iompair phoiblí agus plean náisiúnta a ullmhú i leith turasóireacht a fhorbairt i gceantair tuaithe. | Tá moltaí agus torthaí 'Ag Fuinnmhiú Gheilleagar Tuaithe na hÉireann' infheidhme i gcás Chontae Dhún na nGall go mór mhór agus i gcás chuspóirí an PÁEP i dtaca le pobail tuaithe a neartú, tógáil ar a n-acmhainn agus forbairt eacnamaíochta tuaithe a éascú. Aithnítear ainmniú na Limistéar Forbartha Eacnamaíochta Tuaithe mar réimse tábhachtach gníomhaíochta laistigh den phlean forbartha. Tá ar chumas na hoibre seo, an geilleagar tuaithe a neartú, ag tógáil ar theacht aniar an phobail tuaithe dá bhrí sin, agus cuidiú le struchtúr ár bpobal tuaithe i nDún na nGall a choimeád. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.1; 1.2; 1.3; 1.4; 1.7; 1.13<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.4; 2.7; 2.9; 2.10<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.3; 3.4; 3.5; 3.9; 3.12<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.1; 4.2; 4.3; 4.7; 4.9; 4.10; 4.16; 4.19; 4.20; 4.21<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.7; 5.9; 5.12; 5.13; 5.14; 5.17; 5.18<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.1; 6.2<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.1; 7.4; 7.5; 7.6; 7.8; 7.9; 7.12; 7.14; 7.16; 7.17; 7.19; 7.20; 7.21; 7.22 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| **An Plean Freagrachta Sóisialta Corparáide, Tairbhiúil do Ghnó, Tairbhiúil don Phobal 2014-2016.** | Déanann Plean Freagrachta Sóisialta Corparáide an Rialtais, béim a leagan ar an ról atá an CSR in acmhainn a imirt ó thaobh cuidiú le téarnamh geilleagrach na hÉireann, ina ndearbhaítear go mbíonn tionchair dhearfacha le sonrú ar na pobail áitiúla agus máguaird nuair a dhéanann fiontair níos mó ná mar a éilítear orthu trí reachtaíocht amháin sna ceantair ina n-oibríonn siad. Tá ar a gcumas athrú a chur ar chúrsaí chun go mbeidh an tír níos fearr le maireachtáil agus le gnó a dhéanamh inti. Leagtar síos an creat ginearálta sa Phlean ina n-oibríonn an CSR ann in Éirinn, agus léirítear na príomhphrionsabail agus cuspóirí, lena n-áirítear na Colúin ar a bhfuil an CSR bunaithe in Éirinn. Tugtar míniú sa Phlean chomh maith ar mar is féidir leis an CSR cuidiú go dearfach le gnó cuideachta agus leagtar béim ar thacaíochtaí praiticiúla atá ar fáil d'eagraíochtaí. | Léirítear prionsabail an Phlean Freagrachta Sóisialta Corparáide sa PÁEP i dtéarmaí feidhmíochta agus cur chuige araon, le daoine aonair agus eagraíochtaí agus i dtéarmaí chlár margaíochta an Chontae atá ar leibhéal níos straitéisí. Tugtar an léiriú is déanaí air sin, i bhfoilsiú 'Réamheolaire Dhún na nGall' ina leagtar béim ar láidreachtaí an Chontae mar áit mhaireachtála agus áit ghnó. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.5;1.11<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.4; 2.7; 2.8; 2.10<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.5; 3.11<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.4; 4.19<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.9; 5.10; 5.19<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.1; 6.2; 6.3; 6.4; 6.5<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.1; 7.5; 7.6; 7.11; 7.20; 7.21; 7.22 |
| **An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030** | Tá mar chuspóir ag an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, úsáid agus eolas ar an nGaeilge mar theanga phobail a ardú ar bhonn breisithe. Leagtar síos réimsí gníomhaíochta sa Straitéis faoi naoi gceannteideal, eadhon, oideachas, an Ghaeltacht, seachadadh teaghlaigh na teanga, riarachán, seirbhísí agus pobal, na meáin agus teicneolaíocht, foclóirí, reachtaíocht agus stádas, saol geilleagrach agus tionscnaimh leathana. Leagtar béim sa Phlean ar an ngá atá lena chinntiú go ndéanfar seirbhísí a sheachadadh go cuí trí Ghaeilge, lena n-áirítear seirbhísí rialtais | Is príomhghné shóisialta agus chultúir í an Ghaeilge do Ghaeltacht Dhún na nGall agus don Chontae araon. Is cuspóir tábhachtach pobail agus geilleagrach an PÁEP dá bhrí sin, úsáid na Gaeilge a láidriú sa Chontae, a láidreoidh pobail, a neartóidh ceantair tuaithe, agus a chuirfidh deiseanna ar fáil i dtéarmaí gníomhaíochta turasóireachta agus oidhreacht chultúir á gcur i bhfeidhm go mór mhór. Táthar ag díriú in éindí ar an nGaeilge trí Phlean Gaeilge Dhún na nGall | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.8<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.3<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.2<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.10; 4.11<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.18<br>**SPRIOC** **CUS:** 6.1; 6.2 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar | |
|---|---|---|---|---|
| | áitiúil, seirbhísí sláinte, agus seirbhísí óige mar shamplaí. | a ullmhú lena n-áirítear Ionaid Seirbhísí Gaeltachta á n-ainmniú. | **6** | |
| | | | **SPRIOC 7** | **CUS:** 7.10 |
| **Plean Náisiúnta na hÉireann do Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 (Cuimsiú NAP)** | Tá an straitéis seo do uilechuimsitheacht shóisialta bunaithe ar chur chuige saolré a leagtar síos sa Chomhpháirtíocht Náisiúnta, I dTreo 2016. Sa Phlean Náisiúnta do Chuimsiú Sóisialta (cuimsiú NAP), comhlánaithe ag gnéithe cuimsithe sóisialta an Phlean Náisiúnta Forbartha 2007-2013: Bunathrú Éireann – Caighdeán Maireachtála do Chách, leagtar síos mar a dhéanfar an straitéis cuimsithe sóisialta a chur i gcrích thar an tréimhse 2007-2016. Déantar cúig réimse théamacha agus a spriocanna thar ceann gach saolré a leagan síos mar a leanas:<br>▪ Leanaí: díríodh ar oideachas réamhscoile do cheantair uirbeacha atá faoi choimirce an chláir DEIS; cion na leanaí le deacrachtaí litearthachta i mbunscoileanna a laghdú; an líon daoine 20-24 bliana d'aois a thugann a n-oideachas meánscoile chun críche a ardú i gcomparáid leis an méid daoine as an aoisghrúpa céanna a fhaigheann taca ioncaim leanaí.<br>▪ Daoine in Aois Fostaíochta – soláthar tacaíochtaí a ardú do na daoine is faide atá ón margadh fostaíochta, chun fostaíocht a aimsiú agus an ráta leasa shóisialaigh is ísle a chothú.<br>▪ Daoine Aosta – infheistíocht i seirbhísí cúram pobail do dhaoine aosta a ardú.<br>▪ Daoine faoi Mhíchumas – na leibhéil fostaíochta agus rannpháirtíochta do dhaoine | Tá roinnt cuspóirí luaite le Sprioc 4 den PÁEP (Pobail Chuimsitheacha, Sláintiúla agus Inbhuanaithe a Fhorbairt), a bhaineann go díreach agus atá i gcomhréir leis an bPlean Náisiúnta Gníomhaíochta do Chuimsiú Sóisialta. Ainmnítear gach réimse téamach an Phlean Gníomhaíochta mar spriocghrúpaí leis an PÁEP, chun eisiamh sóisialta a laghdú, bealaí chun filleadh ar an oideachas a chur ar fáil, oiliúint agus fostaíocht a chruthú agus comhionannas a éascú. | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.2; 1.3; 1.4; 1.13 |
| | | | **SPRIOC 2** | **CUS:** 2.9; 2.10 |
| | | | **SPRIOC 3** | **CUS:** 3.3; 3.12 |
| | | | **SPRIOC 4** | **CUS:** 4.1; 4.2; 4.3; 4.4; 4.5; 4.6; 4.7; 4.8; 4.9; 4.10; 4.12; 4.13; 4.14, 4.15; 4.16; 4.17; 4.18; 4.19 |
| | | | **SPRIOC 5** | **CUS:** 5.4; 5.7; 5.9; 5.12; 5.13; 5.14 |
| | | | **SPRIOC 6** | **CUS:** N/A |
| | | | **SPRIOC 7** | **CUS:** 7.4; 7.12; 7.20 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| | faoi mhíchumas a ardú chun go bhféadfaidh siad saol a bheidh lán agus tairbhiúil a chaitheamh.<br>▪ Pobail – tógáil agus tacú le pobail inbhuanaithe trí dhíriú ar thithíocht, sláinte agus imeascadh imirceach. | | |
| **An Clár Cuimsithe Shóisialta agus Gníomhaíochta Pobail (SICAP) 2015** | Tá mar aidhm leis an gClár Cuimsithe Shóisialta agus Gníomhaíochta Pobail (SICAP), dul i ngleic le bochtaineacht , eisiamh sóisialta agus le fostaíocht fhadtéarmach trí ghníomhaíocht áitiúil agus comhoibriú idir dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste, spriocghrúpaí imeallaithe, eagraíochtaí pobail, gníomhaireachtaí earnála poiblí agus páirtithe leasmhara eile. Tabharfaidh an clár tacaíocht agus acmhainní do phobail atá faoi mhíbhuntáiste agus do spriocghrúpaí imeallaithe chun dul i mbun cainte le páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla iomchuí chun saincheisteanna i leith cuimsiú sóisialta agus comhionannas a ainmniú. Tacófar le daoine aonair agus le spriocghrúpaí imeallaithe chomh maith atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil chun go bhféadfaidh siad a bheith rannpháirteach go hiomlán agus dul i ngleic le deiseanna foghlamtha fad saoil trí chuir chuige forbartha pobail a úsáid. Déanfaidh an clár seo teagmháil le spriocghrúpaí imeallaithe/daoine aonair agus le cónaitheoirí pobal atá faoi mhíbhuntáiste agus atá dífhostaithe ach nach bhfuil i dteideal soláthair seirbhíse fostaíochta príomhshrutha nó a dhéantar a atreorú chuig an SICAP, iad a theannadh níos gaire don mhargadh fostaíochta agus a n-ullmhacht oibre a fheabhsú agus cuidiú | Ta baint dhíreach ag aidhmeanna an SICAP le gnéithe cuimsithe sóisialta an PÁEP agus dá bhrí sin, mar thoradh ar na gníomhaíochtaí a tharlaíonn tríd an SICAP, déanfar cuspóirí agus gníomhaíochtaí an PÁEP a chur i bhfeidhm agus tá Sprioc 4 ábhartha i ndáil léis sin go mór mhór. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.2;1.3; 1.4; 1.13<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.7; 2.9; 2.10<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.3; 3.8; 3.12<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.1; 4.2; 4.3; 4.4; 4.5; 4.6; 4.7; 4.8; 4.9; 4.10; 4.12; 4.13; 4.14, 4.15; 4.16; 4.17; 4.18; 4.19<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.4; 5.7; 5.9; 5.12; 5.13; 5.14<br>**SPRIOC 6** **N/A**<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.4; 7.12; 7.20 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| | leo fostaíocht agus féinfhostaíocht a aimsiú agus deiseanna fiontraíochta sóisialta a chruthú. | | |
| **Tuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil i leith Saincheisteanna Taistealaithe in 2006**<br><br>**An Straitéis Náisiúnta d'Imeascadh An Lucht Siúil/Romach, 2011** | Rinne Tuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil i leith Saincheisteanna An Lucht Siúil, achoimre ar an gcás i ndáil le soláthar seirbhísí do Thaistealaithe sna príomhréimsí cóiríochta, sláinte, oideachais agus fostaíochta agus rinneadh roinnt moltaí. Leis na moltaí sin, áiríodh saincheisteanna straitéiseacha agus struchtúracha ginearálta chomh maith le cúrsaí a bhaineann go sonrach le hearnálacha ar leith, le béim faoi leith ar chur chuige idirghníomhaireachta a ghlacadh agus comhairliúchán éifeachtach le daoine áitiúla den Lucht Siúil. In 2006, bunaíodh Grúpaí Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil faoi na Boird Forbartha Chathrach agus Chontae chun an seachadadh ar sheirbhísí agus ar thacaíochtaí comhtháite ag leibhéal áitiúil a chomhordú agus in 2007, bunaíodh Coiste Náisiúnta Comhairliúcháin agus Monatóireachta an Lucht Siúil (NTMAC), mar fhóram neamhspleách do phlé idir na páirtithe sóisialta iomchuí. Seoladh an Tuarascáil agus Moltaí i leith Straitéis Oideachais an Lucht Siúil in 2006, inar díríodh ar oideachas an Lucht Siúil a phríomhshruthú. I Straitéis Náisiúnta na hÉireann i leith Imeascadh an Lucht Siúil/Romach, a foilsíodh in 2011, tugtar príomhghnéithe le chéile ó straitéisí náisiúnta reatha iomchuí chomh maith le tionscnaimh atá i bhfeidhm chun cuidiú leis an bPobal Romach. Déantar na ceithre cholún Oideachais, Cóiríochta, Sláinte agus Fostaíochta a bhreithniú. Tar éis athbhreithnithe a rinneadh in 2014, ar | Dírítear sa PÁEP ar riachtanais an phobail An Lucht Siúil agus Romach, trí Sprioc 4; cuspóir 4.15 go príomha agus déantar cur chuige comhpháirtíochta a chur chun cinn chun bacainní, údair imní agus saincheisteanna i leith seachadadh seirbhísí a ainmniú de réir thaithí na bPobal Lucht Siúil agus Romach, agus chun cláir a fhorbairt a dhíreoidh ar na bacainní sin, agus seirbhísí níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a sheachadadh. Ina theannta sin, beidh cuspóirí an PÁEP ábhartha i ndáil leis an bhforbairt ar chláir ina ndírítear ar riachtanais na bPobal Lucht Siúil agus Romach, sa chás go mbaineann na cuspóirí sin le réimse ábhar amhail cuimsiú sóisialta, mná, sláinte agus folláine | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.2;1.3; 1.4; 1.13<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.7<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.3; 3.8<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.1; 4.3; 4.4; 4.5; 4.6; 4.12; 4.13; 4.14, 4.15; 4.16<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.7; 5.9; 5.13; 5.14;<br>**SPRIOC 6** **N/A**<br>**SPRIOC 7** **N/A** |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| | éifeachtúlacht na struchtúr i leith comhairliúcháin agus torthaí a fheabhsú do na pobail Lucht Siúil agus Romach, bhunaigh an Roinn Dlí agus Cirt (DJE), Grúpa Náisiúnta Stiúrtha Straitéise an Lucht Siúil agus Romach. Le linn 2015, beidh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ag glacadh le próiseas comhairliúcháin a bheidh dírithe ar Straitéis Náisiúnta Cuimsithe an Lucht Siúil agus Romach reatha na hÉireann a athbhreithniú, d'fhonn athruithe cuí a chur i gcrích go luath in 2016. | | |
| ***Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile,* an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí & Daoine Óga 2014-2020** | Is í an fhís atá ag *Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile,* 'go mbeidh Éire ar cheann de na tíortha is fearr ar domhan chun éirí aníos agus clann a thógáil inti, go n-urramófar, go gcosnófar agus go gcomhlíonfar cearta na leanaí agus daoine óga ina n-iomláine; go n-éistfear lena nglór agus go dtacófar leo chun a gcumas is fearr a bhaint amach anois agus amach anseo. Ainmnítear cúig thoradh náisiúnta sa Phlean mar a leanas, a bhfuil gá leo chun an fhís i leith leanaí agus daoine óga a chur chun cinn:<br>▪ Gníomhach & sláintiúil, folláine fhisiciúil agus intinne.<br>▪ Cumas iomlán a bhaint amach sna réimsí foghlamtha agus forbartha ar fad.<br>▪ Slán agus sábháilte ó dhochar.<br>▪ Deiseanna agus slándáil eacnamaíochta.<br>▪ Ceangailte, urramaithe agus ag cur le cúrsaí an domhain. | Tacaítear sa PÁEP leis an Straitéis Náisiúnta a chur i bhfeidhm go díreach trí chuspóir 4.13, 'Oibriú i dtreo na 5 toradh náisiúnta do leanaí mar a leagtar síos sa Chreat Beartais Náisiúnta do Leanaí & Daoine Óga 2014-2020'. Ainmnítear réimsí gníomhaíochtaí ar leith a bhaineann le rannpháirtíocht i spórt, tacú le gníomhaíochtaí pobalbhunaithe, deiseanna foghlamtha ar feadh an tsaoil, deiseanna sóisialta agus caithimh aimsire, spásanna sábháilte do dhaoine óga agus na' Gréasáin Tacaíochta Teaghlaigh & Linbh' a fhorbairt. | **SPRIOC 1** — **CUS:** 1.2; 1.3; 1.4; 1.6; 1.7; 1.9<br>**SPRIOC 2** — **CUS:** 2.7<br>**SPRIOC 3** — **CUS:** 3.3<br>**SPRIOC 4** — **CUS:** 4.1; 4.2; 4.3; 4.4; 4.5; 4.7; 4.13; 4.16<br>**SPRIOC 5** — **CUS:** 5.13; 5.14<br>**SPRIOC 6** — **CUS:** N/A<br>**SPRIOC 7** — **CUS:** 7.20 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| **Ag Tógáil Seirbhís Sláinte Ardchaighdeáin d'Éire níos Sláintiúla, Plean Corparáide an FSS 2015-2017** | Tá mar fhís ag Plean Corparáide an FSS, 'Éire níos sláintiúla le seirbhís sláinte ardchaighdeáin a bheidh fiúntach do chách'. Tá na 5 Sprioc a leanas luaite sa Phlean:<br>▪ Sláinte agus folláine a chur chun cinn mar chuid de gach ní a dhéanaimid chun go mbeidh saol níos sláintiúla ag na daoine.<br>▪ Fáil chóir, chothrom agus thráthúil ar sheirbhísí sláinte sábháilte, ardchaighdeáin a theastaíonn ó na daoine.<br>▪ Cultúr atá ionraic, atruach, trédhearcach agus freagrach a chothú.<br>▪ Gníomhú, forbairt agus fiúntas a leagan ar ár lion lucht oibre chun na seirbhísí agus an cúram is fearr a chur ar fáil do na daoine atá ag brath orthu.<br>▪ Acmhainní a bhainistiú ar an mbealach a sholáthraíonn na torthaí sláinte is fearr, a fheabhsaíonn taithí na ndaoine a bhaineann úsáid as an tseirbhís agus a léiríonn luach ar airgead. | Comhoibríonn an PÁEP le Plean Corparáide an FSS go sonrach i ndáil le sláinte agus folláine a chur chun cinn agus i ndáil le cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht grúpaí leochaileacha agus grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste. Léirítear é sin go sonrach trí chuspóirí Sprioc 4. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.3;1.4; 1.13<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.1; 2.2<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.1; 3.8<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.3; 4.4; 4.5; 4.12; 4.13; 4.14<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.9<br>**SPRIOC 6** **N/A**<br>**SPRIOC 7** **N/A** |
| **Éire Shláintiúil- Creat do Shláinte agus Folláine Feabhsaithe 2013-2025** | Sa bhfís a luaitear sa cháipéis seo i leith Éire Shláintiúil, léirítear gur fís í inar féidir le gach duine sult a bhaint as sláinte intinne agus fhisiciúil agus leas iomlán a bhaint as folláine, ina leagtar fiúntas ar fholláine agus ina dtacaítear leis ag gach leibhéal den tsochaí agus ina bhfuil gach uile dhuine freagrach as. Dírítear sa chreat ar 4 phríomhréimse:<br>▪ An cion daoine atá sláintiúil ag gach staid dá saol a ardú tríd an leitheadúlacht gnásaíochta | Tá an PÁEP i gcomhréir le cur chuige Chreat Sláintiúil na hÉireann, trí tharraingt ar dtús ar phríomhaidhm an Chreata d'fhonn sláinte agus folláine a fheabhsú. Lorgaítear go sonrach sa PÁEP, cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm i dtaca le sláinte agus folláine a fheabhsú ar dtús, trí Leitir Ceanainn a láidriú mar 'Leitir Ceanainn Shláintiúil' agus an cur chuige a chur i bhfeidhm ar bhonn níos leithne ar | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.4;1.9; 1.13<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.2; 2.7<br>**SPRIOC 3** **N/A**<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.3; 4.4; 4.5; 4.4; 4.6; 4.12; 4.13; 4.14, 4.15<br>**SPRIOC** **CUS:** 5.13; 5.14 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| | míshláintiúla a laghdú agus trí chur leis na nithe trína ndéantar na coinníollacha sin a chosc.<br>▪ Míchothromaíochtaí sláinte a laghdú trí dhíriú ar na bearnaí idir na haicmí gairme agus na grúpaí socheacnamaíocha is ísle agus is airde a laghdú, agus idir na ceantair is saibhre agus is boichte chomh maith.<br>▪ An pobal a chosaint ó bhagairtí ar shláinte agus ar fholláine trí straitéisí agus ionchuir chomhtháite agus éifeachtacha.<br>▪ Timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine agus earnáil den tsochaí a gcion a dhéanamh i leith Éire shláintiúil a bhaint amach. | fud an Chontae. Tá obair shuntasach déanta cheana féin trí chláir amhail 'Leitir Ceanainn Ghníomhach' agus atá léirithe le gairid trí fhoilsiú an Phlean Gníomhaíochta 2015-2020, *'Connecting for Life Donegal, Preventing Suicide Together'.* | **5**<br>**SPRIOC 6** **N/A**<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.20 |
| **Breisoideachas & Straitéis Oiliúna 2014-2019, SOLAS agus an Roinn Oideachais & Scileanna** | Tá mar aidhm leis an straitéis FET, taithí foghlamtha ar chaighdeán níos airde a chur ar fáil, as a dtiocfaidh torthaí feabhsaithe dóibhsean a ghlacann páirt sa FET. Is iad spriocanna straitéiseacha na straitéise:<br>▪ Scileanna don gheilleagar: Bonneagar comhairliúcháin chuí a áireamh chun soláthar FET a chur ar an eolas tri fhostóirí; FET a sholáthar do réimse ilghnéitheach daoine ach a bheidh dírithe ar fhostaíocht fhadtéarmach agus ar dhaoine óga atá dífhostaithe; scéim nua printíseachta; straitéis nua forbartha fostaí FET; soláthar FET chun cuidiú le daoine a ngnóthaí féin a bhunú agus a chothabháil.<br>▪ Cuimsiú Gníomhach: Tacaíocht do chuimsiú gníomhach ar fud an FET a áireamh; straitéis chun tacú le litearthacht agus le uimhearthacht ar fud an FET. | Sa straitéis náisiúnta i leith Breisoideachais agus Oiliúna, léirítear príomhghné an éiceachórais oideachasúil sa chontae. Tá comhtháthú, pleanáil agus caighdeán an tsoláthair oideachais ina théama athfhillteach sa PÁEP, atá mar chumasóir do dhaoine deiseanna a aimsiú agus déantar fás geilleagrach agus pobail a chur ar fáil dá bhrí sin. Tá an bhéim a leagtar ar chaighdeán agus ar mhionleasú an tsoláthair agus na seirbhísí a thairgtear sa straitéis FET, lárnach agus i gcomhréir le cuspóirí an PÁEP, a mhéid a bhaineann le spriocdhíriú agus le táilliúireacht na foghlamtha . | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.4<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.7; 2.10<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.3<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.3; 4.4; 4.5; 4.6; 4.7; 4.11; 4.13;4.16<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.4; 5.7; 5.9; 5.12; 5.13; 5.14; 5.15<br>**SPRIOC 6** **N/A**<br>**SPRIOC 7** **N/A** |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| | ▪ Soláthar Ardchaighdeáin: Freagairt do riachtanais foghlamtha a áireamh; sármhaitheas i bhforbairt chlár FET a chinntiú; an tseirbhís treorach a uasghrádú; caighdeáin do cháilíochtaí foirne san earnáil FET a fhorbairt; conairí éifeachtacha a sholáthar do chéimí FET, go leibhéil 7 & 8 san ardoideachas.<br>▪ Comhtháthú ar phleanáil agus maoiniú: lena n-áirítear múnla nua pleanála FET comhtháite; bonneagar sonraí a fhorbairt chun tacú le beartas agus le soláthar; maoiniú a bhaineann le feidhmíocht a thabhairt isteach; éifeachtacht an tsoláthair FET reatha a mheasúnú.<br>▪ Seasamh FET: Ina n-áirítear freagairtí ardchaighdeáin an FET a sholáthar agus a chur chun cinn i leith riachtanais an tionscail agus foghlaimeoirí; staidéar tionchair gheilleagraigh agus shóisialta a dhéanamh ar gach BOO. | | |
| **Ráiteas Straitéiseach an Gharda Síochána 2013-2018** | Léirítear sa Ráiteas Straitéiseach gurb é run na straitéise oibriú i gcomhpháirtíocht lena chéile chun ár bpobail a dhéanamh slán trí na ceithre sprioc straitéiseacha a leanas:<br>▪ Ár náisiún a dhaingniú.<br>▪ Oibriúcháin póilíneachta réamhghníomhacha.<br>▪ Pobail shábháilte a chinntiú.<br>▪ Seirbhís ghairmiúil a chur ar fáil. | Tá comhlántachtaí soiléire le baint as cláir An Gharda Síochána a chomhtháthú le gníomhaíochtaí bunaidh an PÁEP. Tá na gaolmhaireachtaí sin soiléir i ndáil le réimsí amhail sábháilteacht bóthair, comhfhorbairt áite, tógáil ar acmhainn an phobail agus cuimsiú sóisialta mar shamplaí. Tá an chomhpháirtíocht a bunaíodh trí Choiste Chomhphóilíneacht Dhún na nGall, lárnach do na comhlántachtaí a sheachadadh i gcáir agus i ngníomhaíochtaí. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.4<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.7<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.3<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.3; 4.4; 4.5; 4.17; 4.19 4.13; 4.16<br>**SPRIOC 5** **CUS:** N/A<br>**SPRIOC 6** **CUS:** N/A |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **SPRIOC 7** | **CUS:** N/A |
| **An Plean Náisiúnta Leathanbhanda. An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha, 2012** | Tá mar aidhm le Plean Náisiúnta Leathanbhanda an Rialtais, a chinntiú go bhfuil fáil ag saoránaigh agus ag gnóthaí na tíre ar fad ar sheirbhís ardluais leathanbhanda, beag beann ar an gceantar ina n-oibríonn siad nó ina bhfuil cónaí orthu ann. Léirítear sa Phlean go ndéanfar é sin a sheachadadh trí theaglaim infheistíochta Tráchtála agus Stáit. Déanfaidh an t-ionchur Stáit '*Connecting Communities*' seirbhís ardluais leathanbhanda iontaofa (30Mbp ar a laghad) a leathnú chuig gach áitreabh sa tír, sna ceantair nach bhfuil aon seirbhís leathanbhanda reatha nó pleanáilte ag feidhmiú iontu fiú. In Aguisín 9 den cháipéis seo, léirítear léarscáil de Chontae Dhún na nGall, leis na limistéir a bheidh faoi chúram na hoibrithe tráchtála agus na limistéir a ndíreofar orthu faoi *'Connecting Communities'*. | Tugann an tábhacht a leagtar ar infheistíocht i mBonneagar Leathanbhanda faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, léiriú ar an mbéim thosaíochta a ainmníodh sa PÁEP chomh maith. Déanann an PÁEP an gá atá le seirbhís leathanbhanda a ainmniú mar chumasóir forbartha geilleagraí agus pobail agus mar théama leathan a imríonn tionchar ar gach ar mian linn a dhéanamh i nDún na nGall. Tacaíonn an PÁEP dá bhrí sin, leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda agus tá mar chuspóir leis go mór mhór, feidhmiú céimneach tosaíochta an Phlean a lorg i gContae Dhún na nGall. | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.1; 1.2; 1.13 |
| | | | **SPRIOC 2** | **CUS:** N/A |
| | | | **SPRIOC 3** | **CUS:** N/A |
| | | | **SPRIOC 4** | **CUS:** 4.1; 4.2 |
| | | | **SPRIOC 5** | **CUS:** 5.3; 5.11 |
| | | | **SPRIOC 6** | **CUS:** 6.3 |
| | | | **SPRIOC 7** | **CUS:** 7.1; 7.2; 7.3; 7.11; 7.21 |
| **An Plean Náisiúnta Feidhmithe Straitéise Míchumais, 2013** | Is cur chuige uile-Rialtais í an Straitéis Náisiúnta Míchumais i leith cuimsiú sóisialta a chur chun cinn i measc daoine atá faoi mhíchumas agus leagtar síos na bearta praiticiúla a nglacfar leo d'fhonn an Straitéis Náisiúnta Míchumais a chur chun cinn thar an tréimhse 2013 go 2015. Cumhdaíonn an Plean réimse leathan ranna rialtais, chun a chinntiú go mbeidh seirbhísí poiblí príomhshrutha deartha agus seachadta ar bhealaí a áiríonn daoine atá faoi mhíchumas, chun go ndéanfaidh an earnáil phoiblí daoine atá faoi mhíchumas a bhreithniú mar dhlúthchuid den phobal a bhfreastalaíonn siad orthu. | Tacaítear sa Phlean leis na prionsabail agus le spriocanna an Phlean Náisiúnta Feidhmithe Straitéise Míchumais, leis na cuspóirí leathana a thagann chun cinn ar fud na spriocanna d'fhonn cuimsiú sóisialta a fheabhsú agus bacainní a thógáil. Dírítear go sonrach sa Phlean ar riachtanais na ndaoine atá faoi mhíchumas trí chuspóir 4.15, 'tacú le daoine atá faoi mhíchumas chun a bheith páirteach go hiomlán i saol cultúrtha, sóisialta agus geilleagrach agus an dearcadh a sin a chur chun cinn'. | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.3; 1.4; 1.13 |
| | | | **SPRIOC 2** | **N/A** |
| | | | **SPRIOC 3** | **CUS:** 3.1 |
| | | | **SPRIOC 4** | **CUS:** 4.3; 4.6; 4.8; 4.15 |
| | | | **SPRIOC 5** | **CUS:** 5.7 |
| | | | **SPRIOC 6** | **CUS:** N/A |
| | | | **SPRIOC** | **CUS:** N/A |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhfuil baint acu le hábhar |
|---|---|---|---|
| | Dá bhrí sin, dírítear sa Phlean feidhmithe ar bhacainní i leith cuimsithe. Déantar ceithre sprioc ardleibhéil a ainmniú sa Phlean faoi na téama seo a leanas:<br>▪ Saoránaigh Chomhionanna.<br>▪ Neamhspleáchas agus rogha.<br>▪ Rannpháirtíocht<br>▪ An leas is fearr a aimsiú. | | **7** |

## 3.5. Na Straitéisí Earnála Áitiúla agus na hEagraíochtaí Earnála

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|
| **Plean Corparáide Chomhairle Contae Dhún na nGall, 2015-2019** | Sa Phlean Corparáide leagtar síos an treoir straitéiseach do Chomhairle Contae Dhún na nGall thar an tréimhse 2015-2019. Tá 6 chuspóir straitéiseacha sa phlean mar a leanas:<br>1. Glacadh le ról ceannasach i dtaca le forbairt eacnamaíochta, inbhuanaithe a chur chun cinn agus cruthú fostaíochta i nDún na nGall.<br>2. Leanúint ar aghaidh leis an mbonneagar cultúrtha, pobail, timpeallachta, geilleagrach, sóisialta agus fisiciúil a fhorbairt agus a bhainistiú inár gcontae.<br>3. Tacaíochtaí agus seirbhísí fiúntacha, éifeachtacha agus inrochtana a chur ar fáil.<br>4. Ár dteangacha, oidhreacht, timpeallacht, | Tá naisc shoiléire agus dhíreacha idir an PÁEP agus Plean Corparáide Chomhairle Contae Dhún na nGall thar réimsí gníomhaíochta cumasaithe i leith bonneagar straitéiseach, pobail chuimsitheacha agus inbhuanaithe agus oidhreacht chultúir a chur chun cinn. Ta an Plean Corparáide i gcomhréir le téamaí leathana agus uileghabhálacha 7 Sprioc an PÁEP, leis an dá Phlean ag obair as láimh a chéile le comhlántachtaí sonracha. | **SPRIOC 1** — **GACH CEANN**<br>**SPRIOC 2** — **GACH CEANN**<br>**SPRIOC 3** — **GACH CEANN**<br>**SPRIOC 4** — **GACH CEANN**<br>**SPRIOC 5** — **GACH CEANN**<br>**SPRIOC 6** — **GACH CEANN** |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|
| | cultúr agus ealaíona a chaomhnú, a bhainistiú agus a chur chun cinn.<br>5. Tacú le pobail chuimsitheacha agus inbhuanaithe agus iad a chur chun cinn.<br>6. Tacaíocht agus forbairt a dhéanamh ar ár n-acmhainn eagraíochtúil chun ár gcuspóirí a bhaint amach. | | **SPRIOC 7** **GACH CEANN** |
| **An Plean Aon- do Dhoire-Londonderry** | Fís agus creat comhaontaithe is ea an Plean Aon-chun athnuachan a dhéanamh ar Dhoire-Londonderry. Tá mar mhisean ag an Phlean Aon-athnuachan sóisialta, fisiciúil agus eacnamaíochta a sheachadadh, geilleagar níos láidre agus níos fuinniúla a thógáil le méadú ar an rachmas dár gcathair agus dár réigiún, ar bhealaí ina gcinntítear go bhfuil deiseanna agus tairbhí de thoradh athnuachana dírithe i dtreo na ngrúpaí is díothaí inár bpobail. Is iad Téamaí Bunathraithe an Phlean: Fostaíocht agus Geilleagar; Oideachas agus Scileanna; Pobail níos fearr a Thógáil; Sláinte agus Folláine agus Réigiún Cathrach Ceangailte agus Inbhuanaithe. Aithnítear sa Phlean dá bhrí sin, an tábhacht atá leis an mbaint atá ag Doire-Londonderry leis an gcuid eile den réigiún agus ainmnítear réigiún na Cathrach mar réigiún trasteorann de réir sainmhínithe, ina léirítear go bhfuil tábhacht le sraith comhthograí tacaíochta a chomhaontú a dhéanann sainiúlacht Dhoire-Londonderry agus an réigiún a chur chun cinn. Tagraítear sa Phlean don réimse tionscnamh comhpháirtíochta agus tagraítear go háirithe do bhunú Bhord Comhpháirtíochta an Iarthuaiscirt in 2010, mar aon lena réimsí ainmnithe do chomhpháirtíocht trasteorann. | Tá tábhacht réigiúnach leis an bhfás a bheartaítear san Phlean Aon- i leith Doire-Londonderry, agus cuideoidh an cur chuige trasteorann comhoibríoch i dtaobh an réigiún a láidriú le cuspóirí an PÁEP agus an Aon Phlean araon a bhaint amach. Go dtí seo, bunaíodh comhpháirtíochtaí láidre sa réigiún chun líon criticiúil réigiúnach a chomhcheangal agus acmhainn a ardú agus cruthaíodh gur éirigh go maith leis an gcur chuige seo trí chomhpháirtíochtaí amhail Réigiún Foghlamtha Thairseach an Iarthuaiscirt agus Conair Nuálaíochta Sláinte an Iarthuaiscirt. Molann agus tacaíonn an PÁEP go láidir le cur chuige comhpháirtíochta trasteorann a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.1; 1.4; 1.6; 1.11; 1.13<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.4; 2.5<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.1; 3.5; 3.6; 3.15<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.1; 4.2; 4.3; 4.4; 4.5;<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.1; 5.5; 5.6; 5.10; 5.12; 5.16<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.1; 6.2; 6.3<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.1; 7.2; 7.3; 7.5; 7.6; 7.7; 7.13; 7.22 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar | |
|---|---|---|---|---|
| **Bord Comhpháirtíochta an Iarthuaiscirt (NWPB)** | Is clár oibre ilearnála é Bord Comhpháirtíochta an Iarthuaiscirt atá dírithe ar chur chuige comhordaithe agus ar chomhoibriú i leith forbairt chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíochta ar bhonn trasteorann. Tá an NWPB ag ullmhú Plean Gníomhaíochta an Iarthuaiscirt faoi láthair le tacaíocht ón ICLRD agus le rannpháirtíocht ón DRD (NI) agus ón RCPRÁ (Éire). Is iad na príomhréimsí a ndíreofar orthu sa phlean gníomhaíochta: cultúr agus tionscail chruthaitheacha; an geilleagar glas agus athnuaiteáin; nuálaíocht sláinte (lena n-áirítear Ionaid Bhairr Feabhais-Nuálaíocht Straitéiseach, mar ghníomhaithe forbartha geilleagraí; agus folláine agus Caighdeán Maireachtála ina ndírítear ar uilechuimsitheacht shóisialta agus folláine) agus turasóireacht. Leis na téamaí leathana a ainmníodh atá ríthábhachtach do chúrsaí forbartha áirítear forbairt eacnamaíochta; nascacht (lena n-áirítear iompar agus leathanbhanda), oideachas agus scileanna; an timpeallacht agus forbairt tuaithe. | Déantar obair an NWPB a ailíniú go mór ar fud spriocanna an PÁEP ar fad. Léirítear clár oibre bunaithe chun comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe éifeachtacha trasteorann a bhaint amach. | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.1; 1.4; 1.6; 1.11 |
| | | | **SPRIOC 2** | **CUS:** 2.4 |
| | | | **SPRIOC 3** | **CUS:** 3.4; 3.5 |
| | | | **SPRIOC 4** | **CUS:** 4.2; 4.4; 4.5; 4.7 |
| | | | **SPRIOC 5** | **CUS:** 5.1; 5.5; 5.6; 5.7; 5.8; 5.9; 5.11; 5.12; 5.17 |
| | | | **SPRIOC 6** | **CUS:** N/A |
| | | | **SPRIOC 7** | **CUS:** 7.1; 7.2; 7.3; 7.5; 7.6; 7.13; 7.14; 7.17; 7.18; 7.21; 7.22 |
| **Grúpa Trasteorann Réigiún an Iarthuaiscirt (NWRCBG)** | Cuimsítear Cathair Dhoire, Comhairle Ceantair an tSratha Báin agus ceantair Chomhairle Contae Dhún na nGall sa NWRCBG. Tá mar aidhm leis an ngrúpa 'an geilleagar áitiúil a láidriú agus a fhorbairt trí chomhoibriú agus seasamh socheacnamaíoch Réigiún an Iarthuaiscirt a fheabhsú'.<br><br>Áirítear forbairt fiontraíochta, forbairt | Déantar obair an NWRCBG a ailíniú go mór ar fud spriocanna an PÁEP. I gcosúlacht leis an NWPB agus ICBAN, léirítear clár oibre bunaithe chun comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe éifeachtacha trasteorann a bhaint amach. | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.1; 1.4; 1.6; 1.11 |
| | | | **SPRIOC 2** | **CUS:** 2.4 |
| | | | **SPRIOC 3** | **CUS:** 3.4; 3.5 |
| | | | **SPRIOC 4** | **CUS:** 4.2; 4.4; 4.5; 4.7 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar | |
|---|---|---|---|---|
| | turasóireachta, comhoibriú trasteorann agus forbairt straitéiseach le hobair an Ghrúpa. | | **SPRIOC 5** | **CUS:** 5.1; 5.5; 5.6; 5.7; 5.8; 5.9; 5.11; 5.12; 5.17 |
| | | | **SPRIOC 6** | **CUS:** N/A |
| | | | **SPRIOC 7** | **CUS:** 7.1; 7.2; 7.3; 7.5; 7.6; 7.13; 7.14; 7.17; 7.18; 7.21; 7.22 |
| **Gréasán Lárnach Réigiún Teorainn na hÉireann (ICBAN)** | Is gréasán é an ICBAN lena n-áirítear 10 gcomhairle ballraíochta ar fud Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann le haidhm choiteann, 'freagairt do riachtanais uathúla eacnamaíochta agus shóisialta réigiún an ICBAN'. Feidhmíonn an clár oibre chun dul i gcion ar bheartas réigiúnach trasteorann agus creat a bhunú chun freastal ar riachtanais agus ar acmhainneacht réigiún an ICBAN. | Déantar obair an ICBAN a ailíniú go mór ar fud spriocanna an PÁEP agus le haidhmeanna an NWPB agus an NWRCNG, i dtaca le forbairt eacnamaíochta agus phobail an réigiún a fheabhsú. I gcosúlacht leis an NWPB agus an ICBAN, léirítear clár oibre bunaithe chun comhpháirtíochtaí agus comhoibrithe éifeachtacha trasteorann a bhaint amach. | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.1; 1.4; 1.6; 1.11 |
| | | | **SPRIOC 2** | **CUS:** 2.4 |
| | | | **SPRIOC 3** | **CUS:** 3.4; 3.5 |
| | | | **SPRIOC 4** | **CUS:** 4.2; 4.4; 4.5; 4.7 |
| | | | **SPRIOC 5** | **CUS:** 5.1; 5.5; 5.6; 5.7; 5.8; 5.9; 5.11; 5.12; 5.17 |
| | | | **SPRIOC 6** | **CUS:** N/A |
| | | | **SPRIOC 7** | **CUS:** 7.1; 7.2; 7.3; 7.5; 7.6; 7.13; 7.14; 7.17; 7.18; 7.21; 7.22 |
| **Dún na nGall Gníomhach – Plean Straitéiseach 2011-2014** | Is Plean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall é 'Dún na nGall Gníomhach' don tréimhse 2011-2014. Is é ráiteas misin an Phlean, 'Inbhaunaitheacht Chomhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall amach anseo a chinntiú, chun gur féidir leanúint ar aghaidh ag cur leis an acmhainneacht i gcúrsaí spóirt, scoileanna agus pobail agus tacú leo ina n-iarrachtaí 'Dún na nGall | Déantar rannpháirtíocht i gcúrsaí spóirt ar fud earnálacha an phobail ar fad a chur chun cinn sa PÁEP, mar bhealach chun sláinte agus folláine a fheabhsú mar aon le cuimsiú sóisialta a fheabhsú le tionchair iarmhartacha i dtéarmaí laghdú agus cosc a chur le drochshláinte. Tá naisc shonracha ag an gcur chuige seo le cur i | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.4; 1.9; 1.13 |
| | | | **SPRIOC 2** | **CUS:** 2.1; 2.2; 2.4 |
| | | | **SPRIOC 3** | **N/A** |
| | | | **SPRIOC 4** | **CUS:** 4.3; 4.4; 4.5; 4.6; 4.12; 4.13;4.14; 4.19 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|
| | Gníomhach' a láidriú. Tá an Plean bunaithe ar cheithre cholún:<br>▪ Pobail Ghníomhacha: Creat riachtanach a chur ar fáil chun díriú ar earnálacha le rannpháirtíocht íseal ag úsáid cláir bhunaithe amhail tionscadail Oifigigh Míchumais Cuimsithe Spóirt, Caidrimh Phobail trí Spóirt, *Go for Life, Lets Walk Donegal* agus Mná i Spóirt. Trí chláir a fhorbairt a úsáideann an timpeallacht áitiúil lena n-áirítear gníomhaíochtaí lasmuigh amhail, siúl, rothaíocht agus clár nua tiomnaithe spóirt uisce.<br>▪ Comhpháirtíocht Ghníomhach: Margaíocht an bhranda 'Dún na nGall Gníomhach' mar shampla.<br>▪ Spóirt Ghníomhacha: Tacú le clubanna spóirt áitiúla trí fheasacht a mhúscailt, dea-chleachtas a chur chun cinn agus rannpháirtíocht ina hiomláine a ardú.<br>▪ Scoileanna Gníomhacha: Rannpháirtíocht a ardú mar bhonn i leith rannpháirtíocht ar feadh an tsaoil i gcúrsaí spóirt agus i ngníomhaíocht choirp agus cláir a chothabháil ar fud na hearnála oideachais. | bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta *'Éire Shláintiúil',* leis an obair áitiúil i ndáil le *'Healthy Letterkenny'* & *'Healthy Donegal',* agus leis an bhfoilseachán is déanaí ón FSS, Plean Gníomhaíochta 2012-2015, *'Connecting For Life Donegal, Preventing Suicides Together'.* Ina theannta sin, tá athshondas ar leith le híomhá 'ghlas' Dhún na nGall, i gcur chun cinn spóirt, caitheamh aimsire agus nósanna maireachtála a chuireann le caighdeán an taithí saoil i gContae Dhún na nGall, agus a chuidíonn leis na táirge turasóireacht a thairgtear sa Chontae. | **SPRIOC 5** **N/A**<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.1; 6.2<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.6 |
| **Plean Éagsúlachta Dhún na nGall 2011-2013** | Tá mar aidhm leis an bPlean comhionannas, idirchultúrachas, frithchiníochas agus frithsheicteachas a fheabhsú inár gcontae agus chun cuimsiú agus imeascadh i leith cách a fheabhsú agus a chur chun cinn i nDún na nGall. Tá an creat idirchultúir bunaithe ar roinnt príomhthéamaí a bhfuil mar aidhm leo cosaint éifeachtach a chur ar fáil agus seasamh i gcoinne | Ainmnítear éagsúlacht i Sprioc 3 agus i Sprioc 4 sa PÁEP, mar ghné thábhachtach i dtaca le pobail chuimsitheacha, sláintiúla agus inbhuanaithe a thógáil Dírítear ar éagsúlacht go sonrach sa Phlean trí chuspóir 3.8, 'éagsúlacht chultúir i sochaí chomhaimseartha a chuimsiú agus a chothabháil'. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.4; 1.13<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.3; 2.7<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.1; 3.3; 3.8<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.3; 4.5 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar | |
|---|---|---|---|---|
| | ciníochais; cuimsiú geilleagrach agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn; freastal ar éagsúlacht i soláthar seirbhísí; díriú ar steiréitíopáil dhiúltach pobail lena n-áirítear clúdach meán diúltach agus ceal eolais i leith seicteachais; rannpháirtíocht ghníomhach a spreagadh i measc grúpaí mionlach eitneach agus grúpaí reiligiúnacha i gcúinsí pobail agus polaitiúla. | | **SPRIOC 5** | **N/A** |
| | | | **SPRIOC 6** | **CUS:** 6.1; 6.2; 6.3 |
| | | | **SPRIOC 7** | **CUS:** 7.9 |
| **Clár Oibre Idirchultúir Dhún na nGall** | Tá mar Mhisean ag Clár Oibre Idirchultúir Dhún na nGall, ionadaíocht a dhéanamh ar ghrúpaí cultúrtha agus eitneacha agus oibriú ar son cearta daonna agus comhionannais. Tacaíonn an grúpa le daoine ó ghrúpaí mionlaigh páirt iomlán a ghlacadh i saol sibhialta i nDún na nGall agus le daoine ón mórchultúr tuiscint agus urraim a léiriú d'éagsúlacht chultúrtha. Reáchtálann an Grúpa tionscadail go leor lena n-áirítear ealaín, féilte, comhdhálacha, comhairle, tacaíocht agus oiliúint; foilsiú leabhar agus faisnéise; fáilte a leathnú roimh gach duine chuig an ionad agus scéim tuairiscithe seictí agus ciníche a reáchtáil. | Tacaíonn an PÁEP le hobair an Chláir Oibre Idirchultúir trí chuspóirí agus ghníomhaíochtaí Sprioc 4. Go háirithe, déanann an PÁEP ailíniú leis an gClár Oibre Idirchultúir agus le Plean Éagsúlachta Dhún na nGall tri chuspóirí i ndáil le héagsúlacht, cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht. | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.2; 1.3; 1.4; 1.13 |
| | | | **SPRIOC 2** | **CUS:** 2.7; 2.10 |
| | | | **SPRIOC 3** | **CUS:** 3.1; 3.3; 3.8; 3.12 |
| | | | **SPRIOC 4** | **CUS:** 4.1; 4.2; 4.3; 4.4; 4.5; 4.7; 4.15; 4.16; 4.17; 4.19 |
| | | | **SPRIOC 5** | **CUS:** 5.7; 5.9; 5.13; 5.14 |
| | | | **SPRIOC 6** | **CUS:** 6.1; 6.2 |
| | | | **SPRIOC 7** | **CUS:** N/A |
| **Grúpa Idirghníomhaireachta Thaistealaithe Dhún na nGall** | In 2009, rinne Grúpa Idirghníomhaireachta Dhún na nGall ar shaincheisteanna An Lucht Siúil a bPlean Straitéiseach a ullmhú don tréimhse 2009-2011. Leagadh síos roinnt cuspóirí sa Phlean i leith ceantair théamacha cultúir; cóiríocht; seirbhísí sláinte; oideachas; (lena n-áirítear oideachas foirmiúil) agus seirbhísí óige; breisoideachas; fostaíocht agus oiliúint agus | In oirchill creata athbhreithnithe náisiúnta agus áitiúla ina ndírítear ar riachtanais na bpobal an Lucht Siúil agus Romach trí chuspóir 4.15, i réimsí lena n-áirítear rannpháirtíocht, cur chun cinn an Chreat Idirghníomhaireachta, fáil ar sheirbhísí príomhshrutha agus ar leith, oideachas, cuimsiú, litearthacht, fáil ar fhostaíocht | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.2;1.3; 1.4; 1.13 |
| | | | **SPRIOC 2** | **CUS:** 2.7 |
| | | | **SPRIOC 3** | **CUS:** 3.3; 3.8 |
| | | | **SPRIOC 4** | **CUS:** 4.1; 4.3; 4.4; 4.5; 4.6; 4.12; 4.13; 4.14, 4.15; 4.16 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|
| | forfheidhmiú an dlí. In 2013, ghlac an Grúpa Idirghníomhaireachta An Lucht Siúil páirt i gceardlann éascaithe ina ndearnadh plé maidir leis na téarmaí tagartha agus inar áiríodh dréachtráiteas misin mar a leanas: 'Oibreoidh Grúpa Idirghníomhaireachta CDB Dhún na nGall ar Shaincheisteanna An Lucht Siúil i gcomhpháirtíocht leis an bpobal An Lucht Siúil chun tuiscint a fháil ar a saincheisteanna agus ar a n-údair imní. Déanfar iarracht seirbhísí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a sheachadadh, mar aon le bacainní ar sheachadadh seirbhísí a ainmniú agus iad a dhíothú más féidir. Tabharfaidh an grúpa tacaíocht don phobal An Lucht Siúil chomh maith, chun seirbhísí cultúrtha cuí a fhorbairt agus comhionannas toraidh do Thaistealaithe na tíre ina n-iomláine a chur chun cinn. Beidh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (DJE) ag déanamh athbhreithniú ar na TIG ar fad faoi dheireadh 2015, agus tabharfar aird ar an athbhreithniú leanúnach atá á dhéanamh ar bheartas náisiúnta i leith éifeachtacht na struchtúr i dtaca le comhairliúchán agus le torthaí a fheabhsú do na pobail an Lucht Siúil agus Romach. | agus saincheisteanna cúraim phríomhúil agus cultúir a léiriú. Ina theannta sin, le cuspóirí níos leithne eile an PÁEP a bheidh ábhartha don phobal an Lucht Siúil agus Romach, áirítear na cuspóirí a bhaineann le hoideachas agus oiliúint, leanaí agus daoine óga, cuimsiú sóisialta, sláinte agus folláine mar shamplaí. | **SPRIOC 5** **CUS:** 5.7; 5.9; 5.13; 5.14;<br>**SPRIOC 6** **N/A**<br>**SPRIOC 7** **N/A** |
| **Seirbhís Óige Dhún na nGall (DYS)** | Is seirbhís óige atá gníomhach ar fud an chontae í Seirbhís Óige Dhún na nGall, le os cionn 30 tionscadal agus club óige bainteacha a sholáthraíonn saoráidí chun bualadh isteach iontu, cláir agus seirbhísí do dhaoine óga ar fud Dhún na nGall. Tá mar fhís ag Seirbhís Óige Dhún na nGall go dtabharfar cothabháil agus tacaíocht do dhaoine óga ar fad chun go | Dírítear go sonrach sa PÁEP ar riachtanais daoine óga trí chuspóir 4.13. 'Oibriú i dtreo na gcúig thoradh náisiúnta do leanaí agus do dhaoine óga trí na gníomhaíochtaí a ainmnítear'. Ina theannta sin, aithnítear riachtanais daoine óga i ndáil le hoiliúint agus fostaíocht agus dírítear orthusan i gcuspóirí níos leithne an PÁEP. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.2; 1.3; 1.4; 1.13<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.10<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.12<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.1; 4.2; 4.3; 4.4; 4.5; 4.7; 4.13; 4.16; 4.19 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|
| | bhféadfaidh siad a lánacmhainneacht a bhaint amach agus a bheith mar bhaill fiúntacha sochaí sláintiúla. Oibríonn DYS thar raon réimsí lena n-áirítear oideachas, sláinte óige, fostaíocht, tacaíocht óige, sábháilteacht agus cibearbhulaíocht, cosaint leanaí agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, comhionannas agus éagsúlacht. As measc na dtionscadal ar leith áirítear an Clár *Daybreak,* an Tionscadal Fostaíochta Pobail, Ionad Faisnéise Óige, Tionscadal For-Rochtana Óige, Tionscadal *Loft,* Tionscadal *Breakout* agus Comhairle Óige Dhún na nGall. | | **SPRIOC 5** **CUS:** 5.4; 5.7; 5.12; 5.13; 5.14<br>**SPRIOC 6** **CUS:** N/A<br>**SPRIOC 7** **CUS:** N/A |
| **Líonra Ban Dhún na nGall** | Is cuid de bhrateagraíocht na gComh-Líonra Náisiúnta Ban Pobalbhunaithe (NCCWN) é Líonra Ban Dhún na nGall. Tá mar mhisean ag Líonra Ban Dhún na nGall 'Béim a leagan ar shaol na mban mar atá i nDún na nGall, agus cearta na mban, comhionannas agus ceartas sóisialta a chur chun cinn'. Is iad seo a leanas cuspóirí oibre an ghrúpa:<br>▪ Tacaíocht dhíreach a chur ar fáil do ghrúpaí ban i gcur chun cinn a gcuid seirbhísí/gníomhaíochtaí agus grúpaí nua ban a bhunú i bpobail áitiúla sa chás go n-ainmnítear an gá leis.<br>▪ '*Gender lens'* a áireamh i dtionscnaimh forbartha áitiúla agus i bpobail phríomhshrutha.<br>▪ Díriú ar fhoréigean ar bhonn inscne.<br>▪ Ceannaireacht phobail agus cumhachtú na mban a chur chun cinn.<br>▪ Sláinte agus folláine na mban. | Dírítear sa PÁEP ar shaincheisteanna a bhfuil taithí ag mná orthu i nDún na nGall, trí chuspóir 4.6 ina luaitear 'Cearta daonna na mban, comhionannas agus ceartas sóisialta a chur chun cinn'. Ina theannta sin, dírítear go hindíreach sa Phlean ar shaincheisteanna na mban trí chuspóirí eile a fheidhmíonn ar bhonn níos leithne amhail na cuspóirí a bhaineann le cuimsiú sóisialta, oideachas, foghlaim agus iompar poiblí mar shamplaí. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.2; 1.3; 1.4; 1.13<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.7; 2.10<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.1; 3.12<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.1; 4.2; 4.3; 4.4; 4.5; 4.6; 4.7; 4.16<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.9; 5.13; 5.14<br>**SPRIOC 6** **N/A**<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.1 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|
| | ▪ Ardú feasachta i leith comhionannas inscne agus cearta daonna na mban.<br>▪ Fáil ar sheirbhísí áitiúla a fheabhsú.<br>▪ Deiseanna líonraithe do mhná a chur ar fáil ag leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. | | |
| **An Plean Gníomhaíochta 2012-2015, *Connecting For Life Donegal, Preventing Suicide Together*** | Is é *'Connecting for Life Donegal'* an chéad phlean gníomhaíochta i leith féinmharú a chosc a ullmhaíodh in Éirinn, atá bunaithe ar an straitéis náisiúnta i leith féinmharú a chosc a seoladh le gairid. Nasctar na príomhpháirtithe ar fad le chéile sa phlean gníomhaíochta ó na hearnálacha deonacha, pobail NGO agus reachtúla. Tá mar fhís ag an bplean gníomhaíochta 'Contae ina laghdófar an líon daoine a chaillfear trí féinmharú agus ina mbeidh pobail agus daoine cumhachtaithe chun a bhfolláine agus a sláinte intinne a fheabhsú'. Tá 7 sprioc straitéiseacha luaite thíos:<br>▪ An tuiscint agus na dearcthaí i leith folláine agus sláinte intinne agus iompar féinmharfach sa chontae a fheabhsú.<br>▪ Tacú le hacmhainn pobal áitiúil i dtaobh féinmharú a chosc agus freagairt d'iompar féinmharfach.<br>▪ Díriú ar chuir chuige chun iompar féinmharfach a laghdú agus sláinte intinne i measc grúpaí tosaíochta a fheabhsú.<br>▪ Inrochtana, comhsheasmhacht agus bealaí cúraim i dtaca le seirbhísí do dhaoine atá leochaileach i leith iompar féinmharfach a fheabhsú.<br>▪ Seirbhísí sábháilte, ardchaighdeáin do | Plean gníomhaíochta ar leith is ea freagra Dhún na nGall ar féinmharú a chosc trí *'Connecting for Life Donegal',* ina ndírítear ar na saincheisteanna i leith féinmharaithe ach, aithnítear go bhfuil gá le cur chuige trasearnála. Déanann an PÁEP tagairt shonrach don phlean gníomhaíochta trí ghníomhaíochtaí réamh-mheasta chuspóir 1.13 agus thairis sin, léirítear an cur chuige trasearnála i leith na saincheisteanna ar fad i dtaobh féinmharú a chosc trí chuspóirí a bhaineann le comhoibriú agus comhpháirtíochta, sláinte agus folláine, cuimsiú sóisialta, deiseanna fostaíochta, leanaí agus daoine óga agus an fhorbairt agus cur chun cinn ar Dhún na nGall mar chontae 'Sláintiúil'. | **SPRIOC 1** — **CUS:** 1.4; 1.13<br>**SPRIOC 2** — **CUS:** 2.7<br>**SPRIOC 3** — **CUS:** N/A<br>**SPRIOC 4** — **CUS:** 4.3; 4.4; 4.5; 4.6; 4.7; 4.12; 4.13; 4.14; 4.15; 4.16; 4.17; 4.19<br>**SPRIOC 5** — **CUS:** 5.7; 5.13; 5.14<br>**SPRIOC 6** — **N/A**<br>**SPRIOC 7** — **CUS:** 7.20 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|
| | dhaoine atá leochaileach i leith féinmharú a chinntiú.<br>▪ Fáil ar bhealaí a chruthaíonn iompar féinmharfach a laghdú agus a chosc.<br>▪ Faireachas, measúnú agus taighde ardchaighdeán a bhaineann le hiompar féinmharfach a fheabhsú.<br>Is iad na príomhthorthaí a ainmníodh sa ghníomhaíocht:<br>▪ Laghdú ar an ráta féinmharaithe i ndaonra Dhún na nGall ina iomláine i measc grúpaí tosaíochta sonraithe.<br>▪ Laghdú ar an ráta féindochair a láithríodh i ndaonra Dhún na nGall ina iomláine agus i measc grúpaí daonra sonraithe. | | |
| **Plean Réigiúnach Thascfhórsa Alcól & Drugaí an Iarthuaiscirt 2011-2014** | Is é cuspóir straitéiseach foriomlán Phlean Réigiúnach Thascfhórsa Alcól & Drugaí an Iarthuaiscirt 2011-2014, dul i ngleic leis an dochar a chruthaíonn daoine agus an tsochaí trí mhí-úsáid drugaí trí dhíriú go géar ar na cúig cholún: soláthar a laghdú, cosc, cóireáil, athshlánú agus taighde. Tá réimse gníomhaíochtaí leagtha síos sa phlean lena n-áirítear láidriú agus tacaíocht d'fhócas pobalbhunaithe ar mhí-úsáid alcóil agus drugaí; freagra trasearnála comhtháite a ghníomhú; ról a ghlacadh i dtaca le faisnéis a chur ar fáil do cheapadh beartais náisiúnta; ag cuidiú le agus ag féachaint do thionscnaimh eile atá dírithe ar uilechuimsitheacht shóisialta a fheabhsú agus ar dhul i ngleic le míbhuntáiste. | Tá baint dhíreach ag Cuspóir 4.4, 'Tacú le sláinte agus folláine a chur chun cinn i gContae Dhún na nGall', le dul i ngleic leis an dochar a chruthaítear trí mhí-úsáid drugaí agus alcóil, agus tagraítear go sonrach dó sin i ngníomh 4.4.12, acmhainn pobal a fheabhsú chun freagairt do mhí-úsáid alcóil agus an dochar lena mbaineann. Ar bhealach níos carnaí, tá na cuspóirí níos leithne an PÁEP, i ndáil le deiseanna a chruthú do dhaoine, díothacht a laghdú agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn mar shamplaí, cuideofar le bagairt agus le leochaileacht a laghdú agus i dteaglaim, cuideofar le caighdeán saoil a fheabhsú. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.4; 1.13<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.7<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.3<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.4; 4.5<br>**SPRIOC 5** **N/A**<br>**SPRIOC 6** **N/A**<br>**SPRIOC 7** **N/A** |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar | |
|---|---|---|---|---|
| **Na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla** | Is iad Cuideachta Forbartha Áitiúla Dhún na nGall (DLDC) agus Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain (IDP) na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla i gContae Dhún na nGall. Tá an dá chuideachta ag seachadadh cláir forbartha agus cuimsiú sóisialta agus tionscnaimh ar fud a gceantar faoi seach i nDún na nGall. Déanann DLDC agus IDP araon roinnt príomhchlár a sheachadadh chomh maith le réimse scéimeanna beaga eile agus tionscnamh e.g. SICAP, na Cláir Forbartha Tuaithe (LEADER), Scéimeanna Sóisialta Tuaithe (RSS), Clár Tionscnaimh Post, Tús, Scéim Cúraim Leanaí CE, Clár Forbartha Oideachais, Tionscnaimh Tacaíochta Teaghlaigh agus an Tionscnamh an Lucht Siúil *Job Club Coach.* Bíonn comhoibriú tábhachtach idir na Cuideachtaí ar roinnt tionscnamh Trasteorann agus ar fud an Chontae. | Ta obair na gCuideachtaí Forbartha Áitiúla lárnach don PÁEP, a mhéid a bhaineann le cláir chuimsithe shóisialta agus le forbairt tuaithe a sheachadadh. Ar fud na 7 sprioc, ailíníonn cuspóirí an PÁEP go mór le hobair na gCuideachtaí Forbartha Áitiúla agus ainmnítear iad araon mar shás ríthábhachtach trína ndéanfar cuspóirí iomadúla an PÁEP a bhaint amach. | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.1; 1.2; 1.3; 1.4; 1.6; 1.7; 1.8; 1.9; 1.10; 1.11; 1.13 |
| | | | **SPRIOC 2** | **CUS:** 2.2; 2.4; 2.5; 2.6; 2.7; 2.9; 2.10; 2.11 |
| | | | **SPRIOC 3** | **CUS:** 3.1; 3.3; 3.4; 3.5; 3.6; 3.7; 3.8; 3.10; 3.12; 3.13 |
| | | | **SPRIOC 4** | **CUS:** 4.1; 4.3; 4.4; 4.5; 4.6; 4.7; 4.8; 4.9; 4.10; 4.12; 4.13; 4.14; 4.15; 4.16; 4.17; 4.18; 4.19; 4.20; 4.21 |
| | | | **SPRIOC 5** | **CUS:** 5.6; 5.7; 5.9; 5.12; 5.13; 5.14; 5.15; 5.18; 5.19 |
| | | | **SPRIOC 6** | **CUS:** 6.1; 6.2; 6.5 |
| | | | **SPRIOC 7** | **CUS:** 7.1; 7.4; 7.5; 7.6; 7.7; 7.8; 7.9; 7.12; 7.20 |
| **Forbairt Fiontraíochta ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair 2015, Údarás na Gaeltachta** | Sa tuarascáil dar teideal 'Forbairt Fiontraíochta ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair' léirítear roinnt moltaí , príomhthorthaí agus gníomhaíochtaí i ndáil leis na dúshláin i leith fiontraíochtaí fostaíochta, rathúla a mhealladh chuig ceantar Ghaoth Dobhair. Áirítear 5 phríomh-mholadh:<br>▪ Go ndéanfaidh na gníomhaireachtaí a bhfuil cúrsaí oiliúna agus fostaíochta faoina gcúram, teagmháil le fostóirí i leith riachtanas scileanna reatha agus na scileanna a mbeidh gá leo agus amach anseo.<br>▪ Go ndéanfar foireann mhargaíochta a chumasú chun díriú ar phróifíl Ghaeltacht | I gcomhréir le Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta, tá an cur chuige áitiúil i leith forbartha ar Ghaeltacht Dhún na nGall i gcomhréir le agus léirithe tríd an PÁEP. | **SPRIOC 1** | **CUS:** 1.1; 1.4; 1.5; 1.7; 1.8; 1.11; 1.13 |
| | | | **SPRIOC 2** | **CUS:** 2.3; 2.4; 2.8; 2.9; 2.10 |
| | | | **SPRIOC 3** | **CUS:** 3.1; 3.2; 3.4; 3.5 |
| | | | **SPRIOC 4** | **CUS:** 4.2; 4.7; 4.10; 4.16; 4.21 |
| | | | **SPRIOC 5** | **CUS:** 5.1;5.2; 5.5; 5.6; 5.7; 5.8; 5.10; 5.12; 5.13; 5.18; 5.19 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|
| | Iarthuaisceart Dhún na nGall agus Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair a ardú; ag obair le hÚdarás Forbartha Tionscail na hÉireann (ÚFT), Fiontraíocht Éireann agus le Nasc-Éire chun margaíocht a dhéanamh ar an gceantar trína líonra oifigí thar lear agus; fiontraithe agus fiontraíocht a mhealladh chuig an bPáirc Ghnó ina gcruthófar 300 post nua thar thréimhse 3 bliana mar thoradh air sin.<br>▪ Glacadh le clár forbartha caipitil 3 bliana a bheidh dírithe ar roinnt áitreabh ar an bPáirc Ghnó a athchóiriú/uasghrádú.<br>▪ Tá tús áite tugtha do Ghaeltacht Iarthuaisceart Dhún na nGall i leith nascacht leathanbhanda ardluais a chur ar fáil.<br>▪ Glacadh le cur chuige comhoibríoch i leith caidreamh gníomhach le gnóthaí nuathionscanta agus le gnóthaí úra chun gníomhaíocht ghnó sa cheantar a ardú. | | **SPRIOC 6** — **CUS:** 6.1; 6.2; 6.3; 6.4; 6.5<br>**SPRIOC 7** — **CUS:** 7.1; 7.2; 7.4; 7.57.6; 7.8; 7.9; 7.10; 7.11; 7.12; 7.13; 7.14; 7.16; 7.17; 7.18; 7.19; 7.21; 7.22 |
| **Plean Straitéiseach Aonad Limistéar Gnó Choillte an Iarthuaiscirt (ALG) 2011-2015** | I bPlean Straitéiseach ALG an Iarthuaiscirt, leagtar síos na tosaíochtaí agus straitéisí timpeallachta agus sóisialta fadtéarmacha agus meántéarmacha agus tugtar treoir i dtaobh choillte an cheantair a bhainistiú do na cúig bliana amach romhainn. Leathnaíonn ról Choillte sa chontae isteach i réimsí lena n-áirítear bainistiú foraoise; an margadh fuinnimh adhmaid a fhorbairt; fuinneamh in-athnuaite; teileachumarsáidí; suíomhanna caithimh aimsire lena n-áirítear gníomhaíochtaí allamuigh e.g. Páirc Foraoise an Ardaidh, Coill Dhroim Bó; oidhreacht chultúir agus seandálaíochta; An | Le 36 fhoraois cuimsithe i nDún na nGall, tá an acmhainn a díríodh uirthi i bPlean Gníomhaíochta Straitéiseach ALG an Iarthuaiscirt suntasach, mar atá a cumas chun cuidiú le fás geilleagrach agus pobail an Chontae. Tá an cur chuige comhoibríoch a mholtar sa Phlean Straitéiseach léirithe trí chuspóirí an PÁEP. Aithnítear an cumas i leith cuidiú leis an ngeilleagar áitiúil sa PÁEP chomh maith, ní amháin trí tháirgiúlacht adhmaid agus trí bhainistiú díreach a dhéanamh ar fhoraoisí ach trí chion tairbhe foraoisí i | **SPRIOC 1** — **CUS:** 1.4; 1.9<br>**SPRIOC 2** — **CUS:** 2.1; 2.2; 2.4; 2.5<br>**SPRIOC 3** — **CUS:** 3.1; 3.5; 3.6; 3.7<br>**SPRIOC 4** — **CUS:** 4.4<br>**SPRIOC 5** — **CUS:** 5.6; 5.8<br>**SPRIOC 6** — **CUS:** 6.1; 6.2 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|
| | Chreat-treoir Uisce a chur i bhfeidhm, bithéagsúlacht agus caomhnú. Ag tógáil san áireamh réim ghníomhaíochtaí Choillte, léirítear sa Phlean Straitéiseach go bhfuil comhoibriú le húdaráis, eagraíochtaí agus le comhpháirtithe iomchuí eile ríthábhachtach chun cur leis an bhforbairt ar thionscadail a bhfuil ar a gcumas tairbhe straitéiseach a chur ar fáil don cheantar amhail cruthú fostaíochta, caitheamh aimsire, cultúr agus oidhreacht. I bhfís fhadtéarmach an Iarthuaiscirt léirítear bainistiú foraoiseachta ag feidhmiú le déine ag leibhéal atá cuí don íogaireacht timpeallachta agus atá táirgiúil ó thaobh acmhainn talún di. Áirítear leis an bhfís:<br>▪ An fhoraoiseacht mar thionscal fuinniúil sa cheantar.<br>▪ Gnáthóga a chosaint trí bhainistiú.<br>▪ Leanúnachas na gnáthóga foraoise do speicis annamha agus atá faoi bhagairt.<br>▪ Tairbhí sláinte agus folláine don phobal trí réimse ghníomhaíochtaí caithimh aimsire sna foraoisí.<br>▪ Beidh suíomhanna foraoise caithimh aimsire ina chuid den bhonneagar turasóireachta.<br>▪ Fís roinnte ar an méid atáthar ag súil ó fhoraoisí agus mar a dhéantar iad a bhainistiú. | dtaca le cúrsaí turasóireachta ar fud an Chontae. Thairis sin, féadfaidh na tairbhí timpeallachta de thoradh bainistiú foraoiseachta, deiseanna a chur ar fáil do chomhpháirtíochtaí amach anseo agus do chláir ghníomhaíochta léirithe go mór mhór i gContae Dhún na nGall. Léirítear an cineál sin gníomhaíochta trí chuspóirí an PÁEP, i ndáil le cosaint, aimsiú agus an sócmhainn nádúrtha a chur chun cinn. | **SPRIOC 7** — **CUS:** 7.1; 7.4; 7.5; 7.6; 7.7 |
| **Plean Sábháilteachta Bóthair Dhún na nGall 2010-2015, Comhairle Contae Dhún na nGall** | Tá mar chuspóir le Plean Sábháilteachta Bóthair Dhún na nGall 'an líon timpistí bóthair a laghdú i gContae Dhún na nGall, i gcomhréir le spriocanna náisiúnta agus le spriocanna Eorpacha maidir le timpistí bóthair a laghdú'. Dírítear sa Phlean ar | Déantar cuspóirí agus gníomhaíochtaí Phlean Sábháilteachta Bóthair Dhún na nGall a chomhtháthú sa PÁEP, mar bhealach tábhachtach chun timpeallachtaí agus sábháilteacht a fheabhsú do phobail, | **SPRIOC 1** — **N/A**<br>**SPRIOC 2** — **N/A**<br>**SPRIOC** — **N/A** |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|
| | bhearta a chur i bhfeidhm thar cúig phríomhghné, eadhon: oideachas, innealtóireacht, cur i bhfeidhm measúnú agus cumasú. | go háirithe sna réimsí oideachais agus innealtóireachta sa chás go bhfuil ionchur fisiciúil ábhartha. | **3**<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.13; 4.17<br>**SPRIOC 5** **N/A**<br>**SPRIOC 6** **N/A**<br>**SPRIOC 7** **N/A** |
| **Plean Oidhreachta Chontae Dhún na nGall 2014-2019, Fóram Oidhreachta Chontae Dhún na nGall** | Léirítear sa Phlean go mbaineann Contae Dhún na nGall tairbhe as oidhreacht shaibhir agus uathúil ina léirítear gné ríthábhachtach ghnáthshaoil ag tacú le caitheamh aimsire, sláinte, fostaíocht, foghlaim agus taitneamhacht agus gurb í aidhm an phlean an tairbhe is fearr don Chontae a bhaint as na leasa sin. Déanfar é sin a bhaint amach trí 4 Sprioc an Phlean Oidhreachta a leanas agus trína gcuspóirí agus gníomhaíochtaí bainteacha:<br>▪ Feasacht, tuiscint, fáil agus taitneamhacht acmhainní oidhreachta an chontae a spreagadh.<br>▪ Oidhreacht Dhún na nGall a chaomhnú agus a chosaint don ghlúin reatha agus do na glúnta atá le teacht agus dá diaspóra.<br>▪ An fhorbairt chuí ar oidhreacht a chaomhnú agus a éascú mar thacaíocht do ghníomhaíocht turasóireachta agus deiseanna a aimsiú a léirítear trí thionscnaimh amhail Slí an Atlantaigh Fhiáin. | Léirítear trí spriocanna an PÁEP, na tairbhí ionchasacha dár n-oidhreacht a ainmnítear sa Phlean Oidhreachta, amhail caitheamh aimsire, sláinte, fostaíocht, foghlaim agus taitneamhacht. Gó háirithe agus ar an gcéad dul síos, ó thaobh féiniúlacht áite agus comhfhorbairt áite, aithnítear oidhreacht mar chuid thábhachtach d'fhorbairt phobail agus tá an oidhreacht tógtha go háirithe ábhartha sa chomhthéacs sin. Déantar an cumas suntasach atá i gcláir a aimseoidh an acmhainn turasóireachta a thairgeann ár n-acmhainní oidhreachta a ainmniú sa PÁEP. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.5<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.3; 2.4; 2.5; 2.6; 2.7; 2.8; 2.9<br>**SPRIOC 3** **GACH CEANN**<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.5; 4.11<br>**SPRIOC 5** **N/A**<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.1; 6.2<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.6; 7.7; 7.9; 7.10; 7.11; 7.17 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|
| | ▪ Deiseanna a léirítear le sócmhainní oidhreachta i lonnaíochtaí an chontae a ainmniú, a chaomhnú go cuí agus a aimsiú ar bhealach a dhéanfaidh leas do chaighdeán geilleagrach, cultúrtha agus sóisialta an chontae. | | |
| **Plean Straitéiseach ITLC, Ár dTiomantas do Réigiún Foghlamtha Thairseach an Iarthuaiscirt, 2014-2017** | Is é Ráiteas Misin Phlean Straitéiseach ITLC 'Déanfaidh ITLC a próifíl náisiúnta shuntasach i leith barr feabhais in ardoideachas a dhearbhú trí chlár oibre forbartha uaillmhianach a shaothrú a bheidh curtha ar an eolas le beartas poiblí, caidreamh láidir réigiúnach agus tiomantas bunúsach d'éiteas mac léinn lárnaithe'. Is iad gnéithe straitéiseacha an phlean:<br>▪ Foghlaim agus múineadh: Dírithe ar a chinntiú go bhféadfaidh mic léinn a n-acmhainn a chomhlíonadh trí fhoghlaimeoirí a chumhachtú agus cláir ardchaighdeáin staidéir a chur ar fáil atá ailínithe le riachtanais fostaíochta.<br>▪ Taithí mic léinn: Dírithe ar oibriú go comhoibríoch chun taithí an mhic léinn a fheabhsú.<br>▪ Taighde, nuálaíocht agus fiontraíocht: Dírithe ar chreat oiriúnach a thógáil do thacaíochtaí taighde chun ionaid taighde reatha a fhás agus a chothabháil agus leanúint le seirbhísí fiontraíochta áitiúla a thairiscint trí CoLab agus an NWRSP.<br>▪ Comhoibriú agus caidreamh réigiúnach: Dírithe ar an leas is fearr a bhaint as tairbhí cuimsithe ITLC, in dhá chnuasach réigiúnacha | Déanann téama an oideachais agus foghlamtha taca a chur faoin PÁEP mar phríomhchumasóir i leith fás geilleagrach agus pobail. Baineann sé go díreach le coincheap na 'ndaoine' maidir leis an bplean ag cumhachtú daoine agus ag cumasú deiseanna do dhaoine. Tá ITLC mar aon le soláthraithe oideachasúla eile sa Chontae agus i réigiún an Iarthuaiscirt, ríthábhachtach i dtaca le timpeallacht foghlamtha, shoiléir ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus léirítear é sin ar fud spriocanna an Phlean mar théama athfhillteach. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.4; 1.13<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.9; 2.10<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.12<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.3; 4.5; 4.7; 4.13; 4.16<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.1; 5.2; 5.3; 5.4; 5.5; 5.6; 5.7; 5.8; 5.9; 5.12; 5.13; 5.14; 5.15; 5.16<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.1<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.3; 7.13; 7.14; 7.15; 7.16; 7.17; 7.18; 7.19; 7.22 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|
| | agus a bheith gníomhach i dtaca le forbairt réigiúnach agus oidhreacht chultúir shaibhir an réigiúin a chur chun cinn.<br>▪ Inbhuanaitheacht agus úsáid acmhainne: Dírithe ar chomhordú níos mó i leith beartais agus forais straitéiseacha, acmhainn gabhála sonraí a fheabhsú agus cinnteoireacht ar bhonn fianaise agus ag dul i dtreo cur i bhfeidhm na straitéise. | | |
| **Plean Oideachais BOO Dhún na nGall 2011-2015** | Sa phlean 'Ag Obair Le Chéile' leagtar síos modhanna chun clár éagsúla oideachais agus deiseanna oiliúna a chur ar fáil ar fud an chontae, chun mic léinn agus foghlaimeoirí a chumasú a lánacmhainneacht a bhaint amach trí 4 phríomhthéama:<br>▪ Teagasc agus Foghlaim: Ina n-áirítear gníomhaíocht amhail cláir oideachasúla agus seirbhísí tacaíochta chun freastal ar riachtanais athraitheacha; forbairt ar scileanna comhtháite cineálacha; caighdeáin cháilíochta a chothabháil agus a fheabhsú; creidiúnú a úsáid; cruthaitheacht agus fiontraíocht a spreagadh.<br>▪ Eagraíocht fhreagrach agus fhorásach: lena n-áirítear gníomhaíochtaí amhail deiseanna foghlamtha foirne a chur ar fáil; seirbhísí trí Ghaeilge a chur chun cinn go gníomhach.<br>▪ Úsáid Teicneolaíochta Faisnéise: lena n-áirítear gníomhaíochtaí amhail straitéis ICT chomhtháite a fhorbairt chun tacú le teagasc agus foghlaim a fhorbairt; bainistiú faisnéise, comhoibriú agus cumarsáid.<br>▪ Oibriú i gComhpháirtíocht: lena n-áirítear | Is téama athfhillteach sa PÁEP, é ról tábhachtach údaráis oideachasúla an Chontae. Tá an barr mhaitheas i bhfoghlaim, oideachas agus scileanna a léirítear i bPlean Oideachais VEC Dhún na nGall, ina chuid dhílis d'fhás Dhún na nGall, chun gníomhaíocht phobail a chumasú, bealaí chun fostaíocht agus deiseanna a aimsiú agus rathúnas geilleagrach a fheabhsú. Déanann an PÁEP cuir chuige chomhpháirtíochta agus chomhoibríocha a chur chun cinn i leith oideachais agus foghlamtha a chur ar fáil i Réigiún an Iarthuaiscirt. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.4<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.7; 2.10<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.3<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.3; 4.4; 4.5; 4.6; 4.7; 4.11; 4.13;4.16<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.4; 5.7; 5.9; 5.12; 5.13; 5.14; 5.15<br>**SPRIOC 6** **N/A**<br>**SPRIOC 7** **N/A** |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|
| | gníomhaíochtaí amhail tógáil ar ghaolmhaireachtaí le heagraíochtaí gnó, trasteorann, reachtúla, deonacha agus pobail; struchtúir fheabhsaithe d'fhorbairt a chur ar fáil. | | |
| **Plean Gníomhaíochta Digití Dhún na nGall, 2015** | Tá mar aidhm leis an bPlean Gníomhaíochta Digití leas a bhaint as acmhainn teicneolaíochtaí chun uige shóisialta agus eacnamaíochta dár bpobail a fheabhsú agus tá béim ar leith leagtha ar chruthú fostaíochta. Ta 3 Sprioc ainmnithe:<br>1. Pobail le scileanna digiteacha ag comhchruthú seirbhísí le gnóthaí agus leis an earnáil phoiblí.<br>2. Cnuasach digiteach leathnaithe Leitir Ceanainn, bunáit chuideachtaí dúchasacha agus FDI.<br>3. Timpeallacht oibre sofheicthe agus timpeallacht taighde dhigitigh agus nuálaíochta iomchuí Dhún na nGall.<br>Rinneadh 12 ghníomhaíocht a ainmniú sa phlean lena n-áirítear moil dhigiteacha áitiúla a bhunú; gníomhaíocht de réir oideachas digiteach agus oiliúint le soláthar agus; an soláthar seirbhísí mar Fhaireachlann Teic Digití chun an obair a éilítear tríd an bPlean Gníomhaíochta a dhéanamh. | Rinneadh teicneolaíocht dhigiteach agus leathanbhanda a ainmniú mar théama athfhillteach sa PÁEP, a bhfuil ar a cumas forbairt eacnamaíochta agus phobail ar scála agus ar thairbhe shuntasach a chumasú. Mar thoradh, léirítear cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Digití agus a ghníomhaíochtaí ar fud spriocanna an PÁEP, mar dhlúthchuid den Phlean. | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.1; 1.2; 1.13<br>**SPRIOC 2** **CUS:** N/A<br>**SPRIOC 3** **CUS:** N/A<br>**SPRIOC 4** **CUS:** 4.1; 4.2<br>**SPRIOC 5** **CUS:** 5.3; 5.11<br>**SPRIOC 6** **CUS:** 6.3<br>**SPRIOC 7** **CUS:** 7.1; 7.2; 7.3; 7.11; 7.21 |
| **An Plean Gníomhaíochta Straitéisí d'Fhiontraíocht Chruthaitheach i nDún** | Tionscanta ag Oifig Fiontraíochta Áitiúil Chomhairle Contae Dhún na nGall, tá mar aidhm leis an bPlean Gníomhaíochta na coinníollacha cearta d'fhiontraíocht chruthaitheach i nDún na nGall a chruthú. Déantar 7 dtionscadal don chéim fheidhmithe thosaigh a ainmniú sa phlean | Déantar an earnáil chruthaitheach a ainmniú sa PÁEP mar earnáil thábhachtach chun forbairt agus tacaíocht bhreise a thabhairt trí Spriocanna 3 agus 7. Is cuid dhílis í forbairt na hearnála i leith an acmhainn chruthaitheach agus | **SPRIOC 1** **CUS:** 1.4<br>**SPRIOC 2** **CUS:** 2.9<br>**SPRIOC 3** **CUS:** 3.1; 3.3; 3.4; 3.5; 3.6; 3.13; 3.14; 3.15 |

| Plean/ Straitéis | Cur síos | Comhsheasmhacht & comhtháthú leis an PÁEP | Cuspóirí an PÁEP a bhaineann le hábhar |
|---|---|---|---|
| **na nGall, 2015** | mar a leanas:<br>1. Comhpháirtíocht Chruthaitheach.<br>2. Earnáil chruthaitheach léarscáilithe agus Iniúchta.<br>3. Gréasán agus ceardlanna cruthaitheacha.<br>4. Tacaíochtaí gnó reatha a oiriúnú.<br>5. Clár scileanna agus luasaire.<br>6. Fáil ar thacaíochtaí airgeadais.<br>7. Forbairt ar chnuasach nuálaíochta.<br><br>Tuairimí i leith forbairt straitéiseach níos fadtéarmaí:<br>▪ Brandáil Dhún na nGall do sheirbhísí agus táirgí cruthaitheacha.<br>▪ Mol comhoibrithe agus cruthaithe ábhair.<br>▪ Acadamh cruthaitheach maidir le scileanna nideoige. | chultúir a aimsiú dá bhfuil cáil an chontae amuigh. Lena linn sin, ní amháin go ndéantar an acmhainn a chothabháil ach, aimsítear í chun cur le tairiscint an táirge turasóireachta, chun margaí gnó nideoige a bhunú in ealaíona agus ceardaíocht agus fostaíocht a chruthú ar deireadh. Go háirithe, tá mar aidhm le cuspóir 3.13, 'Tionscail chruthaitheacha a fhorbairt mar léiriú ar eolas agus ar scileanna áitiúla a dhéanann ceiliúradh ar shaibhreas agus ar éagsúlacht fiontraíochta cruthaithí', agus mar aidhm ag cuspóir 7.17, 'Na coinníollacha cearta a chruthú d'Fhiontraíocht Chruthaitheach i gContae Dhún na nGall'. | **SPRIOC 4** – **CUS:** 4.4<br>**SPRIOC 5** – **CUS:** 5.16; 5.19<br>**SPRIOC 6** – **CUS:** 6.2<br>**SPRIOC 7** – **CUS:** 7.1; 7.4; 7.5; 7.6; 7.7; 7.17 |

# Caibidil 4: Próifíl Phríomhbheartais & Cláir Mhaoinithe

**4.0 Réamhrá**
Sa Phlean Pobail agus Eacnamaíochta Áitiúil, leagtar síos fís, cuspóirí agus spriocanna uileghabhálacha don Chontae agus don réigiún, a thacóidh leis an mbeartas uileghabhálach agus leis na creata maoinithe mar a leagtar síos ag leibhéal na hEorpa. Tugtar sloinneadh do mhaoiniú agus do chreata beartais dá shórt in Eoraip 2020, agus sna creata airgeadais ilbhliantúla agus sna cláir don tréimhse 2014-2020. Beidh an cumas i leith maoiniú seachtrach a mhealladh chuig an gcontae agus chuig an réigiún ar bhonn níos leithne, ríthábhachtach i dtacú le cur i bhfeidhm an phlean. Déanann an caibidil seo, próifíl na gclár maoinithe agus príomhbheartas a chur ar fáil agus a bheidh mar ábhar díol suime do pháirtithe leasmhara ar fad i leith na spriocanna agus na cuspóirí atá luaite sa Phlean PÁEP a fhíorú.

**4.1 Eoraip 2020**
Leagtar síos straitéis 10 mbliana an Aontais Eorpaigh d'fhás agus cruthú fostaíochta in 'Eoraip 2020', agus leagtar síos fócas soiléir agus sonrach ar thrí phríomhthosaíocht *'Fás Cliste, Inbhuanaithe agus Cuimsitheach'.*

> ***Fás Cliste*** *– geilleagar a fhorbairt a bheidh bunaithe ar fhaisnéis & nuálaíocht.*
> ***Fás Inbhuanaithe*** *– geilleagar níos glaise, níos éifeachtaí ó thaobh acmhainne & níos iomaíche a chur chun cinn.*
> ***Fás Cuimsitheach*** *– geilleagar ardfhostaíochta a chothabháil ag seachadadh comhtháthú críche, sóisialta & geilleagrach.*

Laistigh den chreat leathan seo, tá cúig fho-cheannteideal arb as a leagadh síos spriocanna nach mór a bhaint amach faoi 2020. Cumhdaíonn na cúig fho-cheannteideal:

- Fostaíocht;
- Taighde agus forbairt;
- Aeráid/fuinneamh;
- Oideachas;
- Cuimsiú sóisialta agus bochtaineacht a laghdú.

Déanann an straitéis Eoraip 2020, an comhthéacs agus an creat a chur ar fáil arb as a mbunaítear cláir mhaoinithe an AE ar fad agus a leagtar síos na 11 thionscadal tosaíochta a chuimsíonn cláir an AE ar fad:

1) Taighde, forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht a láidriú;
2) Fáil agus úsáid agus caighdeán teicneolaíochtaí cumarsáide agus faisnéise a fheabhsú;
3) Iomaíochas fiontraíochtaí beaga agus meánmhéide a fheabhsú, an earnáil talmhaíochta (don EAFRD) agus an earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe (don EMFF);
4) Tacú leis an athrú i dtreo geilleagar ísealcharbóin sna hearnálacha ar fad;

**5)** Oiriúnú i leith athrú aeráide, cosc ar rioscaí agus bainistíocht a chur chun cinn;
**6)** An timpeallacht a chosaint agus éifeachtúlacht acmhainne a chur chun cinn;
**7)** Iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus deireadh a chur le bacainní i mbonneagair príomhlíonra;
**8)** Fostaíocht a chur chun cinn agus tacú le soghluaisteacht an lucht saothair;
**9)** Cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus dul i ngleic le bochtaineacht ;
**10)** Infheistiú in oideachas, scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil;
**11)** Acmhainn institiúide a fheabhsú agus riarachán poiblí éifeachtach.

Foinse: Eoraip 2020 - Eoraip 2020 achoimre – An Coimisiún Eorpach

Is léir go bhfuil go leor de thosaíochtaí téamacha na Straitéise Eoraip 2020, ríthábhachtach i gcomhthéacs Dhún na nGall. Tá spriocanna agus cuspóirí ar leith a luaitear sna réimsí ábhair thuas ar fáil sa PÁEP.

### 4.2 Creata Airgeadais Ilbhliantúla 2014-2020 – Cláir AE.

### 4.2.1 Deiseanna Maoinithe ó Chomhoibriú Idir-réigiúnach.

Tá réimse clár maoinithe ar fáil sna Creata Airgeadais Ilbhliantúla atá deartha chun tacú le comhoibriú idir-réigiúnach.
Tá na cláir INTERREG rannpháirteach go mór i dtacú le comhoibriú idir-réigiúnach le leithdháileadh 10.1 billiún EUR INTERREG V a thagann ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, a sheasann do 2.8% de bhuiséad Bheartas Comhtháthaithe na hEorpa ina iomláine.
Foinse : INTERREG C – Comhoibriú Idir-réigiúnach - Beartas Réigiúnach – Coimisiún na hEorpa.

Is díol suime ar leith iad na cláir a leanas don PÁEP:

**(i) INTERREG VA**

Beartaítear leis an gclár INTERREG V díriú ar fhadhbanna thar theorainneacha agus ar fud 38 dteorainn an AE, a bhaineann go díreach le os cionn aon trian den daonra. Tá riachtanas ainmnithe chun comhoibriú le réigiúin thar theorainneacha, chun tairseach chriticiúil agus tógáil ar chomhpháirtíochtaí a chumasú agus chun deiseanna agus tuairimí nua a fhorbairt, d'fhonn díriú ar dhúshláin réigiúnacha agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt agus cruthú táirgí agus seirbhísí nua. Rinne an clár an acmhainneacht i leith líonrú agus malartú trasteorann a fhíorú le linn chruthú an deise chun beartais a chur i bhfeidhm.

Beartaítear leis an gclár comhoibrithe INTERREG V, díriú ar dhúshláin choiteanna agus an leas agus an tairbhe is fearr a bhaint cumas acmhainní tearcúsáidte. Baineann sé le dlínsí chontaetha theorainn na hÉireann, Tuaisceart Éireann agus le hIarthar Alban, a bhfuil fadhbanna agus dúshláin chosúla le sárú acu. De thoradh comhairliúchán forleathan poiblí, tá ceithre phríomhchlár tosaíochta ag INTERREG V:

- Taighde & nuálaíocht;
- Comhshaoil;
- Iompar inbhuanaithe agus;
- Sláinte.

Le buiséad ERDF €240m foriomlán agus béim leagtha ar thionscadail ar leith agus ar réimse leathan gníomhaíochtaí chun athrú suntasach a chinntiú, déanann an clár seo deiseanna go leor a chur ar fáil do thionscadail agus do thionscnaimh thrasteorann a chur ar aghaidh agus a chomhordú i gcomhthéacs an PÁEP.

**(ii) Síocháin IV**

Tá leithdháileadh maoinithe ar leith ar fáil do Thuaisceart Éireann agus do Réigiún Teorann na hÉireann, mar aitheantas do na dúshláin dhúchasacha ar leith a bhaineann leis an réigiún sin. Leis an leithdháileadh maoinithe seo, faoi na rialachán nua do 2014-2020, beartaítear díriú ar shaincheisteanna a bhaineann le sochaí níos síochánta a chruthú agus rinneadh buiséad €229m ERDF a leithdháileadh ar an gclár PEACE IV. Déanfaidh an clár nua PEACE IV tacaíocht a chur ar fáil do thionscadail a chuireann le leibhéil níos mó síocháin agus réiteach a chur chun cinn. Leagfar béim láidir ar chaidreamh trasphobail agus ar thuiscint a chur chun cinn d'fhonn sochaí níos comhtháite a chruthú. Tá ceithre phríomhréimse tosaíochta ag an Dréachtchlár, atá ag fanacht ar fhaomhadh ó Choimisiún na hEorpa:

- Oideachas roinnte;
- Leanaí & daoine óga;
- Spásanna roinnte & seirbhísí;
- Caidrimh dhearfacha a thógáil ag leibhéal áitiúil.

Foinse: http://www.seupb.eu/Libraries/2014-2020_Programmes/9806
PEACE_IV_Programme_Factsheet_Final_3.sflb.ashx

### 4.2.2 Comhoibriú Trasnáisiunta – INTERREG

Cuimsítear cláir comhoibrithe trasnáisiúnta in **INTERREG V** le freagra comhordaithe, comhaontaithe thar réimse fadhbanna ar leith mar a leagtar síos faoi thosaíochtaí comhaontaithe. Is iad na cláir a bhfuil Éire i dteideal dóibh:

**(i) An Clár Artach & Forimill Thuaidh (AFT).**

Le linn na tréimhse 2014-2020, déanfaidh an clár tuairim is €56 milliún maoiniú forbartha réigiúnach na hEorpa a leithdháileadh ar thionscadail ina ndíreofar ar ceithre thosaíocht:

- Nuálaíocht a úsáid chun Pobail Iomaíocha agus Láidir a fhorbairt agus a chothabháil;
- Fiontraíocht a chur chun cinn chun Cumas Réimse an Chláir i leith Buntáiste Iomaíoch a Fhíorú;
- Pobail Slána Fuinnimh a chothabháil trí Fhuinneamh In-athnuaite agus éifeachtacht fuinnimh a chur chun cinn;
- Oidhreacht Nádúrtha agus Chultúir a fhorbairt, a chur chun cinn agus a chosaint.

**(ii) Cláir Iarthuaisceart na hEorpa (IE)**

Is é misean Chlár Iarthuaisceart na hEorpa do 2014-2020, athrú dearfach inmheasta a chur i gcrích in Iarthuaisceart na hEorpa ar thrí théama:

- Nuálaíocht;
- Ísealcharbóin;
- Éifeachtacht acmhainne agus ábhar.

Chun a chuspóirí a bhaint amach, déanfaidh an Clár tionscadail chomhoibrithe a chomh-mhaoiniú le €370 milliún as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF).

**(iii) Clár Maoinithe Réigiún an Atlantaigh (AA)**

Beartaítear leis an gclár díriú ar chomhoibriú trasnáisiúnta a bheidh dírithe ar fhorbairt chríche chothrom, inbhuanaithe agus chomhtháite Réigiún an Atlantaigh agus a oidhreacht mhara. Beidh €140 milliún ERDF ar fáil ina iomláine do Thionscadail ar fud an réigiúin incháilithe. Tá Clár Réigiún an Atlantaigh ag fanacht le faomhadh, le ceithre dréacht-tosaíochtaí faoina chúram mar a leanas:

- Nuálaíocht Spreagthach agus Iomaíochas;
- Éifeachtacht Acmhainne a Chothabháil;
- Athléimneacht na Críche i leith Rioscaí Aeráide Nádúrtha agus de Bhunús Daonna a Láidriú;
- Bithéagsúlacht agus na Sócmhainní Cultúrtha agus Nádúrtha a Fheabhsú.

**(iv) Bearta ina ndírítear ar Bheartas**

I dteannta an réimse clár a ainmnítear thuas, beartaítear leis an gclár INTERREG EUROPE (VC), aistriú agus malartú faisnéise agus dea-chleachtais a chur chun cinn i measc réigiúin na hEorpa, le béim leagtha ar fhorbairt bheartais. Táthar ag súil go mbeidh an clár i bhfeidhm i mí Iúil 3015, agus le linn na tréimhse maoinithe 2014-2020, díreofar ar na ceithre thosaíocht a leanas:

- Taighde agus Nuálaíocht;
- Iomaíochas SME;
- Geilleagar ísealcharbóin;
- An Timpeallacht agus Éifeachtacht Acmhainne.

Foinse: http://www.seupb.eu/Libraries/2014-2020_Programmes/9806_-_INTERREG_VA_Programme_Factsheet_FINAL_1.sflb.ashx

## 4.3 Cláir eile an AE

I dteannta an réimse clár Idir-réigiúnach agus Comhoibrithe Trasnáisiúnta a léirítear thuas, faoina bhfuil Éire i dteideal tairiscint a dhéanamh ina leith, déanann na cláir a leanas acmhainn bhreise a chur ar fáil agus dírítear ar réimse tosaíochtaí ar ábhair díol suime ar leith iad don PÁEP.

### 4.3.1 Horizon 2020

Is clár maoinithe nuálaíochta agus taighde €70 milliún é *Horizon 2020* (2014-2020), le béim shonraithe ar Eolaíocht den Scoth, Ceannaireacht Tionsclaíoch agus ar dhul i ngleic le Dúshláin Shochaíocha. Tá mar sprioc leis a chinntiú go ndéanfaidh an Eoraip eolaíocht den chéad scoth a chur ar fáil, deireadh a chur leis na bacainní ar nuálaíocht agus éascú a dhéanamh ar chomhoibriú na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha i dtaca le nuálaíocht a sheachadadh. Feidhmíonn an clár faoi choimirce Eoraip 2020, ar mhaithe le fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach

### 4.3.2 An Clár LIFE

Tá an Clár LIFE ar cheann de phríomhshásraí an AE, chun tionscadail a mhaoiniú sa réimse timpeallachta agus feidhmíonn an clár ar bhonn Gníomhaíocht Aeráide agus Comhshaoil,

dhá fhochlár nach mór na tionscadail a bheith bunaithe orthu. Soláthraíonn an clár leithdháileadh náisiúnta agus féachann sé le páirtithe leasmhara náisiúnta, réigiúnacha, agus áitiúla a áireamh.

### 4.3.3 An Clár COSME

Is clár Eorpach é an Clár COSME le haghaidh 'Iomaíochas Fiontar agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide' ina gcumhdaítear an tréimhse mhaoinithe ó 2014-2020, le buiséad pleanáilte €2.3bn, féachann COSME le tacaíocht a sholáthar d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide sna réimsí a leanas:

- Fáil níos fearr ar mhaoiniú do SME (60% den bhuiséad).
- Fáil ar mhargaí (21.5% den bhuiséad).
- Tacú le fiontraithe (3% den bhuiséad).
- Coinníollacha níos fabhraí so chruthú gnó agus fás (11.5% den bhuiséad)

Foinse: COSME – Coimisiún na hEorpa

### 4.3.4 An Clár URBACT

Is clár Comhoibrithe Críche Eorpach é an clár URBACT a fhéachann le forbairt uirbeach chomhtháite inbhuanaithe a spreagadh i gcathracha ar fud na hEorpa. Féachann URBACT le cathracha a chumasú comhoibriú lena chéile agus réitigh chomhtháite a fhorbairt i leith dúshláin uirbeacha choiteanna, trí líonrú, foghlaim ó thaithí a chéile, ag cur pleananna i dtoll a chéile agus dea-chleachtais a ainmniú chun beartais uirbeacha a fheabhsú. Déanfar an clár URBACT III a eagrú le ceithre phríomhchuspóir:

- Cumas chun Beartas a Sheachadadh;
- Dearadh Beartais;
- Policy Implementation and;
- Beartas a chur i bhfeidhm agus;
- Faisnéis a thógáil agus a roinnt.

Tá sé beartaithe go ndéanfar na príomhchuspóirí sin a bhaint amach trí thrí chineál ionchur:

- malartú trasnáisiúnta;
- tógáil ar acmhainn agus;
- caipitliú & scaipeadh.

## 4.4 Na Cláir Náisiúnta

I gcomhthéacs an PÁEP, tá príomhchláir náisiúnta a thacóidh leis an bPlean a chur i bhfeidhm. Lena n-áirítear:

### 4.4.1 An Clár Náisiúnta Forbartha Tuaithe - LEADER

Déanfaidh gné LEADER den Chlár Forbartha Tuaithe 2014-2020, €250 milliún a chur ar fáil in acmhainní airgeadais chun díriú ar bhochtaineacht a laghdú, cuimsiú sóisialta agus forbairt eacnamaíochta a dhéanamh ar cheantair tuaithe thar thréimhse an chláir 2014-2020. Is cur chuige é LEADER atá faoi stiúir an phobail i dtaca le hionchuir fhorbartha tuaithe a sheachadadh agus tá seachadadh ar an gcéanna á thabhairt chun críche faoi láthair ag an Roinn Comhshaoil, Pobal agus Forbartha Áitiúil (RCPRÁ).

### 4.4.2 An Clár Gníomhaíochta Pobail agus Cuimsithe Sóisialta (SICAP)

Beartaítear leis an gClár Gníomhaíochta Pobail agus Cuimsithe Sóisialta (SICAP), díriú ar dhul i ngleic le bochtaineacht, eisiamh sóisialta agus dífhostaíocht fhadtéarmach trí ghníomhaíocht áitiúil agus comhpháirtíocht idir dhaoine atá faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus le gníomhaireachtaí earnála poiblí agus beidh an clár i bhfeidhm ó Aibreán 2015 go Nollaig 2017.

Tá trí sprioc ag an gClár:

1) Tacaíocht agus acmhainní a sholáthar do phobail atá faoi mhíbhuntáiste agus spriocghrúpaí imeallaithe, dul i mbun cainte le páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla iomchuí i leith eisiamh sóisialta agus saincheisteanna comhionannais a ainmniú agus díriú orthu;
2) Tacú le daoine agus le spriocghrúpaí imeallaithe atá faoi mhíbhuntáiste oideachasúil chun go bhféadfaidh siad a bheith rannpháirteach go hiomlán, dul i mbun cainte agus tairbhe a bhaint as deiseanna foghlamtha fadsaoil tri chuir chuige forbartha pobail;
3) Dul i mbun cainte le spriocghrúpaí imeallaithe/daoine agus cónaitheoirí pobal atá faoi mhíbhuntáiste agus atá dífhostaithe ach nach bhfuil i dteideal soláthar seirbhíse fostaíochta príomhshrutha, nó a chuirtear ar aghaidh chuig SICAP, chun go mbeidh siad níos gaire don mhargadh saothair agus a n-ullmhacht chun oibre a fheabhsú agus tacú leo fostaíocht agus féinfhostaíocht a aimsiú agus deiseanna fiontair shóisialta a chruthú.

Foinse: https://www.pobal.ie/Publications/Documents/SICAP%20Requirements%202015.pdf

### 4.5 Cur i bhfeidhm

Is léir ón achoimre thuas go bhfuil deiseanna go leor ann chun oibriú i gcomhpháirtíocht le réigiúin áitiúla, réigiúnacha agus le réigiúin an AE, chun acmhainní a mhealladh chuig an réigiún seo. Déanann an creat maoinithe ilbhliantúil maoiniú timthriallach a chur ar fáil a éilíonn cur chuige réamhghníomhach, spriocdhírithe i leith maoiniú agus acmhainní a mhealladh chuig an gcontae. Leagtar síos réimse cuspóirí sa PÁEP atá i gcomhréir leis na dúshláin agus na deiseanna a fhéachann Coimisiún na hEorpa le díriú orthu. Tá aonad AE Chomhairle Contae Dhún na nGall ag obair le páirtithe ar bhonn leanúnach chun iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna ar fad atá ann chun acmhainní a mhealladh chuig an gcontae agus chun líonraí AE a ainmniú a dhéanfaidh leas agus tairbhe don chontae agus don réigiún i gcoitinne.

# Aguisíní

## Aguisín 1:
## Na hÚdaráis phoiblí agus na gníomhaireachtaí a mhaoinítear go poiblí ar tugadh fógra dóibh i leith ullmhú an PÁEP

- An Roinn Coimirce Sóisialaí.
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
- Traveller Interagency Group.
- An Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil.
- Tascfhórsaí na nDrugaí.
- Teagasc.
- An Bord Oideachais & Oiliúna.
- An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige/struchtúir áitiúla Tusla.
- An Garda Síochána/ An Coiste Comhphóilíneachta.
- Fáilte Ireland.
- An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.
- Údarás na Gaeltachta.
- Institiúidí Tríú Leibhéal.
- An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.
- Fiontraíocht Éireann.
- Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann (ÚFT).
- Solas (Údarás Oideachais agus Oiliúna).
- An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha.
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.
- Uisce Éireann.

## Aguisín 2:
## Ionadaíocht ar an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) agus an Coiste Forbartha Eacnamaíochta (CFE) & CPS do Phobal, Chultúr & Pleanáil Forbartha

**An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil**

| Ainm | Eagraíocht |
|---|---|
| Seamus Neely | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| An Comhairleoir Martin McDermott | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| An Comhairleoir Marie Therese Gallagher | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| An Comhairleoir Niamh Kennedy | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| Michael Tunney | Comhairle Contae Dhún na nGall (OFÁ) |
| Paul Hannigan | Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn |
| Maire O'Leary | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| Michael Mac Giolla Easbuig | Údarás na Gaeltachta |
| Shaun Purcell | An Bord Oideachais & Oiliúna |
| Anthony Doogan | Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain |
| Jim Slevin | Cuideachta Forbartha Áitiúil Dhún na nGall |
| Susan McCauley | LRP |
| Susan Mc Loughlin | LRP |
| Martin McBride | LRP |
| Emmett Johnston | LRP |
| Jan Feenstra | IBEC |
| PJ Hannon | ICTU |
| James O'Donnell | Ionadaí Feirmeoirí |
| Noreen Ní Mhaoldomhnaigh | Comhar na nOileán |

**An Coiste Forbartha Eacnamaíochta**

| Ainm | Eagraíocht |
|---|---|
| John Nugent | ÚFT |
| Carole Brenan | Fiontraíocht Éireann |
| Micheal Mac Giolla Easpuic | Údarás na Gaeltachta |
| Mary O'Malley | BOO |
| Michael Tunney | OFÁ |
| Padraic Fingleton | CFÁDG |
| Andrew Ward | CFIE |
| Nóirín Uí Mhaoldomhnaigh | Comhar na nOileán Teo |
| Jan Feenstra | IBEC |
| Andrew McNulty | Ionadaí pobail LRP |
| Maire O'Leary | FSS |
| Paul Hannigan | ITLC |
| An Comhairleoir John Campbell | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| An Comhairleoir Paul Canning | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| An Comhairleoir Frank McBrearty | Comhairle Contae Dhún na nGall |

| | |
|---|---|
| An Comhairleoir M T Gallagher | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| An Comhairleoir John Ryan | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| An Comhairleoir John O'Donnell | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| Seamus Neely | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| Michael Heaney | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| Paddy Doherty | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| Barney McLaughlin | Comhairle Contae Dhún na nGall |

**An Beartas Pleanála, Fiontair agus Eacnamaíochta CPS**

| **Ainm** | **Eagraíocht** |
|---|---|
| Barry McMenamin | Tionscal na Tógála |
| Lisa McMonagle | Talmhaíocht/Feirmeoireacht |
| Peter Cutliffe | Gnó/Tráchtáil |
| Dermot McLaughlin | Cúrsaí Comhshaoil |
| Annette Patton | Pobal/deonach / cuimsiú sóisialta |
| Charlie Kelly | Ceardchumann |
| Nicholas Crossan | Comhalta Tofa Co. Co. Dhún na nGall |
| Dessie Shiels | Comhalta Tofa Co. Co. Dhún na nGall |
| Paul Canning | Comhalta Tofa Co. Co. Dhún na nGall |
| Albert Doherty | Comhalta Tofa Co. Co. Dhún na nGall |
| Enda Bonner | Comhalta Tofa Co. Co. Dhún na nGall |
| Maire Therese Gallagher | Comhalta Tofa Co. Co. Dhún na nGall |
| Martin Harley | Comhalta Tofa Co. Co. Dhún na nGall |
| Niamh Kennedy | Comhalta Tofa Co. Co. Dhún na nGall |
| Garry Doherty | Comhalta Tofa Co. Co. Dhún na nGall |
| Bernard McGuiness | Comhalta Tofa Co. Co. Dhún na nGall |
| Sean McEniff | Comhalta Tofa Co. Co. Dhún na nGall |
| James Pat McDaid | Comhalta Tofa Co. Co. Dhún na nGall |
| Liam Blaney | Comhalta Tofa Co. Co. Dhún na nGall |

## Aguisín 3
## Ionadaíocht ar an nGrúpa Beart Cuimsithe Sóisialta Leathnaithe

| **Ainm an Ghrúpa Pobail** | **Ainm an Ionadaí** | **BUS/ BUS Leathnaithe** |
|---|---|---|
| Michael Ó hÉanáigh | Comhairle Contae Dhún na nGall | BUS |
| Crona Gallagher | Bord Oideachais & Oiliúna Dhún na nGall | BUS |
| Annette Patton | Comharchumann Oibrithe Pobail | BUS |
| Gearóid Ó Maonaigh | CFÁDG | BUS |
| Sean O Gallchóir | Údarás na Gaeltachta | BUS |
| Tracey Mitchell | Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí an Iarthuaiscirt | BUS |
| Máire O Leary | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | BUS |
| Avril McMonagle | Coiste Cúraim Leanaí Dhún na nGall | BUS |
| Shauna McClenaghan | Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain | BUS |
| Denise McCool | Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain | BUS |
| Hugh Friel | Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall | BUS |
| Siobhan McLaughlin | Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall | BUS |
| Colette Stuart | An Córas Faisnéise Saoránach | BUS |
| Margaret Glackin | *Action Inishowen* | BUS |
| Eileen Burgess | Seirbhísí Cultúir, CCDnG | BUS |
| Finola Brennan | Líonra Ban Dhún na nGall | BUS |
| Susan McCauley | CCDnG/ Ionad Acmhainne Teaghlaigh | BUS |
| John Andy Bonar | Institiúid Teicneolaíochta Dhún na nGall | BUS |
| Charles Sweeney | Comhairle Contae Dhún na nGall | BUS |
| Loretta McNicholas | Comhairle Contae Dhún na nGall | BUS |
| Lynda McGavigan | Comhairle Contae Dhún na nGall/ Tithíocht | BUS |
| Caroline McCleary | Comhairle Contae Dhún na nGall, AUS | BUS |
| Maureen Kerr | Comhairle Contae Dhún na nGall, SC | BUS Leathnaithe |
| Myles Sweeney | Comhpháirtíocht Spórt Dhún na nGall | BUS Leathnaithe |
| Noreen Doogan | MABS | BUS Leathnaithe |
| Shaun Hannigan | Comhairle Contae Dhún na nGall, SC | BUS Leathnaithe |
| Fiona O'Shea | Iompar Tuaithe | BUS Leathnaithe |
| Kieran Doherty | Fóram Alcóil | BUS Leathnaithe |
| Sean McGrory | *Jigsaw* Dhún na nGall | BUS Leathnaithe |
| Caroline Mason Mohan | FSS | BUS Leathnaithe |
| Anne Sheridan | FSS | BUS Leathnaithe |
| Kate Wilkinson | FSS | BUS Leathnaithe |
| Maria McInnes | Tusla | BUS Leathnaithe |
| Anne McAteer | FSS | BUS Leathnaithe |
| Chief Superintendent Terry McGinn | An Garda Síochána | BUS Leathnaithe |
| Francis Byrne | An Roinn Coimirce Sóisialaí | BUS Leathnaithe |
| Padraic Fingleton | CFÁDG | BUS Leathnaithe |
| Denis Kelly | Comhairle Contae Dhún na nGall | BUS Leathnaithe |
| Sinead Harkin | Comhairle Contae Dhún na nGall | BUS Leathnaithe |
| Margaret Fitzgerald | Comhairle Contae Dhún na nGall | BUS Leathnaithe |
| Georgina Adu-Boahene | Clár Idirchultúir Dhún na nGall | BUS Leathnaithe |
| Billy Banda | Banc Bia Dhún na nGall | BUS Leathnaithe |

| **Ainm an Ghrúpa Pobail** | **Ainm an Ionadaí** | **BUS/ BUS Leathnaithe** |
|---|---|---|
| Marty Keeney | Seirbhís Óige Dhún na nGall | BUS Leathnaithe |
| Paula Leonard | Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall | BUS Leathnaithe |
| Gina Grant | Siondróm *Down* Dhún na nGall | BUS Leathnaithe |
| Jim Nash | Comhpháirtíocht *New Horizons* | BUS Leathnaithe |

## Aguisín 4
## Ionadaíocht an Nasc-Ghrúpa maidir le hUilechuimsitheacht Shóisialta

| **Ainm an Ghrúpa Pobail/Eagraíocht** | **Ainm an Ionadaí** |
|---|---|
| Gníomhaíocht Lucht Scoir Éireann | Kevin Monaghan |
| 19ú Grúpa Gasóg Dhún na nGall (Leifear/ Cluain Lao) | Joe Boland |
| An Mhachaire Le Chéile Teo | Frances Boyle |
| Comhairle Paróiste Ard an Rátha | Mary McGowan |
| Grúpa Ban Ard an Rátha | Louise Breslin |
| Airtrítis Éireann, Brainse Dhún na nGall | Sarah Meagher |
| *Autism Support* Dhún na nGall | Dolores Bonner |
| Fóram Sláinte Pobail Bhéal Átha Seanaidh & Bhun Dobhráin | Christine Ovens |
| Grúpa Forbartha Ealaíon Pobail Bhalair (DCA) | Caroline Bell |
| Tionscadal Bia Pobail Charn Domhnach, Páirc Bhaile *Barrack* | Janine Strong |
| CLG Bhun Cranncha | Jim Doherty |
| *Youth Drop- In* Bhun Cranncha | Andrew Garvey- Williams |
| Grúpa Pobail Bhun Cranncha | Val O'Kelly |
| Cairde le Chéile | James McClean |
| *Cara House FRC* | Susan McCauley |
| PFP na Rosann | Norah Cullinan Breslin |
| Cumann Tithíochta Clúid | Deirdriú Murray |
| Coiste Forbartha Anagaire | Jimmy Duffy |
| Coiste Forbartha Oileán Ruaigh | Máire Uí Dhochartaigh |
| Coláiste Samhraidh Chara | Maireád Uí Bhrádaigh |
| Comhairle Paróiste Chill Chartha | Seán Ó Beirne |
| Comhaontas Forbartha Pobail | Annette Patton |
| Grúpa Drámaíochta an Chraoslaigh | Ellen Druce |
| Grúpa Ban an Chraoslaigh | Sally Kelly |
| Ionad Ban Dhún na nGall | Roisin Kavanagh |
| Siondróm *Down* Dhún na nGall | Amber Pyper or Gina Grant |
| Grúpa Tacaíochta Fibrimiailge Dhún na nGall | Jude Bromley |
| Clár Idirchultúir Dhún na nGall | Georgina Adu- Boahene |
| Fóram Dhún na nGall Theas | Louise Brelin |
| Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall | Siobhan McLaughlin |
| Seirbhís Óige Dhún na nGall | Lorraine Thompson |
| Seirbhís Óige Dhún na nGall | Charlene Logue |
| Pobal Dhún Cionnaola Teo. | Michael Cunningham |


| **Ainm an Ghrúpa Pobail/Eagraíocht** | **Ainm an Ionadaí** |
|---|---|
| Ionad Lae Fhánada | Danny Kelly |
| Foróige | Eimear O'Connor |
| *Foyle Sailability* | Karen McCormick |
| IFAN | Shauna Clenaghan/ Denis McCool |
| Fóram Pobail Inis Eoghain | Margaret Glackin |
| Fóram Pobail Inis Eoghain | Joseph McLaughlin |
| Fóram Pobail Inis Eoghain | Winifred Northy |
| Líonra Faisnéise Ban Inis Eoghain (LFBIE) | Mary Doherty B |
| Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann | Mary McGrenra |
| Club Óige Chúil na gCuirridín & Crosbhóithre | Maggie Gilbert |
| Seid na bhFear Chill Mhic Réanáin | Micheál M. Fadden |
| LAn Teo. | Bearnaí Ó Gallchobhair |
| C.D.P. Leitir Ceanainn Teo. | Margaret Toner |
| Cuideachta Cheantar Ardeaglaise Leitir Ceanainn Teo. | Donnan Harvey |
| Comhairle Ceardchumann Leitir Ceanainn | John Quinn |
| Seirbhísí Óige & Teaghlaigh Leitir Ceanainn (LYFS) | Garry Glennon |
| *Lifestart Services Ltd*. | Mary Walker Callaghan |
| *Manorcunningham Community Development Association Ltd.* | Carmel Doherty |
| Ionad Acmhainne Teaghlaigh Mhíobhaí | Marrietta Herraghty |
| Líonra Ban Dhún na nGall | Finola Brennan |
| New Horizons Partnership Ltd. | James Nash |
| *Parentstop Ltd* – Seirbhís Tacaíochta Tuismitheora Chontae Dhún na nGall | Patricia Lee |
| Pobail le Chéile | Owen Curran |
| Ionad Acmhainne Teaghlaigh Ráth Bhoth | Tony McDaid |
| Grúpa Pobail Disléicse na Rosann | Sheila McBride |
| Spraoi agus Spórt Family Centre Ltd. | Helen Nolan/ Tracy Doyle |
| Cumann na gCúramóirí | Rose McBrearty |
| Ionad Cruthaitheach *Joyce Cary* | Martin Lynch |
| Tír Boghaine Teo | Evanna Schorderet |
| Banc Bia *We Care LK* | Billy Banda |

## Aguisín 5
## Ionadaíocht na Rúnaíochta LRP

| **Ainm** | **Ainm an Ghrúpa Pobail/Eagraíocht** |
|---|---|
| Máirin Uí Fhearraigh | Comharchumann na nOileán |
| Louise Breslin | Comhairle Paróiste Ard an Rátha |
| Dermot McLaughlin | *Wild Inishowen* |
| Helen Nolan | Spraoi agus Spórt Family Centre |
| Andrew McNulty | Ealaíona Pobail Forbartha Bhalair |


| Ainm | Ainm an Ghrúpa Pobail/Eagraíocht |
|---|---|
| Francis Coyle | Coiste Ionad Oidhreachta *Isaac Butt* |
| Martin McBride | Gréasán Pobail Thuaisceart Dhún na nGall |
| Anne McGowan | Coiste Bailte Slachtmhara Leitir Ceanainn |
| Finola Brennan | Comhchoiste Náisiúnta Gréasán Ban Pobalbhunaithe |
| Joseph McNulty | Cúram Leanaí Bhun Dobhráin |
| Ralph Sheppard | Cairde Éanlaith Éireann |
| Patricia Murphy | Grúpa Liamhán Gréine na hÉireann |
| Keith Corcoran | Cairde Éanlaith Éireann |
| Kate Morgan | Ionad Acmhainne Teaghlaigh *Downstrands* |
| Annette Patton | Comhaontas Forbartha Pobail |
| Paul Kernan | Pobal le Chéile |
| James Trearty | Grúpa Glanadh Suas an Tearmainn |
| Karen McCormick | *Foyle Sailability* |
| Joe Boland | 19ú Grúpa Gasóg Dhún na nGall |

## Aguisín 6:
## An tOrdlathas Lonnaíochta Uirbí do Chontae Dhún na nGall.





*(Foinse: Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2012- 2018)*


## Aguisín 7:
## An toise spáis do na hIonaid Forbartha/Moil



**Aguisín 8:**
**Acmhainní Nádúrtha Eischósta na hÉireann – 'Fíorléarscáil na hÉireann'**




| Wind resources over open sea (more than 10 km offshore) for five standard heights | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 10 m | | 25 m | | 50 m | | 100 m | | 200 m | |
| | $m s^{-1}$ | $Wm^{-2}$ | $m s^{-1}$ | $Wm^{-2}$ | $m s^{-1}$ | $Wm^{-2}$ | $m s^{-1}$ | $Wm^{-2}$ | $m s^{-1}$ | $Wm^{-2}$ |
| (purple) | > 8.0 | > 600 | > 8.5 | > 700 | > 9.0 | > 800 | > 10.0 | > 1100 | > 11.0 | > 1500 |
| (red) | 7.0-8.0 | 350-600 | 7.5-8.5 | 450-700 | 8.0-9.0 | 600-800 | 8.5-10.0 | 650-1100 | 9.5-11.0 | 900-1500 |
| (orange) | 6.0-7.0 | 250-300 | 6.5-7.5 | 300-450 | 7.0-8.0 | 400-600 | 7.5- 8.5 | 450- 650 | 8.0- 9.5 | 600- 900 |
| (green) | 4.5-6.0 | 100-250 | 5.0-6.5 | 150-300 | 5.5-7.0 | 200-400 | 6.0- 7.5 | 250- 450 | 6.5- 8.0 | 300- 600 |
| (light blue) | < 4.5 | < 100 | < 5.0 | < 150 | < 5.5 | < 200 | < 6.0 | < 250 | < 6.5 | < 300 |



**Aguisín 9:**
**Plean Náisiúnta Leathanbhanda – Léarscáil Ceantar Idirghabhála Stáit i gContae Dhún na nGall**

